ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 23

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

06.06.2012

Torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge deireanach

L. 8 agus 9

www.gaelsceal.ie

SLAD!

- **Suas le €750,000 le baint ó Raidió na Gaeltachta**
- **Imní faoin "repositioning" atá RTÉ a bheartú don tseirbhís**

Tuigtear do Ghaelscéal go bhfuil RTÉ chun €750,000 a bhaint ó bhuiséad Raidió na Gaeltachta. Deir an craoltóir náisiúnta go bhfuil siad chun "repositioning" a dhéanamh ar RnaG, ach níl duine ar bith sa stáisiún ag fáil aon mheabhair, go fóill cibé scéal é, ar an mbrí atá leis an téarma "repositioning".

An tseachtain seo caite a tháinig an téarma seo chun cinn i dtaobh an Raidió.

Is cosúil go bhfuil duine/daoine éicínt in RTÉ ag iarraidh "repositioning" a dhéanamh ar an Raidió chomh maith leis an rud céanna a dhéanamh le Lyric FM agus an RTÉ Guide. Baineann an téarmaíocht seo uilig leis na hiarrachtaí atá ar bun in RTÉ leis na fiacha móra atá ar an tseirbhís a laghdú.

Buailfear buillí móra ar Raidió na Gaeltachta san iarracht sin.

Gan trácht ar an "repositioning" tá an méid seo ar eolas ag foireann Raidió na Gaeltachta:

- **tá RTÉ ag iarraidh deichniúr de laghdú a dhéanamh ar an bhfoireann;**
- **tá RTÉ ag iarraidh €750,000 a shábhailt as an méid atá siad a chaitheamh ar Raidió na Gaeltachta in aghaidh na bliana.**

Ar lean ar leathanach 2

Dearmad Déanta ag Dáithí!

Máirtín Ó Catháin

TÁ na mílte tuairimí ag an eacnamaí agus an t-údar David McWilliams faoin gcaoi ab fhearr leis an tír seo a chur chun cinn agus a rialú.

Ach ní cosúil gurb é is fearr ag baint meabhrach as an bhféilire. Bhí McWilliams ceaptha a bheith ar dhuine den phainéal ag seimineár faoi mhúnlú agus faoi fhorbairt bailte móra sa gClochán Dé Sathairn seo caite.

Bhí an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, i measc na gcainteoirí freisin in éineacht le Martina Moloney, bainisteoir Chomhairle Contae na Gaillimhe; Conor Skehan, saineolaí pleanála agus Micheál Ó Néill ó chomhlacht forbartha pobail Iar Chonamara Teo.

San ardtráthnóna a bhí an painéal cainteoirí le bheith ar an stáitse san amharclann in Óstáin Theach an Stáisiúin. Ach fuair an coiste eagrúcháin scéala téacs ó David McWilliams ag a 2 a chlog; ní raibh sé i ngar ná i ngaobhar don Chlochán. Bhí McWilliams gaite amú ar na dátaí agus é thuas i mBaile Átha Cliath.

Cé gur tuigeadh go bhféadfadh dearmad a bheith ar dhuine ar bith ní mó ná sásta a bhí an coiste, ná na daoine a tháinig chuig an ócáid (táille €25), nach raibh McWilliams ann - agus gan d'údar aige ach go ndeachaigh sé amú ar na dátaí.

Ar lean ar leathanach 3

€700,000 bainte ó bhuiséad an Acadaimh

Le Colm Ó Broin

TÁ ísliú suntasach de €700,000 le déanamh ar chaiteachas Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge an bhliain seo chugainn.

Laghdú 14% ar an gcaiteachas sa bhliain acadúil reatha, €6.1 milliún, atá ann. Tá maoiniú an Acadaimh laghdaithe ó €10 milliún in 2008.

"Le go mairfeadh muid caithfidh muid €700,000 a bhaint ón mbuiséad ionas gur féidir linn na costais a chlúdach," arsa Stiúrthóir an Acadaimh, Dónal Ó Braonáin.

"Bhí easnamh €250,000 againn anuraidh agus bhí ar an Ollscoil é sin a sheasamh, ní féidir linn iarraidh orthu €700,000 a chlúdach an bhliain seo chugainn."

Ar lean ar leathanach 2

Gaoth Dobhair Buacach!

Ar Bís! Buaiteoirí an Chomórtais Sinsir, Comórtas Peile na Gaeltachta 2012 - Gaoth Dobhair. Bhuaigh siad ar Chill tSéine, Co. Mhaigh Eo sa chluiche ceannais.

NUACHT NÁISIÚNTA

SLAD!

Ar lean ó leathanach a haon

Tuairim is €8m. sa mbliain a chaitheann RTÉ as sheirbhís Raidió na Gaeltachta anois.

As sin caitear €7.2m ar phá rud a fhágann go bhfuil €800,000 fanta le caitheamh ar an gcraoladh féin - cláracha, spóirt agus nuacht chomh maith le freastal ar ócáidí poiblí agus pobail, sin le cois seirbhísí ilghnéitheacha eile.

San iarracht atá ar bun acu le scaoileadh le deichniúr foirne in R na G tá RTÉ ag súil go nglacfaidh deichniúr le híocaíochtaí iomarcaíochta mar shocrú.

Thabharfaí cnapshuim airgid a bheadh ar aon dul le dhá bhliain go leith pá dóibh siúd a ghlacadh leis an socrú. Bheadh an pá sin bunaithe ar an bpá a bhí ann sular dearnadh gearradh siar in 2009.

Rinneadh idir 4% agus 12% de laghdú ar an bpá in RTÉ agus i Raidió na Gaeltachta trí bliana ó shin.

D'fhéadfadh thart ar €130,000 a bheith ag roinnt ball foirne, bunaithe ar an socrú sin.

Tá RTÉ ag díriú go háiríthe ar bhaill foirne atá idir 55 agus 65 le súil agus go nglacfaidh siad leis an socrú seo. Meastar go bhfuil go maith os cionn scór duine i Raidió na Gaeltachta atá san aoisghrúpa sin, nó ag bordáil air.

Ach de réir tuairiscí as an stáisiún, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach cúigear acu sin, ar a mhéid - go dtí seo - a mbeadh suim acu sa socrú.

Níl go leor blianta seirbhíse ar fhoireann an stáisiúin ag cuid den dream atá idir 55 agus 65 agus ní bheadh pinsean láidir acu dá bharr sin, dá n-imeoidís anois.

Tuigtear go bhfuil scéala tagtha anuas go laghdófar an caiteachas ar chláracha agus ar chraoladh dá réir murar féidir a theacht ar dheichniúr a imeoidh as an tseirbhís.

Ach fiú agus má imíonn gach a bhfuil ag teastáil, déanfar roinnt sceanairte ar an airgead reatha freisin.

Fágfaidh caillteanas baill foirne go mbeidh ar Raidió na Gaeltachta athruithe a chur ar an struchtúr oibre agus foirne; ní féidir an cineál céanna cláracha - ó thaobh ábhair de ar chuma ar bith - a dhéanamh le foireann laghdaithe.

Níl a fhios an é seo an bhrí atá leis an bhfocal "repositioning".

Bhí an Teachta Éamon Ó Cuív ag iarraidh an tseachtain seo go dtabharfaí gealltanas gur cláracha agus craoladh trí mheán na Gaeilge amháin a bheadh ar Raidió na Gaeltachta amach anseo.

Cothaíonn an téarma "repositioning" amhras go bhféadfaí seirbhís an stáisiúin sin a nascadh ar bhealach éicínt le seirbhísí eile.

Nó an bhfuil an baol ann go ndúnfar cuid de na stáisiúin réigiúnacha ar deireadh thiar?

Rachel Ní Fhearraigh, Cailín Gaelach Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012. Bhí sí ag déanamh ionadaíochta ar son CLG Ghaoth Dobhair. Ina cuideachta tá a stócach, Danny Ó Cuireáin as Gaoth Dobhair. [PIC : TOMÁS Ó CUIREÁIN]

€700,000 bainte ó bhuiséad an Acadaimh

Ar lean ó leathanach a haon

Deir Ó Braonáin nach gcuirfear deireadh leis na cúrsaí a fógraíodh mar chuid den CAO i mbliana de bharr an chiorruithe. Beidh cúrsaí máistreachta ar siúl freisin. Tá seans ann go laghdófaí líon na n-ábhar atá ar fáil mar chuid de na cúrsaí, áfach.

Deir sé go ndéanfar athruithe móra ar na cúrsaí atá ar bun ag an Acadamh ó 2013/2014 ar aghaidh.

Tá sé i gceist athbhreithniú a dhéanamh ar líon na gclár, na modúl agus na gcúrsaí in ionaid uile an Acadaimh. Mar chuid den phlean déanfar dhá mhór-rannán de sheacht gcinn d'ábhair léinn.

"Eagraíocht réasúnta nua atá san Acadamh," arsa Ó Braonáin, "bunaíodh é in 2004 agus cuireadh tús le go leor cúrsaí. Tá maoiniú laghdaithe ó shin ach tá an córas atá againn bunaithe ar sheantuiscintí agus caithfear é a leasú."

"Beidh muid ag déanamh an oiread agus is féidir chun na cúrsaí ar fad atá againn a chur ar fail an bhliain seo chugainn."

Tá 70 duine fostaithe san Acadamh ar champas OÉG in gCathair na Gaillimhe, ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair. Deir Dónal Ó Braonáin nach ndúnfar ionaid an Acadaimh chun costais a laghdú.

Faigheann an tAcadamh maoiniú ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, ón Údarás um Ard-Oideachas, ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, táillí agus tionscnaimh thaighde. Tá laghdú de 15% tagtha ar an maoiniú a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas ar fáil d'ollscoileanna le blianta beaga anuas.

Tá maoiniú an Acadaimh laghdaithe 37% ó bhí 2008 ann. Chaill sé €2 milliún nuair a chuir Údarás na Gaeltachta stop le maoiniú don Acadamh in 2010.

Níl scéim iomarcaíochta mar chuid den phlean faoi láthair. Tá scéimeanna deonacha á dtairiscint don fhoireann maidir le saoire speisialta staidéir agus deiseanna athlonnaithe i rannóga eile de chuid na hOllscoile. Mar chuid den iarracht costas na foirne a laghdú, beidh deis ag an bhfoireann ar shosanna gairme chomh maith le socruithe oibre ar uaireanta laghdaithe a ghlacadh.

Easaontas idir RTÉ agus RnaG

Colm Ó Broin

TÁ easaontas idir RTÉ agus Raidió na Gaeltachta maidir le todhchaí an stáisiúin. Sheol RTÉ

cáipéis chuig Grúpa na gCeardchumann an tseachtain seo caite ag rá go ndéanfaí "repositioning" ar Raidió na Gaeltachta agus Lyric FM.

Níor thug RTÉ míniú ar céard atá i gceist leis an téarma, ach an chiall ghnó a bhaineann leis ná athrú a dhéanamh ar mhargaíocht, sprioclucht éisteachta agus an tseirbhís a chuirtear ar fáil.

Deir Ceannasaí Raidió na Gaeltachta, Edel Ní Chuireáin, nach bhfuil an cháipéis a chuir RTÉ chuig Grúpa na gCeardchumann cruinn.

"Maidir leis an gcáipéis faoi shábháil airgid in RTÉ a foilsíodh inné, is mian liom a shoiléiriú go bhfuil an chuid de a bhaineann le Raidió na Gaeltachta míchruinn," ar sise.

"Níl aon phlean ag RTÉ 'reposition' a dhéanamh ar Raidió na Gaeltachta. Níor pléadh an cheist ariamh."

Dúirt sí go raibh athbhreithniú á dhéanamh "ar an sceideal agus ar ghnéithe eile de riaradh na seirbhíse in iarracht airgead a shábháil."

Níl freagra tugtha ag RTÉ ar shéanadh Ní Chuireáin go fóill.

Gaelscéal

European Newspaper AWARD

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Dearmad Déanta ag Dáithí!

Ar lean ó leathanach a haon

Is cosúil go raibh socrú déanta leis scaitheamh maith roimh ré agus an dáta meabhraithe dó. Bhí corr chogar ag dul anonn agus anall go mba dhiabhlaí an rud é nach raibh fear a bhí seasta ag tabhairt mínithe ar an mbealach leis an tír a riaradh in ann an féilire a láimhsiú!

David McWilliams

[PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Chuaigh an chaint ar aghaidh d'uireasa McWilliams. Mar a thárla sé ní raibh go leor daoine ann; ní raibh mórán le cois deich nduine fichead ag imeachtaí an lae. Ba chuid é d'fhéile cheiliúrtha bhunú bhaile mór an Chlochán 200 bliain go ham seo.

Mar a thárla sé, bhí scéal ag dul thart go mbeadh léirsiú ann in aghaidh táillí éagsúla atá an tAire Comhshaoil a thabhairt isteach. Bhí an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, ceaptha béilí a bheith aige leis an dream a bhí ag freastal ar an gcomhdháil ach is cosúil gur ith sé a ghreim in áit éicínt eile. Bhí dream Fine Gaelach ag coinneáil súil thart freisin ar fhaitíos go mbainfí aon phlaic as an Aire agus tháinig na Gardaí ar dualgas. Mar a thárla sé, d'fhéadfadh sé go mbeadh agóid eagraithe ag "Glór na Tuaithe" ach bhíodar ag súil go gcasfadh an tAire leo. Ní bhfuaireadar scéal go dtí an oíche roimhe sin nach mbeadh an tAire Hogan ag caint leo. Ní raibh dóthain de thriáil acu le theacht don Chlochán ansin. Ní raibh an leithscéal sin ag David McWilliams.

Snámh timpeall Éirinn ar son na Gaelscolaíochta

Colm Ó Broin

TÁ snámh urraíochta timpeall chósta na hÉireann ar son na Gaelscolaíochta á eagrú faoi láthair. Rachaidh an t-airgead a bhaileofar le linn Snámh 2012 chuig na grúpaí Taca agus Aitheantas, a thacaíonn leis an nGaeloideachas ó thuaidh agus ó dheas den teorainn faoi seach.

Tabharfaidh na rannpháirtithe ar fad faoi shnámh cúig nóiméad amach ó gach contae sa tír a bhfuil cósta aige thar thréimhse dhá lá: Baile Átha Cliath, an Mhí, Lú, an Dún, Aontroim, Doire, Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Gaillimh, an Clár, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin.

Tá sé mar sprioc ag na heagraithe, Lorcan Mac Gabhann agus Marcas Mac Ruairí, 40 duine a mhealladh le páirt a ghlacadh sa snámh urraíochta.

"Is rud thar a bheith dúshlánach a bheas ann," arsa Mac Gabhann. "Nuair a théann duine isteach san uisce ar feadh cúig nóiméad íslíonn teocht an choirp, nuair atá sé sin á dhéanamh agat gach uair an chloig éiríonn sé an-chrua."

Bronnfar cártaí urraíochta ar na rannpháirtithe agus beifear ag súil go n-éireoidh le gach duine €300 a bhailiú do chúis na Gaelscolaíochta, thuaidh agus theas, nó €12,000 san iomlán. Beidh an imeacht ag tosú i mBaile Átha Cliath, maidin Dé Sathairn 22 Meán Fómhair agus críochnóidh sé an lá dar gcionn.

Roinnt de na daoine a bheas ag glacadh páirte in Snámh 2012 i mí Meán Fómhair.

Dá Ghaelscoil agus 90 scoil Béarla le foirgnimh bhuana a fháil

Katie McGreal

NÍL ach dhá Ghaelscoil ar an liosta de 92 scoil a gheobhaidh maoiniú ón Roinn i gcomhair foirgnimh nua ionas gur féidir leo bogadh amach as na foirgnimh shealadacha atá á úsáid acu faoi láthair, a d'fhógair an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, inné.

Tá cead ag Scoil Mologa i mBaile Átha Cliath agus Gaelscoil Osraí i gCill Chainnigh iarratais ar chead pleanála a chur isteach go dtí an Comhairle Contae agus gheobhaidh siad an t-airgead nuair a thosóidh siad an obair.

"Ní rud nua é dúinn an dá scoil sin a fheiceáil ar an liosta," a deir Nora Ní Loinsigh, leas-príomhfheidhmeannach Ghaelscoileanna Teo. "Bhí siad ar liosta cheana."

Tá 27% de Ghaelscoileanna na tíre fós gan foirgnimh bhuana agus tá 38% de Ghaelcholáistí ag múineadh a ndaltaí i bhfoirgnimh shealadacha.

"Is iad siúd a bhfuilimid buartha fúthu," a deir Ní Loinsigh.

Tá lucht Ghaelscoileanna Teo ag obair ar chás na scoileanna sin. Bhuail siad leis an Roinn Oideachais mí ó shin agus shíl Ní Loinsigh gur ghlacadar ar bhord an méid a bhí le rá acu ach tá imní uirthi nach dtuigeann siad cé chomh fada is atá na scoileanna sin ag fanacht ar fhoirgnimh bhuana.

Cumhacht ar bith ar Chomharthaíocht

Anton Mac Cába

NÍL aon chumhacht ag an gCoimisinéir Teanga ar chomharthaíocht ag ionaid toghcháin.

B'shin a dheimhnigh an Coimisinéir i bhfreagra a thug sé ar cheist ó Rossa Ó Snodaigh, gníomhaí Gaeilge agus ceoltóir ón gCluainín i gCo Liatroma.

Rinne an Snodach gearán nach raibh comhartha Gaeilge ar an aonad vótála áitiúil aige.

Dúirt urlabhraí thar cheann an Choimisinéara gur cheap an tAire Comhshaoil Cláraitheoir Contae mar Cheann Comhairimh don Reifreann.

"Is cosúil gur mar sin atá sé i gcás an Reifrinn seo," arsa an t-urlabhraí. "Ní thagann na Ceann Comhairimh faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla agus mar sin níl na dualgais faoin reachtaíocht maidir le comharthaíocht orthu. Is faoin Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta amháin atá sé comhlachtaí poiblí a thabhairt faoi scáth na reachtaíochta."

Dúirt Ó Snodaigh go raibh díomá air "nach bhfuil na ranna sásta an chumhacht a bhronnadh ar an gCoimisinéir, agus tír dátheangach a dhéanamh as an tír seo, seachas tír aonteangach mar atá i Sasana."

Gaelscéal

An bhfuil cluas agat do scéal?

IRISEOIR
Iriseoir ilmheánach lánaimseartha de dhíth
Tá Gaelscéal ag cuardach iriseoir ilmheánach.
Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar a sholáthar do gach cineál meáin a úsáideann Gaelscéal, is é sin ábhar i gcló sa pháipéar, ábhar foilsithe go digiteach, físeáin agus podchraoltaí. Ag obair faoi stiúir an eagarthóra, déanfaidh an t-iriseoir ilmheánach scéalta ábhartha a aimsiú, a fhiosrú agus a fhoilsiú.

Riachtanach
- Gaeilge chruinn idir scríofa agus labhartha
- Taithí iriseoireachta agus ábaltacht chun scéalta a fhiosrú
- Eolas agus paisean agat ar shaol na Gaeilge agus ar shaol na Gaeltachta

Inmholta
- Taithí ar iriseoireacht sna meáin chlóite Ghaeilge
- Taithí ar a bheith ag obair i seomra nuachta
- Taithí ar Quark Express
- Taithí ar úsáid an idirlín agus na meán sóisialta
- Séala an Chórais Chreidiúnaithe d'Aistritheoirí de chuid Fhoras na Gaeilge

Cé gur ag scríobh agus ag fiosrú scéalta a bheas an té a cheapfar, beidh ar an té sin tabhairt faoi dhualgais eile ó am go ham nuair is gá.

Cuir litir agus CV chuig eolas@gaelsceal.ie roimh 14 Meitheamh 2012.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Sinn Féin ag caitheamh le Caitlicigh mar 'shaoránaigh den dara grád'

"Táthar ag caitheamh go suarach leo, agus an bhéim uilig ag Sinn Féin ar an nGaeilge, agus gan cruthú postanna ar radar Shinn Féin"

Anton Mac Cába

IS comhartha ar chomh trína chéile agus atá Páirtí Aontachtach Uladh (UUP) ná racht a thug comhairleoir uaidh faoi mheánscoil Gaeilge i Machaire Fíolta.

Dúirt George Shiels, Leaschathaoirleach Chomhairle Mhachaire Fíolta, go raibh Sinn Féin ag caitheamh le Caitlicigh mar 'shaoránaigh den dara grád.'

Dar le Shiels, "táthar ag caitheamh go suarach leo, agus an bhéim uilig ag Sinn Féin ar an nGaeilge, agus gan cruthú postanna ar radar Shinn Féin."

Is suimiúil nach raibh focal cáinteach ar bith ón DUP. Baineann Shiels leis an sean-UUP. Ní labhraíonn sé le Sinn Féinigh ar an gComhairle.

Mar Leaschathaoirleach, cothaíonn sin deacrachtaí, mar gurb é Ian Milne ó Shinn Féin an cathaoirleach.

Nil an UUP cinnte cá seasann siad mar pháirtí. Cinnte, brúnn siad 'Breataineachas' go minic.

George Shiels, UUP, Leaschathaoirleach Chomhairle Mhachaire Fíolta

Tá coimhlint ar siúl idir an muintir atá thart ar Mike Nesbitt, ceannaire an UUP, agus eite traidisiúnta an pháirtí. Tá sin in ainneoin gur thug an eite thraidisiúnta tacaíocht dó agus é san iomaíocht don cheannaireacht.

Níl Nesbitt mórán níos mó ná trí bliana sa pháirtí. Tuigtear go bhfuil sé ag iarraidh fáil réidh le roinnt de na seanfhondúirí.

Féile na Gaeilge, Glaschú 2012

Katie McGreal

BEIDH an dara Féile na Gaeilge, Glaschú ar siúl ón Satharn seo, 9 Meitheamh go dtí deireadh na míosa, 29 Meitheamh.

Beidh Oíche na Scríbhneoirí le Ciorcal Scríbhneoireachta Ghaoth Dobhair ar siúl ar an Satharn seo ag 7.30in in 350 Sráid Sauciehall. Beidh na scríbhneoirí ó Dhún na nGall, Máirín Uí Fhearraigh, Síle Uí Ghallchóir, Máire Dreoilín agus Eoghan Mac Giolla Bhríde i láthair. Léifear dánta agus gearrscéalta as leabhar nua an Ciorcail Scríbhneoireachta, 'Go dtí an Lá Ban' freisin. Seinnfidh na ceoltóirí Doiminic Mac Giolla Bhríde agus Kayla Reed ag an ócáid chomh maith agus beidh saorchead isteach ag gach éinne.

Cuirfidh Doimnic Mac Giolla Bhríde agus Griogair Labhruidh ceolchoirm ar siúl in Halla Langside ar an Satharn i ndiaidh sin, 16 Meitheamh. Beidh an ceoltóir óg, Niamh Farrell ó Shligeach ag seinm ar an oíche freisin agus seinnfidh Ceoltóirí Chonradh na Gaeilge as Glaschú neart ceoil ann leis. Tá costas £5 ar thicéid don oíche agus tosóidh sé ag 8in.

Cuirfear an scannán, 'Kings' ar an scáileán in 350 Sráid Sauciehall saor in aisce ar an Máirt, 26 Meitheamh. Insíonn 'Kings' scéal grúpa ón nGaeltacht a théann ar imirce go Sasana sna 70aidí. Gheall siad go bhfillfidís ar Éirinn agus iad saibhir agus rathúil. Bhuaigh an scannán seo 5 ghradam Scannáin agus Teilifíse Éireannach (Irish Film and Television Awards) in 2008. Is scannán Gaeilge é le fotheidil Bhéarla.

Beidh Tráth na gCeist dátheangach ar siúl san Ivory Hotel ar Ascaill Langside ar an Aoine, 29 Meitheamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó cnag_glaschu@hotmail.com nó 0044 (0) 141 433 9495.

Déanfaidh Conradh na Gaeilge Glaschú ceiliúradh ar chultúr Gaelach na hÉireann, nua-aimseartha agus traidisiúnta, i nGlaschú trí fhilíocht, scannánaíocht, ceol agus damhsa leis an bhféile seo.

Grúpa oibre ar Chreat Straitéiseach

Anton Mac Cába

D'EISIGH Pobal an tuarascáil ó ghrúpa oibre s'aige ar Chreat Straitéiseach don Ghaeilge ó Thuaidh.

B'iad comhaltaí an ghrúpa ná an tOllamh Dónall Ó Baoill a bhíodh ag obair le hOllscoil na Banríona: an Dr Fionntán de Brún ó Ollscoil Uladh: agus an Dr Gabrielle Nig Uidhir ó Choláiste Ollscoile Naoimh Muire (Béal Feirste). Bhí, chomh maith, foghrúpaí ar na meáin agus ar an oideachas.

Socraíodh gan ach roinnt moltaí a chur sa tuarascáil. Aithníonn sé tábhacht an oideachais - agus tábhacht na scoileanna Béarla. "Ní mór aitheantas cuí a thabhairt do ról na scoileanna Béarla i gcur chun cinn na Gaeilge agus áiseanna agus tacaíocht a sholáthar dá réir," dar leis an tuarascáil.

Tá práinn leis an iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge taobh amuigh de Bhéal Feirste a spreagadh, ar bhonn práinne

Aithnítear nach é an bealach acadúil a théann achan duine a théann trí mheánscolaíocht Ghaeilge. Tá córas traenála in earnáil an Ghairmoideachais de dhíth "go háirithe orthu sin a fhágann an mheánscoil ag aois 16 agus ar mhaith leo leanúint lena gcuid oiliúna trí Ghaeilge ach nach dtéann go hollscoileanna agus go hinstitiúidí tríú leibhéal."

Ó thaobh na meán de, tá stáisiún raidió Gaeilge de dhíth sa Tuaisceart, stáisiún a bheadh ag craoladh ar a laghad 56 uair an chloig sa tseachtain.

Soiléiriú

IN eagrán na seachtaine seo caite, in alt dar teideal 'Athmhúscailt na Taibhdheirce' scríobhadh, "D'éirigh leis an Taibhdhearc cómhaoiniú de €6,000 a fháil ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón gComhairle Cathrach"

Ní raibh sé sin cruinn. Fuair an Taibhdhearc cómhaoiniú de €600,000 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón gComhairle Cathrach agus bhailigh siad féin €150,000 go dtí seo.

Moltóirí aitheanta d'Oireachtas Gaeilge Cheanada

Colm Ó Broin

BEIDH pearsana aitheanta as Éirinn ag déanamh moltóireachta ar chomórtais Oireachtas Gaeilge Cheanada an mhí seo chugainn.

Ina measc beidh iarCheannasaí na gClár TG4 agus iarléiritheoir RTÉ, Cillian Fennel, agus moltóir an Jig Gig ar TG4, Labhrás Sonaí Choilm Learaí.

Beidh an tOireachtas ar siúl ón 6-8 Iúil in ionad Ghaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir in Tamworth, Ontario) agus Óstán an Days Inn in Kingston, Ontario, nó 'Dún Laoghaire' mar a bhaist na heagarthóirí ar an mbaile.

Tá clár lán de chomórtais geallta don ócáid, idir caint, litríocht, amhránaíocht, ceol agus damhsa.

I measc na moltóirí eile a bheas i láthair beidh an ceoltóir, iarbhuaiteoir Chorn Uí Riada agus iarchraoltóir de chuid Raidió na Gaeltachta, Meaití Jó Shéamuis, mar aon le Máirín Uí Chéide, iarbhuaiteoir eile de Chorn Uí Riada agus Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge.

Mar aon leis na comórtais, beidh drámaí, seoltaí leabhair, céilithe, Club na Féile agus Féile Ghaelach ar siúl chomh maith.

£309,800 curtha ar fáil ag Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn do Chomhairle na Gaelscolaíochta

Ciarán Dunbar

TÁ an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn i ndiaidh £309,800 a chur ar fáil do thionscadal 'trasphobail' de chuid Chomhairle na Gaelscolaíochta, atá i mbun dul chun cinn na Gaelscolaíochta sa Tuaisceart.

'Le Chéile Trí Chultúr' is teideal don tionscadail.

Is é aidhm an togra seo ná deis a thabhairt do dhaoine as cúlraí éagsúla chun foghlaim faoin Ghaeilge agus faoin chomhoidhreacht a bhfuil ag idir Aontachtaithe agus Náisiúnaithe maidir leis an teanga de.

Beidh sé dírithe ar staid reatha na Gaeilge, ar stair na teanga, ar logainmneacha agus ar shloinnte, mar shampla.

Táthar ag súil go nglacfaidh na céadta páistí páirt sa tionscadal trasphobail seo, agus déanfar é a sheachadadh i gceantair fud fad Thuaisceart Éireann, lena n-áireofar ceantair faoi mhíbhuntáiste suntasach.

Is é an t-athmhuintearas atá mar théama lárnach ag an tionscadal seo agus é mar aidhm aige comhphlé nua a éascú idir daltaí sna Gaelscoileanna agus sna scoileanna siúd máguaird nach mbíonn teacht go minic iontu ar an nGaeilge ná ar an gcultúr a bhaineann léi.

Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn tríd an gclár acu 'Ag Roinnt san Oideachas' agus é faoi stiúir Chomhairle na Gaelscolaíochta.

Deir Dr Micheál Ó Duibh, Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta:

"Is céim chun tosaigh atá tábhachtach agus tráthúil é 'Le Chéile Trí Chultúr'. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí gur cuid luachmhar agus comhroinnte den oidhreacht chultúrtha atá ag gach duine í an Ghaeilge go háirithe na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

"Is é aidhm an tionscadail seo naisc phobail dhearfacha a thógáil idir na traidisiúin náisiúnacha agus aontachtacha agus traidisiúin nach iad sa tsochaí ilchultúrtha againn tríd an t-athmhuintearas, an chaoinfhulaingt agus an comhoibriú a spreagadh.

Tá muid buíoch don Chiste as an tacaíocht atá faighte againn leis an tionscadal seo a chur ar fáil."

Go dtí seo, ní raibh baint ag Comhairle na Gaelscolaíochta leis an gcineál seo oibre, Iontaobhas Ultach agus Gael Linn a phléigh le cúrsaí mar sin.

Dar le María Ní Bhuadáin, bainisteoir an tionscadail seo le Comhairle na Gaelscolaíochta, "Is rud nua ar fad é seo don Chomhairle, ní croíobair é."

Deir sí, áfach, nach i scoileanna Stáit (na Scoileanna ar a bhfreastalaíonn Aontachtaithe de ghnáth) a bheas feidhm leis an tionscadail seo.

"Níl a fhios ag 80% de phaistí ar bhunscoileanna Gaelacha cad is brí le sloinne s'acu mar shampla."

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Deir muidne 'Tá', deir an Ghearmáin 'Níl'

VÓTÁIL 60% den phobal glacadh leis an gConradh Fioscach an tseachtain seo caite. Bua láidir a bhí ann don rialtas agus dóibh siúd a mhol an conradh.

Tá sé ráite ag an Taoiseach, Enda Kenny, go mbeidh sé ag lorg athbhreithnithe ar théarmaí na tarrthála a rinne Éire ar bhainc na tíre. Dar leis, tacaíonn an vóta 'Tá' leis an iarracht seo. An teoiric taobh thiar den tuairim sin ná go bhfuil léirithe againn go bhfuil muid 'i gcroílár na hEorpa' agus nach bhfuil sé ar intinn againn mioscais a chothú.

Céad faraor, tá sé ráite ag urlabhraí Aire Airgeadais na Gearmáine cheana féin nach gceapann sé gur cheart ualach fiachais bhaincéireachta na hÉireann a laghdú. 'Drochchomhartha' a bheadh ann, dar leis. Tá uisce fuar caite ag oifigigh an Choimisiúin Eorpaigh ar iarratas an rialtais chomh maith.

An bundearcadh atá ag an rialtas ná go bhfuil Éire lag, gan cumhacht, agus mar sin go gcaithfidh muid tíortha móra na hEorpa a shásamh. Má dhéanann muid é seo beidh siad go deas linn agus cabhróidh siad linn le fiacha Bhanc Angla Éireann. Ar chúis éigin ceapann an rialtas go bhfuil polaitíocht na hEorpa difriúil ó pholaitíocht na hÉireann, go nglacann polaiteoirí ar an Mór-Roinn le moladh toisc go bhfuil sé ceart agus cóir, seachas go bhfuil leas ann dóibh. Cén fáth a mbeadh an Ghearmáin sásta a bheith 'go deas' linn, siadsan a bheas ag íoc as an laghdú ar fhiachais na hÉireann? An t-aon chúis go nglacfadh siad leis ná dá mbeadh orthu níos mó a íoc mura gcabhródh siad le hÉirinn, mar shampla, sa chás go loiceadh bainc na tíre ar fhiacha atá acu le bainc na Gearmáine. Níl an rialtas sásta é seo a bhagairt orthu, áfach. Mar sin, an seans is fearr atá ag Éire an t-ualach fiachais bhaincéireachta a laghdú ná má éiríonn leis an Spáinn cabhair a fháil dá cuid bancanna ón Eoraip. Tá sé ráite ag an nGearmáin nach bhfuil siad sásta glacadh le hiarratas na Spáinne ach an oiread. Beidh sé spéisiúil a fheiceáil cén chur chuige a bheas ag rialtas na Spáinne faoin gceist sna seachtainí amach romhainn.

Mhol Fine Gael, an Lucht Oibre agus Fianna Fáil vóta 'Tá' don Chonradh Fioscach. An éistfidh an tAontas Eorpach leo?

Deireadh leis an daonlathas

TÁ iarrachtaí ar bun i láthair na huaire chun todhchaí fadtéarmach an euro a chinntiú. Dar le nuachtáin sa Ghearmáin, tá Banc Ceannais na hEorpa agus oifigigh an Aontais Eorpaigh ag obair ar phlean chun naisc airgeadais agus pholaitiúla idir tíortha an euro a láidriú, plean a bheas réidh roimh dheireadh na míosa.

Tá sé ráite ag Angela Merkel go bhfuil níos mó comhordaithe ag teastáil sa limistéar agus dúirt Príomhaire na Spáinne, Mariano Rajoy, Dé Sathairn go mbeadh an tír sásta cumhachtaí faoi chúrsaí fioscach a ghéilleadh chun an t-airgeadra a shábháil. Ní fios go baileach cén saghas athruithe a bheadh i gceist, ach is cosúil go mbeadh níos mó cumhachta ná tá beartaithe sa Chonradh Fioscach fiú ag dul go dtí an Bhruiséil agus Frankfurt.

Seachas a bheith ag fáil ceannais ar ais nuair a thagann deireadh le clár tarrthála an AE-IMF in 2013, tá baol ann go mbeidh cáinaisnéisí na hÉireann faoi stiúir ag oifigigh sheachtracha fad is atá muid san euro. Táthar ann atá sásta dul níos faide ná seo, áfach. An mhí seo caite dúirt iarUachtarán Bhanc Ceannais na hEorpa, Jean-Claude Trichet, gur cheart tíortha i limistéar an euro nach gcuireann rialacha airgeadais i bhfeidhm a chur i "nglacadóireacht". Is éard atá i gceist leis sin ná go gceapfaí oifigeach de chuid an Aontais Eorpaigh chun an tír a riaradh.

Dar le Trichet bheadh sé seo "daonlathach" dá vótálfadh Comhairle na gCeannairí Eorpacha agus an Pharlaimint Eorpach ar a shon. Rinne sé an moladh le linn aithisc ag an Peterson Institute of International Economics in Washington. De réir tuairiscí, thacaigh iarAire Eacnamaíochta na Gearmáine, Caio Koch Weser, leis an bplean.

Léiriú eile é seo ar an mireacht atá ag fás i measc móruaisle an Aontais Eorpaigh. Tá muid tagtha go dtí an pointe anois go bhfuil fear a bhí i gceannas ar Bhanc Ceannais na hEorpa, ceann de na daoine is cumhachtaí san Eoraip, ag moladh go mbeadh an tAontas Eorpach ina eagraíocht fhoirmiúil chóilíneachta.

Seo an méid atá i gceist le moladh Trichet. Chuirfeadh sé deireadh le daonlathas i dtíortha nár shásaigh rialacha airgeadais an Aontais Eorpaigh.

Iarghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann, John Hurley, le iarUachtarán Bhanc Ceannais na hEorpa, Jean-Claude Trichet.

Bheadh an tAontas Eorpach i gceannas ar na tíortha a chuirfí i "nglacadóireacht", seachas pobail na dtíortha sin. Is cosúil gur ag smaoineamh faoin nGréig, an Phortaingéil, Éire, an Spáinn agus an Iodáil a bhí Trichet, agus ní ar an Fhrainc nó an Ghearmáin. Is beag seans atá ann go n-éireoidh le moladh Trichet, toisc gur beag seans atá ann go nglacfaidh tír ar bith san AE le stádas cóilíneachta san Aontas.

Léiríonn sé, áfach, an deighilt ollmhór ata idir tuairimí shaoistí na hEorpa agus tuairimí mhuintir an hEorpa agus go bhfuil na saoistí ar nós cuma liom faoi bhunphrionsabail dhaonlathacha.

Ag treisiú le tógáil na Gaeilge

Bunaíodh Ciste le maoinithe cuidiú a sholáthar do thionscadail chaipitil fhorbartha Gaeilge. Chinntigh Gearóid Mac Ádhaimh an ciste seo, **£8m** ar fad, ar chaibidlí Chromghlinne i Mí Feabhra 2010 agus díreoidh sé ar nuálaíochtaí caipitil a:

- Chuirfidh le hinbhuanaitheacht na mianta sóisialacha, eacnamaíocha agus cultúrtha atá ag pobal na Gaeilge sna Sé Chontae agus lasmuigh dóibh.
- Chuirfidh cuidiú airgeadais ar fáil i gcur chun cinn straitéiseach agus i bhforbairt phobal na Gaeilge.
- Éascóidh spreagadh forbairtí eacnamaíocha agus cruthú fostaíochta atá ina bhunchloch i bhforbairt phobal Gaeilge inbhuanaithe.
- Chuideoidh le heagrais le bealaí thógála maoinithe as foinsí eile a uasmhéadú.
- Chinnteoidh an fhorbairt leanúnach don Ghaeilge ar fud an Tuaiscirt.

Tuilleadh eolais ó:

Ciste was founded to provide much needed financial assistance towards Irish language capital development projects. The fund, amounting to **£8M,** was secured at the Hillsborough Talks February 2010 by Gerry Adams and will focus on capital initiatives to;

- Sustain and assist the social, economic and cultural needs of Irish language communities around the North of Ireland and beyond.
- Provide financial assistance in the strategic advancement and development of Irish language communities.
- Assist in the stimulation of economic development and job creation which is fundamental to the creation and development of viable sustainable Irish language communities.
- Work with groups to maximise funding from other sources.
- Play a crucial role in the growth of the Irish language across the North.

For further information, contact:

An Ciste Infheistíochta Gaeilge
Cultúrlann Uí Chanáin, 37 Mórshráid Shéamais, Doire, BT48 7DF
T: 028 71 264147/028 71 264149 E-mail: eolas@ciste.ie www.ciste.ie

Ag treisiú le tógáil na Gaeilge
An Ciste Infheistíochta Gaeilge

Cúrsa Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) 2012 – 2014

Mar adeir ár gcuid mac léinn: 'cúrsa thar barr ... spreagúil ... nuálaíoch ... ceannródaíoch ... scileanna tábhachtacha i gcomhthéacsaí oibre ... teastaíonn an Ghaeilge ghairmiúil'

Tá Roinn na Nua-Ghaeilge ag tairiscint Cúrsa Dioplóma páirtaimseartha sa Ghaeilge Fheidhmeach (Leibhéal 7) a mhairfidh ar feadh dhá bhliain. Is é príomhaidhm an chúrsa oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na mac léinn a fhreastalóidh ar an gcúrsa a ngnó gairmiúil a chur i gcrích go héifeachtach agus go tuisceanach trí mheán na Gaeilge. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 curtha i bhfeidhm go hiomlán agus is tábhachtaí ná riamh an dioplóma seo sa chomhthéacs sin. Cuirfear an cúrsa ar siúl ar an gcoinníoll go gcuirfidh dóthain iarratasóirí isteach air.

Caighdeán Iontrála: Ní mór caighdeán iontrála nach lú ná caighdeán ghrád D/D3 sa Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta ardleibhéil a bheith bainte amach ag iarratasóirí. D'fhéadfadh an Chomhairle Acadúil glacadh leis le daoine lánfhásta a mbeadh cothrom chaighdeán an mháithreánaigh bainte amach acu. Fáilteofar roimh mhic léinn fochéime chomh maith.

Costas: Is í an **táille laghdaithe don chéad bhliain (12/13) €900.**

Eolas Breise: **Oifig na Gaeilge Labhartha,**
Seomra G02, Áras Uí Rathaille, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Guthán: **021-4902314**, Facs : **021-4903329**
Ríomhphost : g.labh@ucc.ie

Ná dein a thuilleadh moille! Cuir isteach air inniu!
Bainfidh tú taitneamh agus tairbhe as.

Is é an dáta deireanach ar a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe

Déardaoin, 28 Meitheamh (June) 2012

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Luach eacnamaíochta na Gaeilge

Labhraíonn **Colm Ó Broin** le bunaitheoir Fiontar DCU, **Fionnbarra Ó Brolcháin**, faoin teoiric atá aige go gcabhródh athbheochan na Gaeilge le forbairt eacnamaíochta na hÉireann

C: Cén gaol atá idir an Ghaeilge agus cúrsaí eacnamaíochta dar leat?

F: An rud is tábhachtaí ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta faoi láthair ná go bhfuil...dhá chruth ar an ngeilleagar. Ceann amháin ná an geilleagar tionsclaíoch, ceann atá bunaithe ar earraí nó táirgí fisiciúla a dhéanamh agus a dhíol. Cuirtear an-bhéim air sin i bpolasaí na tíre seo, is é sin, gurb é sin 'an geilleagar'.

Ach an geilleagar atá ag éirí níos tábhachtaí, mar is eol dúinn go léir, rud nach gcuirtear mórán béime air nó nach ndéantar mórán machnaimh air, ó thaobh, mar shampla sa chás seo, an Ghaeilge, ná an geilleagar digiteach a bhaineann, abair, leis na meáin dhigiteacha, líonraí sóisialta, seirbhísí idirnáisiúnta.

Seo domhan atá i bhfad níos teibí, an rud atá á dhíol agus á cheannach nó an rud atá dhéanamh, ní rud fisiciúil atá ann go minic ach rud teibí a bhaineann le mothúcháin, smaointe, muinín.

Mar shampla, má fhéachann tú ar Facebook agus a leithéid is rudaí anteibí atá á dhíol nó á cheannach nó na seirbhísí atá ann. Ins an domhan sin, tá tábhacht faoi leith le rudaí a bhaineann le mothúcháin, féiniúlacht, ciall, brí nó '*meaning*' as Béarla, go bhfuil tuiscint ag an duine atá ag ceannach nó ag díol ar rudaí atá níos doimhne i gcroí an duine.

An acmhainn is luachmhaire sa domhan sin, an áit a bhfuil an fiúntas agus an luach ins an mbrí nó sa chiall nó san eispéaras a bhíonn ag daoine nuair a cheannaíonn siad (rud).

Níl aon rud fisiciúil ann, tá rud á cheannach acu atá an-teibí agus sa chomhthéacs sin tá luach níos mó agus níos mó ag baint leis an rud áitiúil, is é sin an chuimhne, cad as a dtagann tú, féiniúlacht, an tslí a bhraitheann tú ort féin i gcomhthéacs an domhain, agus sa chomhthéacs sin níl acmhainn níos luachmhara ag an tír seo ná an teanga.

An fáth go mbíonn rud luachmhar sa gheilleagar nua seo ná go mbíonn cuimhne agus luach faoi leith le heolas atá go doimhin i gcroíthe daoine agus chun é sin a spreagadh agus a athmhuascailt nó a athfhorbairt bíonn ort béim a chur ar rudaí atá i bhfad níos doimhne ná rudaí a fheictear i gcúrsaí oideachais de gnáth. Cuirtear an-bhéim ar theicneolaíocht nó mata nó ar eolaíocht agus rudaí mar sin, ach sa domhan ina bhfuil mise ag caint faoi níl siad sin leath chomh tábhachtach leis na rudaí a bhaineann le mothúcháin.

Tá siad sin deacair do pholaiteoirí a thuiscint, ní féidir leat iad a mhúineadh, tá tú in ann an comhthéacs a chothú, an milieu a chothú. Tá tú in ann timpeallacht a chothú ina bhfuil na rudaí sin á bhforbairt ag daoine agus ins an gcomhthéacs sin atá tábhacht leis an nGaeilge mar is as sin a spreagtar an luach.

Fionnbarra Ó Brolcháin, bunaitheoir Fiontar DCU atá ag léachtóireacht i Scoil Ghnó Smurfit i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath faoi láthair.

C: Dá mbeifeá ag iarraidh a chruthú do pholaiteoirí agus don lucht ghnó go bhfuil fiorluach eacnamaíochta leis an nGaeilge cén chaoi a ndéanfá é sin?

F: Thógfainn samplaí. Bíonn polaiteoirí agus lucht gnó na tíre seo i gcónaí ag caint faoi Steve Jobs, go ndéana Dia trócaire air. Bíonn siad ag caint ar Steve Jobs mar ghúrú iontach gnó, agus níl aon dabht faoi sin, ach ní gúrú teicneolaíochta a bhí ann, is gúrú cultúrtha a bhí ann agus ní thuigeann siad é sin.

Bíonn siad ag caint faoi Apple agus bíonn siad ag rá gur iontach an rud a rinne Steve Jobs leis an iPod agus an iPhone agus an domhan sin ar fad a bhain le Apple, ach cad a dhein Steve Jobs?

Thuig sé go raibh an luach in Apple, ní raibh sé ag baint leis an teicneolaíocht, tá an teicneolaíocht tábhachtach, (ach) chun iomaíocht cheart a dhéanamh, chun a bheith níos fearr ná duine eile, chun dul go hidirnáisiúnta agus postanna a chruthú, na rudaí atá polaiteoirí ag caint faoi nuair a bhíonn siad ag caint faoin ngeilleagar. Is é an rud is luachmhaire atá ag Apple ná na rudaí teibí.

Is é an fáth go gceannaíonn duine Iphone nó iPad ná na mothúcháin a bhíonn acu. Seo an rud a tharla le Nokia fadó. Anois, níl siad chomh hiomaíoch faoi láthair, ach an fáth gur éirigh go hiontach leo ag an tús ná gur thuig siad go raibh an luach a bhí sa ghléas soghluaiste teileafóin ag baint, ní leis an rud fisiciúil ach leis an stíl, leis an bhfón mar chuid de do phearsantacht. Tá an rud céanna ag baint leis an iPad agus Apple agus thuig Steve Jobs é sin.

C: Bheadh sé éasca do dhaoine an gaol idir cultúr agus cúrsaí turasóireachta a thuiscint, ach ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta, cúrsaí déantúsaíochta agus a leithéid, tá an gaol sin níos teibí, b'fhéidir. Bhí tú ag caint ansin faoi Nokia, anois tá Nokia lonnaithe san Fhionlainn agus cuirtear an Fhionlainn i gcomparáid le hÉirinn ó thaobh cúrsa teanga de go minic sa mhéad is go labhraíonn siad a dteanga dhúchais sa tír sin, ach an bhfuil aon bhaint ag láidreacht na Fionlainnise le ráth Nokia? Ar úsáid Nokia an Fhionlainnis ar aon bhealach chun an gnó sin a fhorbairt?

F: Ní dhearna sa tslí chúng sin a luaigh tú, ach d'úsáid siad é. Mhúin mé féin san Fhionlainn ar feadh na mblianta agus tuigim go maith na daoine ón bhFionlainn. Tá an cheist sin an-spéisiúil mar go minic téann polaiteoirí na tíre seo chuig an bhFionlainn agus deireann siad, "féach tá siad ag caitheamh céatadáin áirithe de GDP ar thaighde," agus deireann siad go minic go gcaithfidh muidne an rud céanna a dhéanamh mar tá ag éirí leo siúd agus má dhéanann muidne an rud céanna éireoidh linn mar an gcéanna. Is botún é sin, níl aon dabht ach go bhfuil R&D tábhachtach, ach ní hé sin an fáth go bhfuil ag éirí leis an bhFionlainn. An fáth go n-éiríonn leo ná seo; an teanga, ach i slí i bhfad níos casta ná mar 'theanga', mar a déarfá.

Is tír an-idirnáisiúnta í, is é sin le rá go bhfuil an-bhéim sa tír ar earraí agus seirbhísí a dhíol go hidirnáisiúnta.

Ag an am céanna, tá rud eile acu nach bhfuil láidir againne, is é sin go bhfuil siad fréamhaithe sa dúchas. Cuireann siad an-bhéim ar an oidhreacht atá acu, an teanga san áireamh, cé go dtuigeann siad nach bhfuil an Fhionlainnis ach á labhairt san Fhionlainn, tuigeann siad go bhfuil an Béarla, an tSínis nó na teangacha eile tábhachtach freisin.

De bharr go bhfuil cultúr láidir dúchasach acu, fréamhaithe, ag an am céanna ag damhsa leis an idirnáisiúnachas, go bhfuil an dá rud sin ag tarlú ag an am céanna, cothaíonn sé sin na hacmhainní atá dochreidte cumhachtach ó thaobh nuálaíochta a chruthú. Cad atá á dhéanamh againn sa tír seo?

Tá muid ag faire amach an t-am ar fad, is é sin, tá muid ag faire amach do chomhlachtaí ó Mheiriceá nó comhlachtaí idirnáisiúnta chun muid a shábháil.

Cinnte ó thaobh polasaí na tíre seo, feiceann tú é san easpa béime ar na healaíona, ar an teanga agus ar an gcultúr, feictear é mar eireaball de shaghas éigin, na rudaí a bhaineann le cultúr, agus dá bhrí sin, tá muid ag faire amach le haghaidh daoine eile,

– fíorbhuntáiste nó caint san aer?

na Meiriceánaigh, na Seapánaigh nó na Sínigh i láthair na huaire, chun muid a shábháil. Thuig na Fionlannaigh, agus tuigeann siad go fóill, gur meoin atá ann a bhaineann leo féin.

Níl siad ag cur teorainn timpeall orthu féin. Tá siad láidir de bharr go bhfuil siad ag déanamh an dá rud, sin an botún atá á dhéanamh sa tír seo ná agus feictear é ó thaobh na Gaeilge de agus an nasc leis an nuálaíocht agus an geilleagar.

Má tá an tír seo le bheith aniomaíoch go hidirnáisiúnta agus annuálaíoch agus an-láidir sa domhan nua seo a bhaineann le nuálaíochta agus le tecneolaíocht caithfidh muid an dá rud a dhéanamh ag an am céanna - caithfidh muid a bheith, ní amháin an-idirnáisiúnta, mar is buntáiste é an Béarla, níl aon dabht faoi sin, ach is míbhuntáiste é an Béarla mura bhfuil an Ghaeilge agat chomh maith mar an rud a tharlaíonn ná go mbíonn tú ag braith ar an rud ón taobh amuigh.

C: Is féidir le polaiteoirí an buntáiste a thugann an Béarla dúinn a thuiscint, mar shampla cloiseann siad Intel, nó cibé dream, ag rá gur ceann de na fáthanna go bhfuil siad ag déanamh infheistíochta anseo ná go bhfuil Béarla ag an bpobal. Ag an am céanna tá sé níos deacra a chruthú go mbeadh, mar shampla, déantúsaíocht dúchasach níos láidre dá mba rud é go mbeadh muid ag labhairt Ghaeilge.

Dar le Fionnbarra Ó Brolcháin chabhraigh láidreacht na Fionlainnise le forbairt Nokia.

F: Tá sé deacair. Uimhir a haon, déanann siad botún go minic de bharr go gceapann siad gur buntáiste i bhfad níos mó ó thaobh na gcomhlachtaí cosúil le Intel agus Microsoft é an Béarla. Má fheiceann tú na suirbhéanna is déanaí faoi seo, is é an buntáiste is mó atá ag an tír seo ná an ráta cánach ioncaim. Tá an Béarla aníseal mar cheann de na roghanna a bhíonn acu.

Nuair a chuireann tú ceist orthu, tuigeann siad go bhfuil Béarla ag formhór na ndaoine óga ar fud na hEorpa, mar sin ní buntáiste é ann féin. Mar sin, níl aon dabht nuair a chloiseann tú polaiteoirí ag caint faoin mBéarla, nuair a deir siad gur iontach an rud é go bhfuil Béarla againn léiríonn sé easpa tuisceanna ar an rud atá mé ag caint faoi.

An t-aon deis atá ann ná a léiriú dóibh cad atá ag tarlú faoi láthair.

Tá muid le 30 nó 40 bliain ag cur béime ar chomhlachtaí idirnáisiúnta a mhealladh go dtí an tír seo, bunaithe ar ráta íseal cánach, deontais agus a leithéid, agus níl muidne ag rá gur cheart stop a chur leis sin in aon chor, mar tuigimse go bhfuil buntáistí ann, ach ní éireoidh linn riamh, agus seo an pointe is tábhachtaí, ní éireoidh linn riamh na comhlachtaí dúchasacha nó geilleagar láidir dúchasach ina bhfuil comhlachtaí dúchasacha ag cothú na sórt postanna atá de dhíth sa tír seo, ní éireoidh linn riamh bunaithe ar chomhlachtaí idirnáisiúnta a mhealladh go dtí an tír seo.

Beidh orainn a bheith ag braith ar fhiontair dhúchasacha agus an t-aon slí chun fiontair dhúchasacha a fhorbairt i gceart ná i bhfad níos mó spreagtha a thabhairt do dhaoine chun i bhfad níos mó tuisceanna a bheith acu ar a ndúchas féin.

Mar an rud atá á dhíol agat ná an acmhainn atá acu, agus nílim ag caint faoi thurasóireacht anseo, tá nuálaíocht ag baint le rudaí ar nós nuatheicneolaíocht, seirbhísí domhanda de gach sórt, ceardaíocht, faisean, bia, deochanna, an réimse sin ar fad.

Cad atá ag teastáil chun nuálaíocht a chothú ins an domhan sin? Tá spiorad, tá féintuiscint.

Éinne a dhéanann anailís ar nuálaíocht, ní thosaíonn tú le heolaíocht, ní hí an eolaíocht an rud is tábhachtaí.

Seo an botún a dhéantar, ceaptar gur eolaíocht, nó réasúnaíocht, nó rationality, a bheith ag smaoineamh cosúil le heolaí nó teicneolaí nó innealtóir an rud is tábhachtaí.

Ní thosnaíonn tú mar sin, tosaíonn tú le mothúcháin. Is iad na mothúcháin a spreagann nuálaíocht agus sin an fáth go bhfuil mé ag déanamh nasc idir mothúcháin a bhaineann le nuálaíocht agus mothúcháin a bhaineann le hoidhreacht, an cultúr agus an teanga, mar baineann siad le ciall - an ndéanann mo shaol ciall dom féin?

An rud a spreagann nuálaíocht istigh in eagraíochtaí, i bhfiontair, i ndaoine aonaracha atá ag iarraidh fiontar a fhorbairt, ná mothúcháin agus is iad mothúcháin an acmhainn is luachmhaire a bhaineann leis an teanga agus an cultúr.

Níl aon easaontas idir na rudaí seo; tá siad go léir ceangailte le chéile.

Thuig Steve Jobs go raibh tábhacht ag baint leis na mothúcháin a bhí ag daoine nuair a cheannaigh siad earraí Apple.

Folúntas

ATHFHÓGAIRT: Oifigeach Foilsitheoireachta (conradh 10 mí)

COIS LIFE
www.coislife.ie

COIS LIFE FOILSITHEOIRÍ GAEILGE

Oifigeach Foilsitheoireachta de dhíth
Post lánaimseartha ar conradh 10 mí.
Sonraí iomlána ar an suíomh
www.coislife.ie

Spriocdháta le hiarratais: Dé hAoine 15 Meitheamh 2012

Foras na Gaeilge

arts council ealaíon funding literature artscouncil.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Torthaí Scéim Labhairt na

3,370 iarratas do Scéim Labhairt na Gaeilge – 12 iarratas do Phacáistí Eolais

Scoilbhliain 2010/11					
Contae	**Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG**	**Líon a thuill an Deontas Iomlán**	**Líon a thuill an Deontas Laghdaithe**	**Líon Diúltaithe**	**Líon iarratais le scrúdú fós**
Dún na nGall	1,166	811	153	202	0
Maigh Eo	205	52	44	109	0
Gaillimh	1,294	1,025	133	136	0
Ciarraí	399	242	58	99	0
Corcaí	167	106	23	38	0
Port Láirge	82	62	10	10	0
An Mhí	57	24	17	16	0
Iomlán don bhliain	**3,370**	**2,322**	**438**	**610**	**0**

Scoilbhliain 2009/10					
Contae	**Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG**	**Líon a thuill an Deontas Iomlán**	**Líon a thuill an Deontas Laghdaithe**	**Líon Diúltaithe**	**Líon iarratais le scrúdú fós**
Dún na nGall	1,136	802	152	182	0
Maigh Eo	236	36	62	138	0
Gaillimh	1,296	1,058	121	117	0
Ciarraí	374	245	61	68	0
Corcaí	167	104	32	31	0
Port Láirge	89	65	14	10	0
An Mhí	65	38	14	13	0
Iomlán don bhliain	**3,363**	**2,348**	**456**	**559**	**0**

Colm Ó Broin

RINNEADH 3,370 iarratas ar Scéim Labhairt na Gaeilge anuraidh, an bhliain deireanach den scéim.

Fuair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta 32 iarratas do phacáistí eolais faoi chomharba an SLG, an Clár Tacaíochta Teaghlaigh, ó fógraíodh é i mí Aibreáin, 12 ceann ó dhaoine sa Ghaeltacht.

Rinneadh níos mó iarratas ar an Scéim Ghaeilge anuraidh ná in 2010 (3,363) ach thit líon na dteaghlach a fuair deontas ó 2,348 go dtí 2,322.

D'ardaigh líon na dteaghlach a fuair deontas i nDún na nGall, i Maigh Eo agus i gCorcaigh ach thit sé i nGaillimh, i gCiarraí, i bPort Láirge agus sa Mhí.

Thit líon na dteaghlach a fuair deontas laghdaithe ó 456 in 2010 go dtí 422 in 2011.

Agus é ag caint faoi na torthaí, mhaígh an tAire Stáit Gaeltachta Dinny McGinley go bhfuil sé "aitheanta go forleathan ar feadh i bhfad nach raibh Scéim Labhairt na Gaeilge, dá fheabhas í, ar an scéim ab éifeachtaí chun tacú leis an seachadadh teanga ó ghlúin go glúin."

"Aithníodh go príomha nach raibh mórán tionchair ag an scéim sin ar iompar teanga theaghlaigh na Gaeltachta a raibh páistí ag aois réamhscoile iontu. Ar ndóigh, is í an aois sin an aois is tábhachtaí a fhad is a bhaineann sé le sealbhú teanga mar theanga teaghlaigh.

Rinneadh níos mó iarratas ar an Scéim Ghaeilge anuraidh ná in 2010 (3,363) ach thit líon na dteaghlach a fuair deontas ó 2,348 go dtí 2,322.

"Cuireadh deireadh leis an scéim dá réir ag deireadh na scoilbhliana seo caite agus tá an-áthas orm go bhfuil an Clár Tacaíochta Teaghlaigh, atá fite fuaite go dlúth leis an Straitéis 20 Bliain, tagtha i gcomharbacht ar an scéim seo."

Faoin gclár nua, cuirtear pacáistí eolais ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil páistí le Gaeilge.

Cháin Guth na Gaeltachta cur chuige na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, áfach.

"Níl cur amach ag móramh na dteaghlach i nGaoth Dobhair faoi na pacáistí eolais seo," arsa urlabhraí an ghrúpa, Domhnall Ó Cnáimhsí.

"Níl aon mhargaíocht ar bun ag an Roinn, níl siad ag déanamh iarrachta iad a dhíol leis na teaghlaigh."

Dúirt urlabhraí na Roinne go bhfuil bileoga eolais faoi na pacáistí scaipthe acu, in ospidéil, mar shampla, ach dúirt Ó Cnáimhsí nach raibh iomrá ar bith fá dtaobh dóibh in Ospidéal Leitir Ceanainn, áit a rugadh páiste leis le déanaí.

"Cé go raibh laigí le Scéim Labhairt na Gaeilge, thug sé slat tomhais dúinn faoi staid na teanga ach níl dóigh ar bith chun é sin a dhéanamh faoin chlár nua."

Dar leis, ní mór oifigigh Gaeilge a earcú sna Gaeltachtaí le tacaíocht leanúnach a thabhairt do thuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge, go háirithe mura bhfuil Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí.

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge'
Co. Dhún na nGall - Scoilbhliain 2010/11

Toghroinn	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
Alt na Péiste (Cuid)	8	5	1	2	0
An Clochán (Cuid)	37	14	11	12	0
An Clochán Liath	26	6	8	12	0
An Croisbhealach (Cuid)	121	82	20	19	0
An Grafaidh	6	2	1	3	0
An Leargan Mhór (Cuid)	1	0	0	1	0
Anagaire	136	102	17	17	0
Ard an Rátha (Cuid)	4	1	1	2	0
Baile na Finne	25	13	8	4	0
Carraig Airt (Cuid)	13	1	1	11	0
Cill Charthaigh	13	7	0	6	0
Cill Ghabhlaigh	3	3	0	0	0
Crannphort (Cuid)	4	0	0	4	0
Cró Beithe	8	4	0	4	0
Cró Caorach	2	1	1	0	0
Cró na Sméar (Cuid)	2	0	0	2	0
Dún Glas (Cuid)	1	0	1	0	0
Dún Lúiche	55	46	7	2	0
Fánaid Thiar (Cuid)	12	8	1	3	0
Fánaid Thuaidh (Cuid)	22	9	3	10	0
Galltacht	0	0	0	0	0
Ghleann Gheis. (Cuid)	2	2	0	0	0
Gleann Cholm Cille	29	12	9	8	0
Gleann Léithín	7	3	2	2	0
Gort an Choirce	128	117	10	1	0
Inis Caol	1	0	1	0	0
Inis Mhic an Doirn	6	2	1	3	0
Leitir Mhic an Bhaird	15	1	1	13	0
Loch Caol (Cuid)	0	0	0	0	0
Machaire	4	0	0	4	0
Machaire an Chlochair	238	216	15	7	0
Maol Mosóg (Cuid)	6	2	1	3	0
Málainn Bheag	7	1	3	3	0
Mín Charraigeach (Cuid)	1	0	0	1	0
Mín an Chladaigh	119	105	11	3	0
Mín an Lábáin (Cuid)	3	0	1	2	0
Na Dubhcharraigh	8	3	1	4	0
Na Gleannta (Cuid)	6	1	3	2	0
Ros Goill	37	10	9	18	0
Suí Corr (cuid)	0	0	0	0	0
An Tearmann (Cuid)	8	2	3	3	0
Árainn Mhór	42	30	1	11	0
IOMLÁN	1166	811	153	202	0

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge'
Co. Mhaigh Eo - 2010/11

Toghroinn	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
Abhainn Bhrain	6	2	1	3	0
Acaill	12	5	2	5	0
An Ceapach Dubh	3	2	1	0	0
An Geata Mór Theas	46	19	9	18	0
An Geata Mór Thuaidh	17	1	4	12	0
Baile Óbha (Cuid)	1	1	0	0	0
Baile an Chalaidh	3	2	0	1	0
Barr Rúscaí	2	0	0	2	0
Béal Deirg Mór	0	0	0	0	0
Béal an Mhuirthead	22	2	7	13	0
Cnoc an Daimh	25	10	5	10	0
Cnoc na Lobhar	9	0	1	8	0
Cnoc na Rátha	5	0	3	2	0
Corrán Acla	13	1	2	10	0
Dumha Éige	17	3	5	9	0
Galltacht	0	0	0	0	0
Gleann Chaisil	5	1	1	3	0
Gleann na Muaidhe	2	0	1	1	0
Guala Mhór (Cuid)	0	0	0	0	0
Moing na Bó	16	2	2	12	0
Na Monga	0	0	0	0	0
Partraí (Cuid)	1	1	0	0	0
Tamhnaigh na Graí	0	0	0	0	0
IOMLÁN	205	52	44	109	0

Gaeilge deireanach

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' Co. na Gaillimhe - Scoilbhliain 2010/11

Toghroinn Ceantair	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
Abhainn Ghabhla	19	16	1	2	0
An Caisleán Gearr (Barda)	4	1	2	1	0
An Carn Mór	6	2	0	4	0
An Chorr	6	2	1	3	0
An Cnoc	56	47	6	3	0
An Crampán	187	165	13	9	0
An Fháirche	15	5	7	3	0
An Ros	0	0	0	0	0
An Spidéal	61	44	14	3	0
An Turloch	39	37	0	2	0
Baile Chláir	4	1	0	3	0
Bearna (Barda)	21	6	4	11	0
Bearna. Tuathcheantar. (Cuid)	41	14	8	19	0
Camas	31	30	0	1	0
Ceathrú an Bhrúnaigh	2	0	0	2	0
Cill Aithnín	66	50	11	5	0
Cill Chuimín (Gaillimh)	114	105	6	3	0
Cill Chuimín (Uachtar Ard)	5	4	0	1	0
Cnoc na Cathrach (Barda)	2	1	1	0	0
Conga	15	8	1	6	0
Eanach Dhúin	8	1	2	5	0
Galltacht	0	0	0	0	0
Garmna	134	126	4	4	0
Inis Mór	94	81	7	6	0
Leitir Breacáin	1	0	1	0	0
Leitir Móir	85	79	5	1	0
Mionlach (Barda)	9	3	2	4	0
Maíros (Cuid)	1	0	0	1	0
Maigh Cuilinn	19	7	4	8	0
Na Forbacha	47	20	16	11	0
Na hUillinní	3	3	0	0	0
Sailearna	116	106	4	6	0
Scainimh	65	58	6	1	0
Sliabh an Aonaigh	16	3	6	7	0
Tulach Aodháin (Cuid)	2	0	1	1	0
IOMLÁN	1294	1025	133	136	0

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' Co. Chiarraí - 2010/11

Toghroinn	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
An Clochán	24	11	4	9	0
An Daingean	43	18	7	18	0
An Gleann Iarthach	2	1	0	1	0
An tImleach (Cuid)	9	1	2	6	0
An Baile Breac (Cuid)	5	1	1	3	0
Baile Dubh	5	0	2	3	0
Baile an Sceilig	18	5	5	8	0
Cathair Dónall (Cuid)	3	0	0	3	0
Ceannúigh (Cuid)	7	0	2	5	0
Cill Chúáin	43	36	4	3	0
Cill Maoilchéadair	35	32	1	2	0
Cinn Aird	21	11	3	7	0
Cnoc Bréanainn	10	5	1	4	0
Doire Fhíonáin (Cuid)	2	1	0	1	0
Doire Ianna	7	5	1	1	0
Dún Caoin	11	10	1	0	0
Dún Urlann	40	34	4	2	0
Fionntrá	22	12	6	4	0
Galltacht (Co.Chiarraí)	1	1	0	0	0
Loch an Choireáin (Cuid)	2	1	0	1	0
Maistir Gaoithe	2	1	0	1	0
An Mhin Aird	26	18	4	4	0
Márthain	12	9	3	0	0
Na Beathacha (Cuid)	1	1	0	0	0
Na Gleannta	46	28	7	11	0
Sráidbhaile (Cuid)	2	0	0	2	0
IOMLÁN	399	242	58	99	0

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' Co. Chorcaí - 2010/11

Toghroinn	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
Béal Átha an Ghaorthaidh (D) (Cuid)	12	6	2	4	0
Béal Átha an Ghaorthaidh (M) (Cuid)	24	19	3	2	0
Ceann Droma (Cuid)	12	6	1	5	0
Cill na Martra (Cuid)	12	7	2	3	0
Claonráth (Cuid)	8	6	1	1	0
Doire Fínín	3	2	0	1	0
Gort na Tiobratan	31	22	1	8	0
Na hUláin	24	11	7	6	0
Cléire (Cuid)	6	5	0	1	0
An Sliabh Riabhach	35	22	6	7	0
IOMLÁN	167	106	23	38	0

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' Port Láirge - 2010/11

Toghroinn	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
An Rinn (Cuid)	62	51	7	4	0
Aird Mhór (Cuid)	3	0	1	2	0
Baile Mhac Airt	17	11	2	4	0
IOMLÁN	82	62	10	10	0

Anailís ar Thorthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' An Mhí - 2010/11

Toghroinn	Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar SLG	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Líon iarratas le scrúdú fós
Baile Átha Buí (Cuid)	2	0	1	1	0
Cill Bhríde (Cuid)	12	5	4	3	0
Domhnach Phádraig(Cuid)	8	2	2	4	0
Galltacht	0	0	0	0	0
An Ráth Mhór (Cuid)	30	17	9	4	0
Tailtin (Cuid)	5	0	1	4	0
IOMLÁN	57	24	17	16	0

Scoláireachtaí €500

Áras Uí Thuama Gaeltacht UCC

Irish Language Residential Centre

An bhfuil tú ag smaoineamh ar fhreastal mar mhac léinn ar UCC an bhliain seo chugainn?

Thinking of going to UCC this year?

Ar mhaith leat árasán a roinnt le mic léinn eile le Gaeilge?

Would you like a Scholarship to live with other Irish Speaking Students?

Tuilleadh Eolais: Ionad na Gaeilge Labhartha
G02, Áras Uí Rathaille, UCC.
Tel 021 4902314 www.ucc.ie/igl
Dáta Deireanach: Dé hAoine 1 Meitheamh 2012

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Conas a oibríonn an corás nua do dheontas na mac léinn?

Míníonn **Patricia Uí Fhlaithearta**, Comhairleoir Gairmthreorach, an Corás nua do Dheontas 3ú Leibhéal 2012 -2013



Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath

TÁ corás nua ann anois chun iarratas a dhéanamh le haghaidh deontas 3ú leibhéal a fháil do mhic léinn atá ag cur isteach ar chúrsaí 3ú leibhéal den chéad uair i mbliana.

Ní bheidh na Coistí Gairmoideachais ná na Comhairlí Contae ag déileáil leis na hiarratas níos mó, is iad Coiste Gairmoideachas Chathair Bhaile Átha Cliath a bhéas ag déileáil leo as seo amach.

Is é an Deontas Cothabhála an phríomhfhoinse chun cúnamh airgeadais a thabhairt do mhic léinn agus ba cheart d'aon duine atá ag smaoineamh ar thús a chur le breisoideachas fiosrúchán a dhéanamh féachaint an bhfuil nó nach bhfuil siad cáilithe chun é a fháil agus, má tá, iarratas a chur isteach.

Lena bheith i dteideal dheontas na mac léinn a fháil, caithfidh tú a bheith i do chónaí go dlíthiúil in Éirinn ar feadh 3 bliana de na 5 bliana deiridh go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir ar chúrsa ceadaithe in institiúid cheadaithe.

Más rud é nach bhfuil cónaí ort ar feadh ar a laghad 3 bliana de na 5 bliana is déanaí, beidh ort sonraí a thabhairt ar d'ionaid chónaithe le 5 bliana anuas.

Más rud é go raibh tú i do chónaí go sealadach taobh amuigh d'Éirinn, toisc go raibh tú ag freastail ar chúrsa staidéir a bhí ceadaithe nó ag deanamh taighde iarchéime san Aontas Eorpach,(AE) ansin b'fhéidir go mbeidh tú cáilithe fós cur isteach ar dheontas.

Más mar sin atá an scéal, beidh ort a bheith i do chónaí go dlíthiúil in Éirinn ar feadh 3 bliana ar a laghad de na 5 bliana deiridh go díreach sular thosaigh tú ar an gcúrsa staidéir nó taighde.

Más rud é nach sásaíonn tú an riachtanas cónaitheachta in Éirinn, ach go raibh cónaí ort i mBallstát eile den AE, sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, nó san Eilbhéis ar feadh ar a laghad 3 bliana de na 5 bliana deiridh go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir, b'fhéidir go mbeidh tú cáilithe deontas do tháillí oiliúna amháin a fháil.

Chaithfear an t-iarratas a dhéanamh ar line agus ní bheidh aon iarratas ar pháipéar i gceist. Is do mhic léinn nua amháin an corás seo. Má tá tú sa Choláiste cheana fhéin beidh na Coistí Gairmoideachas agus na Comhairlí Contae fós ag déileáil le d'iarratas. Mar shampla, má tá tú ag dul isteach sa dara bliain nó sa tríú bliain agus araile. Aon mhac léinn atá ag cur isteach ar chúrsa iarArdteiste (PLC) nó ar chúrsa 3ú leibhéal den chéad uair atá i gceist.

Tá an t-iarratas ar line in ainm is a bheith le fáil i mBéarla agus i nGaeilge ón 12 Meitheamh ar aghaidh, a deir urlabharaí ó Choiste Gairmoideachas Chathair Bhaile Átha Cliath liom an tseachtain seo chaite.

Caithfidh an cúrsa/cúrsaí a bhfuil tú ag cur isteach air a bheith i gcoláiste atá ceadaithe agus atá lánaimseartha, ní féidir an choláiste a bheith príobháideach. Ní gá duit fanacht go dtí go mbeidh na cúrsaí 3ú leibhéal uilig roghnaithe agat sula dtosaíonn tú ar d'iarratas.

Ná fan ach an oiread go mbeidh torthaí na hArdteiste faighte agat sula gcuireann tú isteach ar iarratais do dheontas 3ú leibhéal. Ach na cuir d'iarratas faoi bhráid na n-údarás go dtí go mbeidh an t-eolas uilig líonta isteach agat.

Má athraíonn rudaí i do shaol pearsanta, mar shampla, má chailleann tú do phost nó arma ghearrtar do phá bí cinnte go gcuireadh tú SUSI ('Student Universal Support Ireland) ar an eolas faoi seo. Nuair a bheidh an t-eolas seo agat is féidir leat tús a chur le d'iarratas. Is féidir leat é a shábháil agus teacht ar ais chuige chomh minic agus is gá. Nuair a bheidh an t-iarratas déanta agat agus má tá tú sásta go bhfuil na ceisteanna uilig freagartha agat, is féidir leat é a chur faoi bhráid na n-údarás. Ná seol ar aghaidh é mura mbíonn tú sásta, mar ní féidir aon athrú a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Chomh luath agus a fhaigheann SUSI d'iarratas tosóidh siad ag obair ar. Scríobhfaidh siad chugat ag cuartú cáipéisí agus mura bhfuil sisd agat inseoidh siad duit cén áit ar féidir leat iad a fháil. Ba cheart go mbeadh tú ag bailiú na gcáipéisí uilig anois mar dá luaithe a dhéanann tú iarratas luaithe a gheobhaidh tú do chuid airgead agus tú ag tabhairt faoi do chúrsa 3ú leibhéal i Meán Fómhair seo chugainn. Tá seans ann freisin go mbeidh SUSI ag cuartú eolais bhreise, ar nós P21, P60 nó P45, ráiteas ón Roinn Leasa Sóisialaigh nó cuntais iomlána má ta do thuismitheoir/caomhnoir féinfhostaithe. Deir SUSI go mbeidh an deontas ag gach mic léinn taobh istigh de 6/8 seachtaine tar éis an iarratais a bheith déanta agus na cáipéisí uilig a bheith i gceart.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó
supportsusi@cdvec.ie
0761087874
studentfinance.ie
facebook.com/susisupport

Is iad seo na céimeanna a chaithfidh tú a thogáil

- Téigh ar an suíomh idirlin studentfinance.ie
- Clárú
- Bí cinnte go bhfuil d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí, agus uimhir do mhuintir/caomhnóir, tá siad seo le fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Ioncam do mhuintir/caomhnóir (2011)
- An catagóir d'iarratasóir lena mbaineann tú, mar shampla, an bhfuil tú faoi 23 bliain nó os a chionn.
- Teastas breithe, is é an leagan fada den bhunteastas breithe a theastóidh.
- Leibhéal an chúrsa, ní gá duit fanacht go mbeidh a fhios agat go cinnte cén cúrsa ar a mbeidh tú ag freastal chun iarratas a dhéanamh.
- Uimhir CAO, sin an uimhir 8 ndigit a fuair tú nuair a chur tú isteach ar chúrsaí tríd an CAO.
- Uimhir UCAS; má tá iarratas déanta agat ar chúrsaí sa Ríocht Aontaithe trí UCAS, beidh uimhir 10 ndigit agat.
- Náisiúntacht
- Cruthúnas go bhfuil tú i do chónaí sa tír seo ar feadh 3 de na 5 bliana atá caite
- Oideachas go dáta
- An bhliain a ndearna tú an Ardteist
- Ioncam
- Ioncam roimh cháin don bhliain 2011, mar shampla, fostaíocht, féinfhostaithe, ioncam ó chíos, coigiltis, iomarcaíochtaí, pinsin agus rl.

Is é Francois Hollande an polaiteoir is tábhachtaí san Eoraip anois

Anailís le Seán Ó Tuairisg, i bPáras na Fraince

Chaith mé formhór na bliana seo caite sa bhFrainc, rud a chuir ar mo chumas súil ghéar a choinneáil ar a raibh ag tarlú thall ansin. Tar éis tamaill bhig, bhí sé soiléir dhom go raibh ag teip go tréan ar Uachtarán na Fraince ag an am, Nicholas Sarkozy.

Bhí pobal na Fraince ag éirí tinn, tuirseach, agus go deimhin, lagmhisniúil, as an saghas dílseachta agus umhlaíochta, dar leo, a bhí ar siúl aige le Sainsiléir na Gearmáine, Angela Merkel.

D'éiríodar bréan, amach is amach, de na cartúin uile a bhí sna páipéir gach uile mhaidin, agus le himeacht aimsire, ní fhéadfá féachaint ar chlár maith polaitíochta ar an TV, gan cúpla ceann de na cartúin chéanna a fheiceáil. Níorbh nuacht a thuilleadh cruinniú mullaigh idir na beirte, na barróga, na póganna, fiú an meangadh céanna gáire ar na pictiúir.

Tháinig focal nua isteach sa bhFraincis: Mercozy, agus ba leor sin chun Nicholas a chur de dhruim seoil.

Tús na bliana seo caite, bhí laoch nua aimsithe ag pobal na Fraince, a chuirfeadh gainimh ar Sarkozy, agus a chuirfeadh bláth de shaghas éigin ar dhrochstaid eacnamaíochta na Fraince. Bhí, agus tá, bancanna na Fraince i ndroch-chaoi, de bharr a bhfuil amuigh orthu, chuig bancanna na Gréige, agus gan seans i mbéal muice acu, cent rua a fháil arais.

Go deimhin fhéin, laghdaíodh a ráta fiúntais ó XXX go dtí XX.

Ba é D.S.K, "Le Grand Seducteur", mar a thugadh an-chuid ban air, nó Dominick Straus Khan, iarUachtarán an Chiste Idirnáisiúnta Airgeadais, agus iar- Aire Airgeadais i rialtas na Fraince, an laoch nua a bhí chucu. Bhí go maith, agus níorbh fhéidir a dhóthain molta a thabhairt dó, ar gach uile chlár raidió, TV agus sna páipéir go dtí gur cuir sé a shúile thar a chuid, in óstán thall i Nua-Eabhrac. Ina dhiaidh sin, thosaigh na scéalta uile ag teacht chun solais, faoin dúil damanta a bhí aige sa ngarraí féir úd thall.

Le fin do DSK.

"Is iad na muca ciúine a itheann an mhin," níl aon seans go bhfuil mé ag tabhairt droch leasainm ar Francois Hollande, Uachtarán nuathofa na Fraince, mar is maith liom go mór é.

Tá mé a rá gur fhan sé go stuama críonna ciúin, i mbun a chuid oibre don Pháirtí Sóisialach, ab ansa lena chroí. Ba é páirtí Segelone Royal é, nuair a sheas sise i gcoinne Sarkozy, don Pháirtí Sóisialach. Tá ceathrar clainne orthu agus páirtí nua ag Francois anois.

Chuige seo atá mé. Ní haon "fág an bealach" é Hollande. Fear an-chliste, stuama, cruaoibre, ciúin é. Cainteoir líofa Gearmáinise, a bhain a chéim amach in Ollscoil Wúrtsburg.

Francois Hollande, Uachtarán na Fraince.

I mbeagán focal, tá polaitíochta na hEorpa athraithe ó bhun aníos aige san achar is giorra ama a bhféadfaí sin a dhéanamh. Chaith mé an choicís dheiridh dá fheachtas Uachtaránachta thall sa mBriotáin. Bhí mé i Lorient an chéad lá, nuair a d fhógair sé go misniúil cróga, beag beann ar éinne eile san Eoraip, Merkel san áirimh,

NÁRBH leor ciorraithe airgeadais, astu féin, chun eacnamaíochta na hEorpa a thabhairt aníos as an bpoll puitigh ina raibh/ agus ina bhfuil sí. Dúirt sé, agus mhínigh sé go glan soiléir, go gcaithfeadh fás agus forbairt eacnamaíochta a bheith ar siúl ag an am céanna, le ciorraithe airgeadais.

Bhí mé i Quimper (Kemper) an lá dar gcionn, nuair a d'fhógair sé, aríst gan fuacht ná faitíos, agus gan aon réamhfhógra do Merkel, go gcaithfí Bannaí Eorpacha a thabhairt isteach, agus an caillteanas millteanach airgid in Aontas na hEorpa, a roinnt ar na ballstáit uile.

Ar ndóigh, is polaiteoir den scoth é Hollande. Bhí, agus tá, drochbhaill ar eacnamaíocht na Fraince. Bhí toghchán na hUachtaránachta ar siúl. Bhí Sarkozy in a cheap magaidh ag pobal na Fraince. Bhí deireadh ré ag teacht le réimeas Merkel.

Bhí toghchán le bheith ar siúl in Notdrhein-Westphalen, 18.5 milliún duine, áit a bhfuair Merkel greadadh uafásach. Scanraigh sé seo Merkel agus na Gearmánaigh fré chéile, agus ag an am céanna, bhí carte blanche ag Hollande.

Choinnigh sé a shúil ghéar freisin ar pholaitíocht na Fraince: an toghchán do Pharlaimint na Fraince, i gceann coicíse, agus é ag tabhairt an-seans dá pháirtí Sóisialach féin móramh iomlán glan a bhaint amach.

Tar éis a insealbhaithe mar Uachtarán, chuaigh Hollande caol díreach chun casadh ar Merkel. Bhuail tintreach toirnigh an t-eitleán agus bhí air filleadh, sa tóir ar cheann eile.

Seo leis go Beirlín. Barróg ná póigín ní raibh le fáil ag Merkel. (Adieu, Sarkozy!) Bhí cruinniú maith oibre acu, ach rinne Hollande glan soiléir do Merkel nárbh aon Sarkosy é. Ré eile anois ...

Ag a gcéad chruinniú mullaigh, sa mBruiséil, ar an 23 Bealtaine, bhí roinnt cairde ó thíortha eile, ag fanacht le Hollande, agus iad buíoch beannachtach as a shoiscéal: Bannaí Eorpacha, agus Forbairt Eacnamaíochta, i dteannta na gCiorraithe Airgeadais.

Bhí an Ghearmáin glan i gcoinne a leithéid seo de pholasaí. Bhíodh Sarkozy de shíor ag iarraidh polasaithe a bheith aontaithe roimhré ag an bhFrainc agus an Ghearmáin.

D'imir Hollande carta cliste. Bhí cruinniú aige le Príomhaire na Spáinne, Mariano Rajoy, agus bhuaileadar beirt ar an traen chuig an Bhruiséil, don gcéad chruinniú eile. Nocht sé a thuairimí go glan soiléir tar éis an chruinnithe. Dúirt sé go gceapann Merkel go dtagann Bannaí Eorpacha i gceist, nuair a bhíonn gach ní eile socraithe, ach dar leis féin, go bhfuil Bannaí Eorpacha ag teacht sa gcéad áit.

Ach 'múineann gá seift', agus caithfidh an Ghearmáin bogadh. Theip ar an seanchaoi. Córas nua feasta; mar seo leanas:

Caithfear Aontas Baincéireachta a bhunú. Caithfidh Córas Bannaí a bheith i réim do gach taisce. Caithfear athchaipitliú a dhéanamh ar bhancanna na hEorpa. Caithfear córas ceart riaracháin a thabhairt isteach, ar fud an Aontais Eorpaigh. Taitníodh sé linn anseo in Éirinn, nó ná taitníodh, ní bheidh an dara suí sa mbuaille ag Aontas na hEorpach, ach Aontas Fioscach na hEorpa a thabhairt isteach, le Bannaí Eorpacha, san áirimh.

Tá Uachtarán na Fraince, Francois Hollande, iomlán ceart, dar liom, tús dearfach a chur le díospóireacht ar thodhchaí an euro. Níorbh leor cruinnithe na mbarróg agus na bpóg. Ní raibh iontu ach seafóid, agus tuille seafóide, mar ní raibh cóimheá agus cóimheas i gceist sa díospóireacht idir gach ball.

Ní bheidh an ród seo romhainn éasca, ná é. Ní bheidh fonn ar lucht an bhranda XXX, nós na Fionlainne, na hÍsiltíre agus ar ndóigh, na Gearmáine, fonnmhar mórán a ghéilleadh do na tíortha laga ar imeall agus ar deisceart na hEorpa.

Ach ní bheadh aon dea-thoradh in achrann fada a bheith idir an Fhrainc agus an Ghearmáin. Tá an Fhrainc i bhfad, i bhfad níos laige ná an Ghearmáin.

Caithfidh mé glaoch ar Mons. Hollande agus a rá leis nach bhfuil aon mhaitheas cártaí creidmheasa a dháileadh amach ar thíortha mífhreagracha, cosúil leis an tírín seo againne, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil agus an Phortaingéil, nó na PIGS mar a tugtar orainn anois!

Tá sé in am freisin córas soiléir freagrachta a thabhairt isteach, do Ranna Airgeadais agus Baincéireachta gach uile thír in Aontas na hEorpa, a mbeadh feidhm dhlí leis, agus an dlí sin a fháisceadh go géar ar éinne, nó gach éinne, a sháróidh an dlí sin.

Náire uafásach a bhfuil tarlaithe sa tír seo agus saol an mhadaidh bháin acu siúd uile a rinne an feall. Go dtí go gcuirfear dlí na tíre seo i bhfeidhm, ní bheidh cuma ná caoi orainn, nó an bhfuiltear ag fanacht go ndéanfaidh dream éicínt eile dúinn é, nuair nach bhfuil sé de mhisneach, ná de mhacántacht ionainn féin é a dhéanamh?

Agus príosún fada. Ach mo dhearmad, an do na bochtáin na príosúin, den chuid is mó?

Seachnaímis tuilleadh focal ar nós: GREXIT, EIREXIT, POREXIT, SPAXIT, agus ITAXIT.

Céard í mar oidhreacht í do na glúnta seo romhainn?

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

An Ardteist – ceart nó cóir?

An samhradh in Éirinn, is breá liom é. Is fearr liom é ná aon tréimhse eile den bhliain. Cén fáth, mar sin, a thosnaíonn na Scrúduithe Teistiméireachta ag an am seo bliana?ó gur le linn thréimhse na hArdteiste a tharlaíonn na laethanta is breátha sa bhliain, nó imeachtaí tábhachtacha ar nós Craobh Sacair na hEorpa....

Agus daoine óga fud fad na tíre ag cur tús le Scrúdú na hArdteiste inniu, agus iad faoi bhrú agus faoi strus, ní mór a rá arís gur drochtheist ar oideachas é an scrúdú céanna.

Ní hionann marcanna maithe a bhaint amach sa scrúdú agus miosúr iontaofa gur duine éirimiúil thú agus mura n-éiríonn leat, níl sé ceart nó cóir a rá gur 'theip' ort.

Is amhlaidh gurb í an Ardteist agus an próiseas 'oideachais' a dtagann sé mar chlabhsúr air atá ag teip ar an nglúin óg.

Idir scrúduithe, torthaí agus iarmhairtí na dtorthaí, is beag eile a bheidh formhór na ndaltaí gafa leo as seo go ceann ráithe, agus sin gan trácht ar an ullmhúchán ar fad atá déanta le blianta anois.

Agus sinn ag druidim le comóradh chéad bliain Eirí Amach 1916, d'oirfeadh dúinn gnéithe eile de réabhlóid Phádraig Mhic Phiarais a thabhairt chun cuimhne.

Míchothrom? Déanann breis agus 115,000 scrúdaithe gach bliain – ar cheart go mbeadh corás níos fearr ann? [PIC . MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

Labhair seisean amach in aghaidh an '*Murder Machine*', córas bunoideachais na linne mar gheall ar an mbealach a rinne sé beag den 'Éireannachas'.

Is cosúil gur beag atá feabhsuithe ó shin.

Ag Scoil Éinne, thionscnaigh An Piarsach réabhlóid a chinntigh go raibh oideachas iomlán á roinnt leis na daltaí – ní obair leabhair amháin ach drámaíocht agus spórt agus gnéithe eile den chultúr.

In ainneoin na cainte go léir a bhíonn ann mar gheall ar pháistí a bheith ag dul i raimhre, agus cé go múintear corpoiliúint ag an mbunleibhéal agus ag an méanleibhéal, níl sé ina chuid lárnach den siollabas mar atá sé i dtíortha eile, agus níl aon am do shaíocht agus do chultúr i siollabas ar bith, is cosúil.

Níl córas oideachais mar is ceart againn sa tír seo – níl againn ach córas scrúdaithe lochtach agus míchothrom a thugann buntáiste substaintiúil don saibhir thar an daibhir

Is iad seo na rudaí a mhúintear de bhreis ar an siollabas má bhíonn suim ag an scoil nó ag múinteoir iontu.

Bíonn comórtais idir scoileanna gan amhras i réimse leathan imeachtaí – ach tá taobh diúltach leis sin freisin.

Ní dheintear ceiliúradh ach ar an mbuaiteoir agus is beag suime a bhíonn i bhfeabhas na healaíne nó an spóirt a bhíonn i gceist seachas corn nó trofaí a thabhairt abhaile.

Ina shlí féin, is ceacht é sin don saol mór – ach mothaímse gur deis caillte é agus cuirim an locht ar an gcóras oideachais agus an mbéim a leagtar ar thorthaí seachas ar an bpróiseas as an bpriacal ina bhfuil an tír seo sáite faoi láthair.

Bhí ár gcinnirí – agus sinn féin freisin – gafa leis an mbrabús agus an ráta fáis agus na staitisticí a chruthaigh go raibh 'dul chun cinn' á dhéanamh nár tugadh faoi ndeara an laige a bhí ag croí an dul chun cinn sin.

Níl córas oideachais mar is ceart againn sa tír seo – níl againn ach córas scrúdaithe lochtach agus míchothrom a thugann buntáiste substaintiúil don saibhir thar an daibhir.

Tá 'athbhreithniú' ar bun faoi láthair ar an gcóras seo agus tá caint ann go mbeidh athruithe bunúsacha ar an gcóras.

Tá súil agam go dtagann tuar ar an dtairngreacht. Beidh sé ródhéanach domsa a rinne an scrúdú beagnach 30 bliain ó shin, faoi dhó, agus do gach duine eile a rinne agus atá ag déanamh na hArdteiste agus seo á léamh agat.

Ach b'fhéidir nach mbeidh sé ródhéanach do mo mhac agus m'iníon agus na mic is na hiníonacha eile a thiocfaidh inár ndiaidh.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Léirmheas ar Raidió na Gaeltachta

Donncha Ó hÉallaithe

Mar is eol dúinn, tá Raidió na Gaeltachta ar an aer le dhá scór bliain. Ní bhíonn aon léirmheastóireacht á dhéanamh sna meáin Ghaeilge ar na cláracha a bhíonn le cloisteáil ar an raidió agus ní raibh le fada. Ach bhíodh sna blianta tosaigh. Bhíodh léirmheas rialta ar an Irish Times ag Éanna Ó hEithir (1937-74), dearthár leis an scríbhneoir Breandán Ó hEithir.

Ag an am, bhí Éanna ag múineadh scoile in Inis Oírr. Bhí baint mhór aige le bunú an chomharchumainn ar an oileán, Comhar Chaomhán, atá ag feidhmiú i gcónaí, ag cur seirbhísí ar fáil don phobal.

Fuair Éanna bás go hóg, ag 37 bliain d'aois.

Sa léirmheas seo ar an tseirbhís úr raidió, a foilsíodh dhá mhí tar éis do RnaG a thíocht ar an aer, tugann sé léargas dúinn cé mar a bhí an tseirbhís nua ag an tús.

Irish Times, 6 Meitheamh, 1972

Cuid Pháidín den Mhéacan

"[....] Dóibh atá (agus a bhéas) ag éisteacht le Radio na Gaeltachta, céard tá le cloisteáil acu? Tá breis beag le dha uair a' chloig, ag tosnú ag an sé a chlog chuile thráthnóna, gan cabhair an Aingil Taifeadta, le nuacht agus tuar na haimsire. Críochnaíonn an craoladh le nuacht arís ar a hocht nó go luath ina dhiaidh sin. Faisean taithneamhach acu, de réir mar a fheileann sin, coinneáil orthú ag caint go mbí deire ráite ag chuile fhear, gan spléachas don chlog: súil agam nach ligfidh siad uathu an t-ord omóis sin, cómhrá roimh an gclog.

Idir an dá nuacht ta éagsúlacht maith cláracha dá gcur ar fáil, in ainneoin teirce fóirne agus ganntanas ama. Tá freastal cothrom dhá dhéanamh ar chuid mhór den phobal agus do chuid mhaith de na héisteoirí sé a locht a laghad. An t-aos scoile, b'fhearr leo fearasbarr céirníní, cláracha ó scoileanna, trath na gceist agus cluichí cainte ar nós fiche ceist, dramaí agus sraith-scéalta grinn nó eachtraíochta agus mar sin de. Bheadh éileamh ar aosghrúpa níos sine ná sin ar thuile cláracha eolais agus faisnéise, polaitíochta agus cúrsaí reatha chomh maith le roinnt mhaith dena cláracha ata luaithe leis an dream is óige ná iad. Muide atá i bhfad ar an saol, b'ait leis breis nuachta ón gcoigríoch, breis spíonadh ar an nuacht agus cúlra pholaiticiúil na n-imeachta áitiúla agus náisiúnta; ceol agus drámaíocht agus cláracha eolais ón saol thar lear chomh maith le agallamha agus díospóireachta le lucht riaracháin agus polaitíochta . Ina dteannta sin, ach an obair a bheith déanta go fuarchúiseach gan sprocht, tuairisc an tsean-tsaoil as ar fuinneadh pobal an lae inniu. Agus a lán eile, ar a dtráchtfar arís, faoina bheith slán dúinn.

Mar atá cúrsaí faoi láthair tá déirce bheag de mhórán dena gnéithe éagsúla sin dá soláthar duinn. Is ceann de iontaisí an tsaoil é go bhfuil dháréag éigin duine, a bhfuil a bhfurmhór i dtús taithí ar obair raidió, in ann seirbhís chomh slachtmhar, soineanta, súáilceach seo a thabhairt amach. Má tá bláth mar is ceart le bheith ar an tseirbhís raidió a deonadh dúinn tá cothú uaidh. In áit bheith ina phléisiúr, in a spreagadh, ina inspioráid don iarthar agus don tír fré chéile, an amhlaidh go ndéanfar ceap maga de os comhair an tsaoil cheal gnaíúleacht ná fad-radharc an lucht údaráis. Sé'n "eireabailín caol" i ndáiríre faoi láthair é, do réir chosúlachta. Tá an scéal go maith marar ubh deire líne a bronnadh orainn! A dháréag aingeal coimhdeachta, a charasa raidió, céard tá sibh a' rá nó a' dhéanamh?'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Todhchaí RTÉ Raidió na Gaeltachta

"Repositioning."

Sin an rud atá i ndán do RTÉ Raidió na Gaeltachta – an staisiún a bhain dua mhuintir na Gaeltachta amach dúinn.

Roghnaigh RTÉ an focal sin go cúramach agus d'aonchúis, ná bíodh aon amhras ann faoi sin.

Ní focal gan chiall é, faraor.

Cibé is ciall don bhéarlagair gránna sin, ní rud maith é do Raidió na Gaeltachta ná don Ghaeltacht.

Tá an tua á ardú i nDomhnach Broc ach titfidh sé i gCasla, i mBaile na nGall agus i nGaoth Dobhair, is baol.

Faoin am a bhfaighidh muid amach cad is ciall go díreach le '*repositioned*', beidh sé ró-mhall agus beidh Raidió na Gaeltachta '*repositioned*' agus '*repositioned*' go deo.

Is é an praghas atá orainn a íoc mar Ghaeil as ár gcearta teanga ná forairdeall síoraí – má dhéantar neamhaird de na cearta, bainfear uainn iad.

Ná glacaimis leis sin.

I ndeireadh na dála, faigheann lucht na Gaeilge, cáiníocóirí na hÉireann agus RTÉ fiú, luach ár gcuid airgid as RTÉ Raidió na Gaeltachta – an féidir an rud céana a rá faoi na seirbhísí Béarla?

Guímis gach rath ar gach duine a bhaineann le Raidió na Gaeltachta agus ar iarrachtaí s'acu chun an staisiún a chosaint.

Go mbeire siad bua.

Ach tá ról ag an bpobal ar fad sa streachailt seo. Múscail do mhisneach, a Bhanba! Éirímis as ár suan.

Tá gá in athuair leis an spioraid a bhain amach Raidió na Gaeltachta amach dúinn an chéad lá riamh.

Ná fanaimis soicind gan gníomhú – níl an t-am sin againn.

Is léir go bhfuil an scian amuigh le dul ag feannadh.

Scéim Labhairt na Gaeilge

TÁ torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge againn don bhliain 2010/11 anois. Léiríonn siad go bhfuil an Ghaeilge fos á labhairt agus go bhfuil sí fós ag páistí i gceantracha áirithe den Ghaeltacht Oifigiúil.

Tá líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán íslithe de bheagán ar an drochuair, thíos 26 teaghlach, ach ní titim thubaisteach é sin, cé gur léir nach bhfuil smacht againn ar mheath na Gaeilge sna Gaeltachtaí go fóill, áfach.

Tá dul chun cinn déanta i roinnt ceantar (de réir cosúlachta), caithfear amharc air sin go dearfach, caithfear sin a fhiosrú agus caithfear dóchas a chur ann.

Tá ceantair eile ann, faraor, agus is cuma cé chomh dóchasach is atá muid as todhchaí na Gaeilge – níl bealach ar bith ar ais i roinnt mhaith de na ceantair seo don Ghaeltacht – ag tosú as an nua a bheadh muid.

Fiú má dhéantar athbheochan iomlán ar an teanga sna ceantair sin, tá sé ró-mhall chun caint thraidisiúnta na gceantracha sin a shábháil.

Mar shampla, de réir cosúlachta, níl ach 8 dteaghlach ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt in Eachréidh na Gaillimhe.

I nGaeltachtaí Mhaigh Eo ar fad, níor thuill ach 52 theaghlach an deontas iomlán, 29 acu in dhá áit ar leith. Seans go mairfidh an dá áit sin, Ceathrú Thaidhg agus an Eachléim tamall maith eile mar Ghaeltachtaí ach tá an chuid eile de Ghaeltacht Mhaigh Eo caillte.

Ar an drochuair, níl staidéar cuimsitheach teangeolaíochta déanta ar anchuid de na canúintí a mhaireann go fóill. Táthar ag súil go ndéanfar na cainteoirí dúchais a mhaireann fós a thaifeadadh agus go ndéanfar staidéar cuí acadúil orthu sula gcaillfear an deis go deo.

Cá bhfios, seans go mbeadh athrú ar dhearcadh na ndaoine amach anseo agus go ndéanfar na canúintí sin a athbheochan (cé nach féidir sin a dhéanamh go hiomlán) mar atá ag tarlú i gcorr-áit sna Sé Chontae.

Tá ceist ann i gcónaí, ar ndóigh, faoi theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Moladh d'Aindrias

A Eagarthóir, a chara,

Thaitin an t-alt a foilsíodh i Gaelscéal na seachtaine seo caite (30 Bealtaine 2012) de chuid Aindrias Ó Cathasaigh go mór liom, a mholadh faoi rialacha a 'ghearrfadh dianphionós ar aon stát a ligeann don dífhostaíocht a ghabháil thar 5%' ach go háirithe.

Is cosúil gurbh fhiú bearta mar sin a ghlacadh má tá seasmhacht nó 'cobhsaíocht' ag teastáil ó bhunaíocht na hÉireann i ndáiríre. Caithfear an cheist a chur, muise, an bhfuil fíor-sheasmhacht ag teastáil uathu siúd?

Nó an féidir seasmhacht a chur ar bun le riarthóireacht nach bhfuil toilteanach cáin chuí a leagan ar lucht an rachmais ach leanacht ar aghaidh ag méadú bearna an ioncaim?

Pé scéal é, i dtaca le rud éicint eile a luaigh Ó Cathasaigh - 'is aisteach go leagfadh conradh síos rialacha do chóras nach ann dó fós (córas nach bhfaighidh aon phobal vóta air)' - is dóigh liom gur fiú aird a dhíriú ar an teachta dála Thomas Pringle atá ag bogadh cáis trí na cúirteanna faoi láthair ionas gur féidir vóta a bheith ag muintir na hEorpa mar gheall ar an gconradh eile a bhfuil tagairt á dhéanamh ag an gCathasach dó, an conradh ESM (Meicníocht na Cobhsaíochta Eorpaigh?) a bhunaigh an ciste úd. Níl mórán poiblíochta faighte ag an gcás go nuige seo lasmuigh den phíosa a scríobh Vincent Browne san Irish Times dhá sheachtain ó shin (Irish Times, 23 Bealtaine 2012) ach níl sé ina aonar; is gá a lua go bhfuil Ombudsman na hEastóine mar aon le hIar-Aire Dlí agus Cirt na Gearmáine ag tabhairt faoin gcás cúirte céanna ar son cearta na ndaoine Eorpacha.

Dá mba rud é go mbuafadh cás Pringle in Ardchúirt na hÉireann i mí Mheithimh agus sa Chúirt Uachtarach níos déanaí i mbliana tá gach seans ann, a fhad is go nglacfadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leis an gcinneadh, go dtabharfaí chun solais nach bhfuil bunús dleathach diongbháilte leis an ESM. Shamhlófá, má tharlaíonn sé sin, go dtitfeadh an tóin go huile is go hiomlán as an togra ar fad. B'fhéidir nár chóir do Kenny, Gilmore, Merkel srl. a gcuid sicíní a chomhaireamh sula dtagann siad amach!

Beir bua 's Beannacht,
Luke Callinan
Cill Tuama,
Baile Átha Luain.

Cúrsaí Aicme

A Chara;

Deinim talamh slán de gur maith is eol dod léitheoirí go roinntear iadsan atá i dteideal vótála i pé reifrinn nó toghacháin in aicmí dá ngairmtear: AB, C1, C2, DE. Is fiú a lua gurb iad an chéad ghrúpa an aicme is mó gustail sa tír, ná fuil sásta a gceart cánach a dhíol d'fhonn díol as a' bpoll súraic ina bhfuilimid. C1 an uas-mheánaicme - níl le rá fúthu san ach ditto. C2, an íos-mhéanaicme, DE an aicme gan post, gan ionadaíocht, gan faic. Ar an dá aicme dheireanacha san a luíonn a' bhróig i gcónaí nuair a thiteann a' tóin as a saol. Nó a' dtiteann?

Ní dheineann, má bhaineann tú le AB agus C1. Ag éirí ar a bpá san athá! Ach fan ... téann an scéal chun donais. An rud so ar a dtugtar 'daonlathas' cad tá ann i ndáiríre ach oligarcacht fé bhréigríocht an démos kraté .i. 'riail na ndaoine'.

Na páirtithe a ghlac páirt i rith na tíre seo ó bhunú an Stáit is do na hAB-anna agus na C1-anna a sheasaíodar an fód. Níl sna páirtithe a ghlac páirt sa rialtas ó 1922 ach urlabhraithe ar son an dá aicme sin, ná vótálfaidh go deo ach dóibh, páirtí an 'Lucht Oibre' san áireamh.

Níorbh ann riamh do fhreasúra sóisialach sa tír seo mar atá sa bhFrainc, abair anois fé Hollande, cé gur uiscealach, tanaí go maith an leagan den sóisialachas athá acusan.

Coimeádachas, smacht na heaglaise, polaitíocht an Choghaidh Chathardha is araile, milleánaítear as an anchás san, nó an ceal rogha san lena bhfuilimid i dtaoibh. A' magadh fúinn atáid, a' rá rudaí ar nós 'democracy came tumbling out of the ballot boxes', mar a dúirt Enda go caithréimeach a' lá eile os comhair Thithe an Rialtais. Dála an scéil dhá dtrian de chaoga fén gcéad de na vótáilithe a dúirt 'Tá', gunna Mauser curtha lena gceann.

Ba dhóigh le duine ar Enda gur dhá dtrian den iomlán a ghlam 'Tá'. Tugtar 'spiondhochtúireacht' ar a' saghas san mímhacáinteachta meata.

Rud eile, na hiriseoirí go léir sna meáin chraolta agus chlóite gur léir a gclaonadh i dtreo 'Thá!' cé na haicmí lena mbainid? Le AB agus C1, d'eile? mar deir a' ceann eile ...

Le meas
Pádraig Ó Cíobháin
69 An Cimín Mór
Bearna

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Ár gcomharsana ag taispeáint an treo!

Páidí Ó Lionáird

An chéad uair a cháiligh Éire do Chraobhchomórtas sacair idirnáisiúnta, bhí an tír ag bun bairille na hEorpa - cráite le fiachas idirnáisiúnta, dífhostaíocht agus imirce. Mar atá anois?

Is minic a deirtear ó shin gurbh shin iad na céad céimeanna téarnaimh dúinn. Bhíos i mo chónaí i Londain ag an am agus ba léir go dtí gur scóráil Ray Houghton an cúl diamhair úd in aghaidh an tseannamhaid - Sasana le Peter Chilton idir na cuaillí - nach raibh aon ní ag tarlú chun feabhas a chur ar chúrsaí sa bhaile.

Ní chreidfeadh éinne an t-atmasféar a bhí le tabhairt faoi deara i Londain agus an t-áthas a bhí ar dhaoine go raibh ticéad chun imeartha againn.

Cé a cheapfadh an tairbhe a dhéanfadh cúl fánach a scóráil Gary Mackay d'Albain in aghaidh na Bulgáire?

B'shin an tús de shraith imeachtaí a thug ardú meanman don tír ar fad agus dhá bhliain níos déanaí, bhí oileán na Naomh agus na nOllamh faoi bhrat uaithne na tacaíochta a bhí daingnithe ag an bhfoireann faoi stiúir Jack Charlton agus ag tabhairt aghaidh ar an Iodáil.

Bhíos tar éis filleadh ar Éirinn faoin tráth sin agus mé ag obair d'Ógras i mBaile Átha Cliath. Is maith is cuimhin liom an ardchathair a bheith ag luascadh agus ag tormáil le teann áthais agus gliondair gach uair a thóg foireann na hÉireann coiscéim ar pháirc na himeartha - sula raibh liathróid ar bith buailte acu.

Ár gcomharsana Breatnacha ag ceiliúradh Iubhaile na Banríona - an bhfuil siad níos fearr ag an gceiliúradh na muidne?

Agus ar éigin go raibh mórán le ceiliúradh againn ach an oiread - ba leor cluiche ar chomhscór sna laethanta sin chun an tír a iompú bun os cionn.

Trí cinn acu agus bhíomar cáilithe don chéad bhabhta eile - in aghaidh ár gcomharsan Sasana, an Éigipt agus an Ísiltír.

Ní raibh an tsúil chéanna le bua in aghaidh na bhfathach sna laethanta sin.

Ansin, tháinig an ócáid ba mó riamh i mo thuairim-se do shacar na hÉireann - bua in aghaidh na Rómáine ar chiceanna éirice, 4 - 4 agus ansin tharla an rud dochreidte. An bhfuil éinne thar trí bliana fichead d'aois nach cuimhin leo Packie Bonner ag léim faoina dheis gur shábháil sé cic éirice ón imreoir a gcuimhnímid air de bharr go raibh ainm cosúil le ainm seampú aige - Timofte.

Ar ndoigh bhí orainn cic amháin eile a thógaint agus a scóráil ina dhiaidh sin. Sheas duine de shearbhóntaí dílse na hÉireann i bhfoirm David O'Leary suas agus thiomáin sé an liathróid suas i ndíon na heangaí agus cháiligh muid don chluiche ceathrú ceannais in aghaidh thír na n-óstach, an Iodáil.

Agus cuimhnímid ar fad ar an ainm Schillachi agus an crá croí a chuir seisean orainn.

Ba chuma, mar bhí na laethanta sin dochreidte.

Bhíos ag faire ar chláracha teilifíse ár gcomharsana san BBC le cúpla lá anuas agus rith sé liom go bhfuil siad fíormhaith i mbun a gceiliúradh féin. Agus cén fáth nach mbeadh? Tá a bplátaí lán acu faoi láthair agus údar ceiliúrtha ag teacht ceann i ndiaidh a chéile chucu.

Beidh siad ag ceiliúradh na gCluichí Oilimpeacha sna seachtainí amach romhainn. Ní tharlóidh sé arís go ceann i bhfad go mbeidh a leithéid d'ócáid chomh gar sin dúinn agus le cúnamh Dé go dtabharfaidh ár bhfoireann aclaithe, fir agus mná na bhfoirne agus na hiomaitheoirí aonair údar ceiliúrtha dúinn roimh dheireadh na gcluichí sin.

Agus cuimhnímid ar fad ar an ainm Schillachi agus an crá croí a chuir seisean orainn. Ba chuma, mar bhí na laethanta sin dochreidte.

Tagann na Cluichí Oilimpeacha go pras ar shála ceiliúradh de shórt ar féidir linn a bheith deimhnitheach de nach bhfeicfimid arís choíche - ceiliúradh Iubhaile Diamainte na Banríona Eilís II.

Tá a fhios agam, d'ainneoin go séanfaí é seo go coitianta, go raibh na sluaite ag faire ar go leor de na hócáidí oifigiúla a bhí á gcraoladh ar an BBC i gcaitheamh an deireadh seachtaine saoire bainc dhúbailte, (coincheap nár chuala mé riamh cheana faoi ach coincheap atá le moladh mar sin féin).

Bhí an rásaíocht in Epsom Dé Satharn, áit ar scuab ár dtraenálaí óg agus a dhéagóir mic - Aidan agus Joseph O'Brien na príomhdhuaiseanna ar an lá.

Ansin, Dé Domhnaigh, sheol cabhlach de mhíle árthach agus long idir Putney Bridge agus Tower Bridge. Bhíos ag faire agus caithfidh mé a rá go raibh sé spleodrach in ainneoin na drochaimsire.

Agus an ceol - an ceol is deise le Ceolfhoireann Fhiolarmónach Londain agus Cór Aireagail ón gColáiste Ríoga - iad fliuch báite ach a gceol agus a nglórtha glórmhar.

Agus ar ndoigh bhí an ceolchoirm os comhair Buckingham Palace amach taobh leis an Victoria Memorial. Maithe agus móruaisle an cheoil - Elton John, Annie Lennox, Paul McCartney, Stevie Wonder, Jessie J., Tom Jones, Shirley Bassey, Robbie Williams agus buaicphointe na hócáide domsa, an t-amhrán a chum Andrew Lloyd Weber agus Gary Barlow go speisialta don ócáid, "Sing" agus canta ag os cionn dhá chéad ball de bhanna speisialta a bhailigh Barlow ar chamchuairt timpeall na Náisiúin den Chomhlathas Briotanach.

Comhghairdeas léi agus lenár gcomharsana sa Ríochta Aontaithe, is cuma an dtaitníonn a mbrat linn nó nach dtaitníonn. - Go ciúin agus laistiar de dhoirse dúnta, tá cion againn orthu.

Bhuel táimídne anseo ar tí aghaidh a thabhairt anois arís ar dhá eachtra mhóra eile, odaisé eile b'fhéidir?

Mar sin, tarraing ort do gheansaí uaithne agus tabhair do thacaíocht dóibh mar nach iontach a shamhlú go bhféadfadh siad seo an taoide a ardú arís dúinn mar a dhein a mBanríon dár gcomharsana?

Praiseach Prime Time RTÉ- dea-rud

Conall Ó Móráin

Ba é an file William Wordsworth a dúirt gurb éard a bhí sa bhfilíocht ná an athchuimhne a dhéanann muid ar ár gcuid mothúcháin agus muid ar ár suaimhneas. Tá cúpla seachtain caite anois, agus na deicheanna de mhílte focal scríofa, ó foilsíodh tuairisc Carragher faoi chlár Prime Time in RTE, an clár a rinne clúmhilleadh ar an Athair Kevin Reynolds. Tá sé in am machnamh a dhéanamh air.

Bhí focal amháin sa tuairisc ar ar dhírigh an-chuid iriseoirí chun léasadh cló a thabhairt dá gcuid 'comhghleacaithe iriseoireachta' in RTÉ - agus b'shin an focal nó an téarma 'slua- smaointeoireacht'. Anois is téarma gránna ann féin é ach níos mó ná sin creidim gur téarma gan chiall atá ann. Is féidir do rogha colúnaí agus eagarfhocail a léamh faoin tuairisc ach déanann gach aon duine acu trácht ar an 'smaoineamh-ghrúpa' sin. Agus, ní nach ionadh, ag braith ar mheoin agus ar pholaitíocht an té atá ag scríobh agus a gclaontacht i leith RTÉ, an chléir, liobrálaigh, srl., a bhaineann na colúnaithe seo míniú dá gcuid féin as an téarma.

Smaoinigh air seo. Abair, dhá mhíle bliain ó shin go raibh fear ann agus gur dúradh gur daoradh chun báis é, gur céasadh é, agus de réir tuairiscí a scríobhadh na céadta bliain ina dhiaidh, gur aiséirigh an fear céanna agus daichead lá i ndiadh a chéasta gur ardaíodh go dtí áit ar tugadh neamh é. Anois má bhreathnaíonn muid ar an scéal seo, gan mhothúcháin, ar ndóigh níl aon chiall leis. Creideamh amháin a bhaineann an scéal seo, bunaithe ar an tuiscint atá againne ar eolaíocht anois ní fhéadfadh a leithéid tarlú. Níl a leithéid de rud ann agus aiséirí. I measc na billiúin duine a saolaíodh ó thús an domhain níl aon chruthú, in aon chor, go bhfuil áit ann ar a dtugtar neamh. I bhfocail eile níl an chosúlacht air go bhfuil mórán do bhunús leis na fíricí sin, scéal Íosa. Ina ainneoin sin, tá na billiúin duine ar an saol a ghlacann leis gur mar sin a bhí. An féidir téarma dímheasúil cosúil le 'slua-smaointeoireacht' a chur ina leith fiú má ghlactar leis gur dea-rud na Deich nAithne atá mar bhunús an chreidimh ag Críostaithe. An drochrud é an 'slua-smaointeoireacht' seo?

Aofie Kavanagh agus í ag obair mar thuairisceoir le RTÉ
[PIC : PHOTOCALL IRELAND]

Má stopann rialacha na gCríostaithe muid ag marú a chéile ní dóigh gur drochrud é?

Níl orainn ach dul siar 70 bliain chun díriú ar dhuine agus ar dhream eile go raibh creideamh de shórt iomlán eile acu, arís 'smaoineamh-ghrúpa' a bhí ann, agus arís gan aon bhunús eolaíochta ag baint leis.

Thriall na Naitsithe sa Ghearmáin teoiricí eolaíochta d'úsáid chun 'a thaispeáint' go raibh Gearmánaigh (leis na gnéithe fisiceacha cearta, ar ndóigh) in uachtar ar dhaoine eile na

Ná buail le Banríon Shasana le linn di a bheith in Éirinn!

Banríona Shasana, Eilís II, ag déanamh scrúdú ar 'phinsinéirí Chelsea' mar chuid de cheiliúradh iubhaile di féin as a bheith i réimeas 70 bliain.

Eoghan Ó Néill

Sin mo chomhairle do Shinn Féin agus iad ag meabhrú ar cheart bualadh léi le linn a cuairte ar an Tuaisceart ar 26-27 Meitheamh.

Agus mise ag fás aníos, ba iad na manaí FTQ (tagairt maslach do Bhanríon Shasana) agus FTP (tagairt maslach don Phápa) a d'fheicfeá ar na ballaí seachas KAT (Maraigh gach Taig) agus KAP (Maraigh gach Protastúnach) an lae inniu.

An t-am sin, ag deireadh na 1960í, ba shiombail í Banríon Shasana de fhorghabháil na Sasanach ar na Sé Chontae, de chríochdheighilt agus de riail lofa na nAontachtach.

Na saolta seo, is ar éigean go bhfuil cead agat a lua go raibh 50 bliain de chos ar bholg ar bun ag Aontachtaigh.

50 bliain de shéanadh cearta is de scrios saoil na gcéadta mílte daoine. 50 bliain de bhrú daoine chun imirce nó go príosún.

Agus cibé rud a dhéanann tú ná luaigh go raibh an longchlós an Titanic, Harland & Wolff, ina bunáit ag biogóidigh arbh spraoi acu é 'Shipyard Confetti' a chaitheamh ar a gcomharsana cionn is gur mhór leo an Pápa seachas an Bhanríon.

B'údar suntais dom nár luaigh Martin McGuinness na drochlaethanta sin agus an t-ionad nua Titanic á oscailt aige le déanaí. Agus murar ceadmhach duit drochlaethanta Stormont a lua, ar éigean gur ceadmhach duit na saolta seo rud ar bith diúltach a rá faoi Bhanríon Eilís na Breataine.

An mbuailfidh Martin McGuinness léi le linn a cuairte ar na Sé Chontae?

Gach seans. Níl amhras orm ná go bhfuiltear ann in Sinn Féin, agus Martin McGuinness ar dhuine acu, a bheadh breá sásta bualadh le Banríon Shasana, dreas comhrá a dhéanamh léi faoin Premiership, faoina teaghlach, srl. Agus faill a thabhairt di cúpla focal Gaeilge s'aici a chleachtadh. Wow!

Ach ní dóigh liom go bhfuil tromlach i Sinn Féin a bheadh i bhfách lena leithéid. Go fiú i ndiaidh 25 bliain de bheith ag imeacht ó chuid mhór dá raibh tráth mar bhunteagasc acu, (ag aithint údarás Theach Laighean, ag cur gunnaí ó mhaith, ag dul isteach in Stormont, ag tacú leis an PSNI, srl.) is geall le bunteagasc go fóill é ag bunús Poblachtach nach mbuailfeadh a gceannairí le Banríon Shasana.

Agus faoi mar a léirigh 8 gcontae de chuid an Chumann Lúthchleas Gael i gCúige Uladh anuraidh, nuair nár bhrostaigh siad go Páirc an Chrócaigh chun bualadh léi, beidh obair ag Sinn Féin an gnáthnáisiúnach sa Tuaisceart a thabhairt leo má bhuaileann siad léi in Éirinn. Mar sin cad a dhéanfaidh siad? Mholfainn féin dóibh bualadh léi am éigin amach anseo sa Bhreatain.

B'ionann bualadh léi in Éirinn, ar leibhéal siombalach, agus glacadh leis go bhfuil an ceart aici na Sé Chontae a rialú. Tá an chumhacht aici na Sé Chontae a rialú, ach dar liomsa nach bhfuil sé de cheart aici.

Ní hionann sin is a rá nach n-aithním go bhfuil an taobh eile den scéal iontach tábhachtach chomh maith.

Tá beagnach milliún duine sna Sé Chontae a bhfuil ardmheas acu ar an mbean seo agus ar a clann. Agus má tá amhras ort faoi sin ba cheart duit seal a chaitheamh, faoi mar a chaith mé féin, thart ar Sandy Row nó ar oirthear Bhéal Feirste ag tús na seachtaine seo nuair a bhí an Iubhaile s'aici á cheiliúradh.

Bhí na sluaite amuigh agus ba léir go raibh an pobal seo i bhfírinne iontach tógtha agus iontach dáiríre faoin meas atá acu ar Bhanríon Shasana.

Siombail cumhachtach tábhachtach do Aontachtaigh an Tuaiscirt iad Rítheaghlach Shasana agus caithfidh Sinn Féin déileáil leis sin.

Más mian leo a chruthú don phobal Aontachtach sa Tuaisceart - agus más mian leo a bheith dílis dá ndearbhú Poblachtach go bhfuil siad ar son éagsúlachta tuairimí - caithfidh siad a theacht ar bhealach chun go dtig leo sin aitheantas a thabhairt don dílseacht sin. Ní ar bhealach feactha glúine an BBC. Ná ar ndóigh RTÉ, 'Ó, nach mór an stró a chuir sí uirthi féin culaith ghlas a chaitheamh ar ár son!'

Ach ar bhealach a aithníonn go bhfuil meas ag Poblachtaigh is ag Náisiúnaigh ar na hAontachtaigh agus ar a gcuid siombalacha. Ní bheidh sé furasta. Nó mar aon le bheith ag aithint siombalacha na nAontachtach sin ar mór leo Rítheaghlach Shasana, caithfidh siad aitheantas a thabhairt do na milliúin náisiúnach sin thuaidh agus theas a shíleann nach bhfuil aon cheart ag Banríon Shasana a theacht go hÉirinn mar ionadaí ar thír agus ar rialtas a bhí agus atá freagrach as críochdheighilt agus as coireanna eile.

Agus faoi mar a léirigh 8 gcontae de chuid an Chumann Lúthchleas Gael i gCúige Uladh anuraidh, nuair nár bhrostaigh siad go Páirc an Chrócaigh chun bualadh léi, beidh obair ag Sinn Féin an gnáthnáisiúnach sa Tuaisceart a thabhairt leo má bhuaileann siad léi in Éirinn. Mar sin cad a dhéanfaidh siad?

Sa deireadh, ní thitfidh an tóin as an saol má bhuaileann Sinn Féin le Banríon Shasana le linn di a bheith sa Tuaisceart, go háirithe, má tharlaíonn sé i gcomhthéacs ina n-aithníonn sise go bhfuil sciar nach beag den phobal ó thuaidh nach bhfuil aon dílseacht acu di. Ach go fóill féin, má tharlaíonn sé mothóidh sciar de bhaill Shinn Féin, agus go leor leor náisiúnach, go bhfuil an páirtí ag imeacht ó sheasamh prionsabálta ar mhaithe le leas gearrthréimhseach.

dúinn uilig?

hEorpa, go mór mór na Giúdaigh. Arís, seo 'smaoineamh-ghrúpa' gan bhunús, ach tuairimíocht a mharaigh 6 mhilliúin Giúdach agus 60 milliúin duine in iomlán i rith an dara cogaidh dhomhanda. Ba chuid don 'smaoineamh-ghrúpa' iad formhór phobal na Gearmánaigh - a ghlac le teagasc Hitler, srl., agus an léiriú ba mheasa riamh b'fhéidir ar a leithéid de smaointe.

De réir tuairisc Anna Carragher, bhí 'slua-smaointeoireacht' i measc déantóirí an chláir Prime Time in RTÉ ach níl mise fós cinnte céard air go díreach a bhí an ghrúpa ag smaoineamh. Gan cheist, bhí iriseoirí, chomh fada suas an dréimire leis an gCeannasaí Nuachta, leisciúil. Bhí siad iomlán neamhphroifisiúnta. D'fhéadfaí a rá go raibh clár oibre acu. Tá an chuma ar an scéal go raibh fonn orthu a thaispeáint go raibh an tAthair Reynolds ciontach, cibé an raibh sé nó nach raibh.

Ní raibh sé ar ndóigh. Rud nach bhfuil sa tuairisc, na cén fáth gur theastaigh ó Aoife Kavanagh a leithéid a dhéanamh? Cén spreagadh a bhí inti? Tá polaitíocht ionainn ar fad, fiú má shéanann muid é. Má tá mé corraithe faoin oideachas atá á fháil ag mo chuid pháistí nó faoi phraghas an phionta, is féidir dearcadh polaitíochta a tharraingt as na tuairimí seo agam.

An é go raibh Carragher ag rá go bhfuil, nó go raibh, daoine den sórt céanna, leis na meoin chéanna, ag obair le chéile? An mise amháin a cheapann go bhfuil an mhéid seo saonta? Oibríonn iriseoirí spóirt le chéile agus bheadh siad ar fad, beagnach, don tuairim chéanna nach maith an rud iad drugaí i spórt. Mar an chéile, bheadh formhór iriseoirí polaitíochta ar aon intinn faoi dhuine cosúil le hIvor Callely.

Agus níor bhuail mé fós le hiriseoir, fiú síochánaí, nár mhaith leo díobháil de shórt éigin a dhéanamh do bhaincéirí Bhanc Angla Éireannach. Ach an gciallaíonn sé sin go bhfuil cultúr 'smaoineamh-ghrúpa' trasna na meán cumarsáide go hiomlán. Más ea, an bhfuil an pobal i gcoitinne míabalta a n-intinn féin a shocrú nó an mbraitheann siad ar na meáin chun a gcuid tuairimí a shocrú?

An féidir téarma dímheasúil cosúil le 'slua-smaointeoireacht' a chur ina leith fiú má ghlactar leis gur dea-rud na Deich nAithne atá mar bhunús an chreidimh ag Críostaithe. An drochrud é an 'slua-smaointeoireacht' seo? Má stopann rialacha na gCríostaithe muid ag marú a chéile ní dóigh gur drochrud é?

Tá mise iomlán soiniciúil faoi théarma cosúil le 'smaoineamh-ghrúpa' mar nach bhfuil aon chiall nó sainmhíniú le baint as. Cuireann sé le mo shoiniciúlacht gur ar an téarma díreach sin a léim formhór na gcolúnaithe, Vincent Browne, Eoghan Harris, John Waters agus David Quinn ina measc. An raibh 'smaoineamh-ghrúpa' i measc na gcolúnaithe sin freisin?

Níl aithne agam ar Anna Carragher, údar na tuairisce, ach tá mé tar éis breathnú ar a curriculum vitae. Chaith sí na blianta san BBC ach de réir mar a fheicim ní raibh aon chleachtach aici ar chláir imscrúdaitheach. An é nach dtuigeann sí go bhfuil meon imscrúdaithe ina measc siúd a dhéanann a leithéid de chláir, gur ainmhithe iriseoireachta de shórt eile iad, cosúil leis an mbuíon iriseoirí gnó a mbeadh taithí agamsa orthu?

Mar iriseoir, má tá tú claonta, abair, i dtreo spóirt, mealltar i dtreo na rannóige spóirt thú. An bhfuil 'smaoineamh-ghrúpa' i gceist anseo nó an é sin an nádúr daonna, mar a cheapaim féin?

Tá bunrialacha a bhaineann le hiriseoireacht, go gcaitheann iriseoir a bheith cóir, cothrom agus cruinn sa mhéid a deir nó a scríobhann sé/sí. Níor chloígh Aoife Kavanagh leis na rialacha. Ní cóir go gcuirfí a míchumas i bhfolach taobh thiar do théarmaíocht gan chiall.

Ach cén fáth nach raibh na rialacha seo ar bharr a teanga ag Kavanagh?

Má bhí, cén fáth nár chloigh an bhean nach bhfuil óg, leis na rialacha céanna? Ní easpa aibíochta a bhí i gceist ina cás úd. Ach an cheist nár chuir aon duine de na colúnaithe iomráiteacha, go bhfios dom, ná cén fáth go díreach ar tugadh an post sin di, ar an gcéad dul síos?

Ní chabhróidh freagraí na gceisteanna sin chun cúiteamh a dhéanamh ar an Athair Reynolds (mise agus tusa atá ag díol as an gcúiteamh airgid a tugadh dó) ach d'fhéadfadh na freagraí cabhrú chun cultúr níos leithne a bhunú trasna an eagrais, rud a bheadh go mór chun tairbhe do dhaonlathas na tíre mar go mbeadh tuairimí agus dearcaí i bhfad níos leithne maidir leis an saol le feiceáil agus le cloisint trasna an eagrais .

B'fhéidir, i ndeireadh báire, go ndearna Kavanagh agus a cairde gar dúinn.

I MEASC AN PHOBAIL

Páistí ag súgradh ag Picnic Náisiúnta Chomhluadar i mBaile Átha Cliath le déanaí.

Óige Chrónáin ó Chluain Dolcáin ar cuairt chuig Theach agus Feirm Dhroichead Nua i nDomhnach Bat, Baile Átha Cliath, ag an deireadh seachtaine.

Na cailíní a ghlac pairt sa Chomórtas 'An Cailín Gaelach' a bhí ar siúl le linn Chomórtas Peil na Gaeltachta i nGaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine. Ina gcuideachta tá na moltóirí, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, Con Ó Domhnaill, Oifigeach na Gaeilge CLG Contae Dhún na nGall agus Ríona Ní Scolaí, Ógras. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Banríon nua Fhéile Anagaire, Yvonne Byrne as Loch an Iúir in éineacht le Banríon Bheag Anagaire na bliana seo, Ellie McDevitt, Dé Sathairn [PIC: EOIN MCGARVEY]

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie

Páistí a ghlac páirt i gcomórtas bréigéide ag Féile Anagaire, Tír Chonaill, Dé Sathairn [PIC: EOIN MCGARVEY]

Gaeil óga ag foghlaim faoi na leamhain i dTír Chiana, Co Dhoire, an Déardaoin seo caite

Cuid den ghrúpa Gaeilgeoirí a bhain barr na hEaragaile i nDún na nGall amach le déanaí. D'éirigh le 30 duine barr an chnoic a bhaint amach.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Feachtas mífhreagrach ar bun ag Glór na Tuaithe – ceap magaidh déanta d'abhar tábhachtach, a deir an tAire Comhshaoi

Máirtín Ó Catháin

CAINT thréan a chaith an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, nuair a ceistíodh é i gConamara faoin bhfeachtas in aghaidh an chórais chlárúcháin do dhabhchanna séarachais.

Dúirt an tAire go raibh ceap magadh déanta ag an bhfeachtas seo d'ábhar an-tábhachtach.

Dúirt an tAire gur shocraigh sé gan casadh leis an ngrúpa "Glór na Tuaithe" nuair a bhí sé i gConamara Dé Sathairn mar go raibh na rialacha clárúcháin do dhabhchanna séarachais fógartha agus go rabhadar sách soiléir. "Ba cheart go mbeadh daoine ar fud na tíre - agus an grúpa seo i gConamara - in ann na rialacha a thuiscint," a dúirt an tAire Hogan. Dúirt sé gur léir go raibh an grúpa a bhí ag iarraidh casadh leis - "Glór na Tuaithe" - ag iarraidh go n-athródh sé a intinn faoin gcóras clárúcháin, "agus ní bheidh aon athrú ann," arsa an tAire.

Nuair a luadh leis an Aire Phil Hogan go bhféadfadh sé leathuair an chloig féin a spáráil ar a chuairt go Conamara le n-éisteacht lena raibh le rá ag "Glór na Tuaithe", dúirt sé nach mbeadh aon chiall leis sin.

"Níl cuidiú ar bith tugtha ag an dream seo don iarracht go mbeadh uisce glan ar fáil sa tír seo," a deir Phil Hogan, "agus tá siad mífhreagrach ina mbealach".

Ansin tharraing sé anuas an scéal go raibh leas á bhaint as seancharr mar dhabhach séarachais sa gceantar. (Scéal é seo a foilsíodh i nuachtán agus a tharraing go leor cainte).

Pádraig Pheaitín a' Táilliúra Ó Conghaile agus scáta de dhíograiseoirí Ghlór an Tuaithe.

"Cuireann úsáid seanchairr mar dhabhach séarachais droch-theachtaireacht amach agus muid ag iarraidh caighdeán ard uisce a chuir ar fáil sa tír," a dúirt an tAire.

"Cuimhnigh go raibh 'cryptosporidium' sa soláthar uisce anseo i nGaillimh beagán blianta ó shin," a deir sé "agus tugann sin léargas ar thábhacht na ceiste seo uilig.

Seo rud tromchúiseach agus níor cheart go mbeadh sé ina ábhar grinn," a deir an tAire Hogan.

Fiafraíodh dó ansin, dar leis, cé a bhí ag déanamh ábhair grinn dó seo uilig? "Na daoine áitiúla - shíl siad gur togha plean a bhí ann..."

Agus cé hiad na daoine áitiúla seo?

"Bhuel, na daoine áitiúla a bhí páirteach - agus a bhí ag iarraidh casadh liom inniu - le tamall de mhíonna - a shíl go mba iontach an chraic é seo. Ní craic é seo. Ábhar tromchúiseach é seo agus caithfear a chinntiú go bhfuil foinsí glana uisce ar fud na tíre seo.

"Ní thabharfaidh mé cead do dhuine ar bith, i gcuid ar bith den tír, dochar a dhéanamh do chaighdeáin an uisce," a dúirt an tAire.

Bhí an tAire ag labhairt sa gClochán áit a raibh sé ag freastal ar sheimineár faoi fhorbairt bailte móra.

Bhí diúltaithe aige an trathnóna roimhe sin casadh le toscaireacht ó "Ghlór na Tuaithe" le ceisteanna a bhain le dabhchanna séarachais agus táillí eile a phlé leis. In agallamh raidió ar maidin Dé Sathairn, dúirt Pádraig Pheaitín an Táilliúra (Ó Conghaile), ceannródaí ar fheachtas "Ghlór na Tuaithe" gur dona a chruthaigh an tAire nár chas sé leo.

Luaigh Pádraig go raibh an tAire Hogan "ar coraintín" le scaitheamh san agallamh. Ba preabadh é seo faoin scéala gur coinníodh an tAire Hogan as an mbealach le linn fheachtais an reifrinn. Tá an cháil curtha ar Phil Hogan go bhfuil sé ag tarraingt roinnt trioblóide ar an Rialtas agus spreagadh go leor de na hagóidí in aghaidh a chuid oibre i gConamara.

Féile Idirnáisiúnta Cuilteanna

Katie McGreal

BEIDH an chéad Fhéile Idirnáisiúnta Cuilteanna ar siúl in Éirinn an deireadh seachtaine seo in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Beidh Baile na gCuilteoirí (Quilters Village) lonnaithe ar an gcampas, áit ina mbeidh an chuid is mó de na himeachtaí ar siúl. Cuirfear busanna ar fáil ón mBaile do na himeachtaí nach bhfuil lonnaithe ann.

Rachaidh turas go Mainistir na Coille Móire (*Kylemore Abbey*), go Monarcha Marmair Chonamara (*Conamara Marble Factory*) agus go Monarcha Criostail na hÉireann (*Irish Crystal Factory*) le linn na féile agus beidh deis ag daoine tuilleadh a fhoghlaim faoin scannán 'The Quiet Man' a bhí lonnaithe i gConamara. Cuirfear imeachtaí gailf, siúlóide agus rothaíochta ar siúl freisin agus beidh daoine in ann ranganna i gcócaireacht Éireannacha a dhéanamh agus píosa beag damhsa Gaelach a fhoghlaim. Cuirfear ceardlanna ar siúl do dhéanamh ciseán (basket weaving), déanamh seodra, lása, feilte agus neart eile le linn na féile.

Beidh searmanas drumadóireachta agus dinnéar ar fáil i nGairdín Bhrigit ar an Satharn agus ar an Domhnach, agus ina dhiaidh sin, cuirfear Oíche Sheanchais Meánoíche ar siúl. Inseofar scéalta sa ghairdín ó 10.30in go dtí 12.30in. Beidh neart ceoil agus damhsa le cloisteáil agus le feiceáil ann freisin. Cuirfidh an ceoltóir, an scéalaí agus an cuilteoir, Ricky Tims, oíche cheoil agus scéalta ar siúl ar an Satharn ag 8in. Beidh neart imeachtaí eile ar siúl le linn na féile agus caithfear áiteanna a chuir in áirithe den chuid is mó díobh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.iqfoi.com.

Dioplóma Iarchéime sa Chumarsáid

TOSÓIDH Dioplóma Iarchéime sa chumarsáid in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua i Meán Fómhair na bliana seo. Cúrsa lánaimseartha é seo atá dírithe go speisialta ar mhic léinn atá ag iarraidh cáilíocht Mháistreachta a bhaint amach i réimse na meán agus na craoltóireachta.

Beidh ar na mic léinn gairm na físe, iriseoireacht fheidhmeach, na meáin dhigiteacha nó drámaíochta sna meáin a roghnú le linn an chúrsa le speisialtóireacht a dhéanamh air.

Cúrsa bliana a bheidh ann, caithfidh bunchéim dhara onóracha, grád 2 ag leibhéal 8 nó dara onóracha, grád 2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar a bheith ag na hiarrthóirí agus caithfidh Gaeilge líofa labhartha agus scríofa a bheith acu freisin. Tá tuilleadh eolais faoin gcúrsa ar fáil ar www.acadamh.ie/cursai nó 091 595802 agus tá foirm iarratais ar fáil ó www.pac.ie/nuigalway. *KMG*

Abraíonn Carna – 'Tá'!

Máirtín Ó Catháin

NÍ raibh an tromlach ag "Tá" i reifreann na seachtaine seo caite ach in ionad vótála amháin sa gceantar uilig thart le cósta as an gCaiseal chomh fada leis na Forbacha - agus oileáin Árann lena chois sin.

Tá na figiúirí seo bunaithe ar 'tally' a rinne eagraíocht Fhine Gael ar na boscaí agus iad á n-oscailt san ionad comhaireamh i nGaillimh.

Tá spéis ar leith curtha sa toradh seo i gCarna ó thárla go raibh Gaeltacht Chonamara uilig ar mhalairt tuairime sa reifreann; ba é Leitir Mealláin an t-aon áit eile nár dhiúltaigh don Chonradh Cobhsaíochta mar ar chomhvóta a bhí an dá thaobh ansin.

De réir an 'tally', vótáil 69 ar shon an Chonartha i gCarna agus vótáil 63 ina aghaidh. Bhí an vótáil íseal; 31% den dream a bhí i dteideal vótála a

tháinig amach chuig an ionad vótála i gCarna. Tá ceithre ionad vótála eile i bpobal Charna. Vótáil 60 in aghaidh an Chonartha ar an Aird Thiar agus 43 ar a shon. I Loch Con Aortha vótáil 59 in aghaidh an Chonartha agus 34 ar a shon. Ach bhí 82% dóibh siúd i vótáil ar an Aird Mhór in aghaidh an Chonartha - sin 179 ina aghaidh agus 32 ar a shon. Ceaptar go bhféadfadh baint a bheith ag cúrsaí gnó agus gairme leis; bheadh roinnt daoine san aicme sin thart ar an tsráidbhaile. Ach d'fhéadfaí an rud céanna a rá faoin gCeathrú Rua agus an Spidéal, dhá áit a raibh tromlach acu siúd a bhí in aghaidh an Chonartha.

Tá go leor cainte tarraingthe ag toradh na vótála i gCorr na Móna áit a raibh tromlach - is beag a bhí eatarthu - ag an dream a bhí i bhfábhar an Chonartha. Mar a thárlaíonn sé, ní hé Corr na Móna bosca 'baile' Éamoinn Uí Chuív; an Chloch Bhreac is gaire dó agus níl 'tally' againn ar an mbosca sin. Ach bhí tromlach ag 'Tá' freisin ar an bhFairche, i gConga agus i dTír na Cille - boscaí eile Dhúiche Sheoigheach.

Cuid de na mainicíní a bhí ar an ardán ag an seó faisin don Traidphicnic sa gCrúiscín Lán sa Spidéal le déanaí. Bhailigh siad neart airgid don fhéile ar an oíche agus bhí Máire Treasa Ní Dhubhghaill ó TG4 mar bhean an tí don ócáid.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Fanfaidh Comhairle Chathair na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe - deimhniú ó Phil Hogan

Máirtín Ó Catháin

MAIRFIDH Comhairle Contae na Gaillimhe agus mairfidh Comhairle Chathair na Gaillimhe mar chomhairlí astú féin fiú agus go bhfuil athruithe á gcur ar an gcóras rialtais áitiúil. Dheimhnigh an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, an méid sin do Ghaelscéal an tseachtain seo.

Ag labhairt dó sa gClochán dúirt an tAire go raibh sé socruithe aige gur cheart an dá Chomhairle a fhágáil ann. Bhí go leor tuairimíochta ann go ndéanfaí cónascadh ar an dá Chomhairle agus go mbeadh Comhairle Contae amháin ann do chathair agus do chontae na Gaillimhe.

Dúirt an tAire Hogan go mbeifí ag ceapadh Coimisiúin an mhí seo chugainn le dhul i mbun oibre ar theorainneacha thoghcheantir Comhairle Contae agus ar an líon ball a thoghfai i sna toghcheantair éagsúla. Beidh a dtuairisc siúd ar ais faoi bhráid an Aire i dtús na bliana seo chugainn, a deir sé. Dá réir sin, caithfidh páirtithe polaitiúla fanacht scaitheamh maith eile sular féidir leo socrú cinnte a dhéanamh faoin líon iarrathóirí a bheidh acu sna toghcheantair éagsúla.

Cúigear a bheidh ar an gCoimisiún a cheapfar an mhí seo chugainn.

I nGaillimh féin, beidh cúpla dearcadh ann faoi chinneadh an Aire go bhfanfadh an Chomhairle Contae agus an Chomhairle Cathrach ina n-aonaid rialtais áitiúil astu féin. Tá tuairim ann - agus tacaíonn roinnt Comhairleoirí Contae leis seo - gur bhfearr go mbeadh Comhairle Contae amháin ann. Feictear don dream atá ar an intinn sin go mbeadh buachtáil ag an gcontae air sin sa méid agus go méadódh an ciste de bharr rátaí ar lucht gnó agus táillí eile a baintear amach sa gcathair. Ceaptar go mbeadh an farasbarr sin ann le caitheamh níos flaithiúla leis na ceantracha amach faoin tír.

Ar an taobh eile den scéal, ceapann Comhairleoirí eile go bhfaigheadh cúrsaí na cathrach an aird is mo dá mbeadh an contae agus an chathair faoin aon chóras amháin.

An tAire Comhshaoil, Phil Hogan
[PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Ach argóintí acadúla iad sin anois tar éis na cainte a rinne an tAire Phil Hogan an tseachtain seo; fanfaidh an Chomhairle Contae agus fanfaidh Comhairle Cathair i nGaillimh mar atá. Agus caithfidh chuile dhuine fanacht go hearrach seo chugainn sula mbeidh na mion-dhintiúirí ar fáil faoin leagan amach a bheidh ar thoghcheantair áitiúla; ansin a d'fhéadfaí suíocháin a bhuachaint agus a chailleadh.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An Tóirse Oilimpeach i mBaile Átha Cliath

BEIDH an tóirse Oilimpeach i mBaile Átha Cliath maidin inniu. Cuirfidh iománaí iomráiteach Chill Chainnigh, Henry Shefflin, tús leis an imeacht nuair a shiúlfaidh sé timpeall an Skyline Walkway nua i bPáirc an Chrócaigh. Nuair a bheidh sé sin críochnaithe cuirfidh Shefflin tús le turas sealaíochta timpeall lár na cathrach ag 9.30rn.

Beidh 41 duine ag glacadh páirte sa thuras a rachaidh ó Pháirc an Chrócaigh go dtí an Gairdín Cuimhneacháin, Sráid Uí Chonaill, Teach an Chustaim, Sráid an tSirriam, Cearnóg Mhic Liam, Crois Araild, Ardeaglais Naomh Pádraig, Sráid an Dáma, Faiche Stiabhna agus áiteanna eile. Cuirfidh an Taoiseach, Enda Kenny, fáilte roimh an tóirse ag Foirgnimh an Rialtais ag 11.30am.

Tháinig an tóirse go Tuaisceart Éireann ar an Luan seo caite agus tógadh é chuig bailte ar fud na Sé Chontae mar aon le háiseanna turasóireachta ar nós Droichead Charraig an Ráid agus Clochán an Aifir.

Bhronn an dornálaí Oilimpeach ó Bhéal Feirste, Wayne McCullough, an tóirse ar a chomhghleacaí ó Barcelona '92, Michael Carruth, ag an teorainn ar maidin. Ghlac páistí scoile ón Iúr agus ó Dhún Dealgan páirt sa bhronnadh. Rachaidh an tóirse ar ais go Béal Feirste um thráthnóna. *CÓB*

Beidh an Tóirse Oilimpeach ar thuras sealaíochta timpeall lár Bhaile Átha Cliath ar maidin.

Mórócáid Filíochta, Próis agus Amhránaíochta mar chuid d'Fhéile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath

Labhraíonn **Méabh Ní Thuathaláin** leis an amhránaí **Pádraigín Ní Uallacháin** faoin mórócáid filíochta, próis agus amhránaíochta atá mar chuid den Dublin Writers Festival, féile atá faoi lánseoil an tseachtain seo, a dhéanann ceiliúradh ar scríbhneoirí, filí agus amhránaí an lae inniu.

BEIDH ceolchoirm le Pádraigín Ní Uallacháin, Dónal O'Connor agus Macdara Ó hUllacháin-Graham ina mbeidh cuid de na hamhráin ón dlúthdhiosca Songs of the Scribe/Guth ár Sinsir á gcanadh.

"Is cnuasach amhráin é ó ré na manach, ón 9ú -12ú haois déag, a bhfuil aistriúchán déanta ag Seamus Heaney agus Ciaran Carson ar roinnt acu. Beidh tionlacan agam ó Dhónal ar an bhfidil agus viola agus Macdara ar an bhfidil agus Viola d'Amore. Beidh an 'shruti box' liomsa fosta, uirlis traidisiúnta a bhfuil fuaim uaithi atá cóngarach don harmónaím," a deir Pádraigín Ní Uallacháin.

"Baineann na hamhráin le háilleacht an dúlra agus le gnéithe den spioradáltacht. Léiríonn na hamhráin simplíocht shaol na manach. Amhráin fíorálainne atá iontu, agus tá ceol nuachumtha curtha leo, déanta agam féin, a thagann leis an stíl simplí traidisiúnta," a deir Ní Uallacháin.

Chomh maith leis sin, beidh ceathrar scríbhneoirí ag léamh saothair i nGaeilge agus i mBéarla, ar an téama 'Scríbhneoireacht', a coimisiúnaíodh go speisialta. Ina measc beidh Éilís Ní Anluain, an t-úrscéalaí agus drámadóir Darach Ó Scolaí, an scríbhneoir Kevin Power agus an file Leontia Flynn.

Canann Pádraigín Ní Uallacháin le tionlacan cláirsí ar an dlúthdhiosca, Guth ár Sinsir, ach ar ardán bíonn tionlacan fidle, viola agus shruti box aici. "Tá fuaim ársa cruthaithe leis an meascán d'uirlisí atá againn. Tá fuaim álainn mistéireach ag an Viola d'Amore, a sheinneann mo mhac, Macdara. Tá muintearas idir mé féin, Macdara agus Dónal a thugann seans as an gnáth dúinn, spás a bheith againn le rud úr a dhéanamh. Tá seanfhuaim úr againn, a shamhlaím a bhí ann riamh anall thar na cianta," a deir sí.

Dónal Ó'Connor, Pádraigín Ní Uallacháin agus MacDara Ó hUallacháin Graham

Is amhránaí cónaithe í Padraigín Ní Uallacháin de chuid Ollscoil na Banríona agus Fhoras na Gaeilge. Tá obair mhór déanta aici i leith sean-amhráin a bhailiú agus a thabhairt ar ais ó cheantar Oirialla agus Uladh. Beidh toradh na hoibre sin le cloisteáil ag an gceolchoirm agus amhráin eile nuachumtha léi, a bhfuil blas an tsean-ama orthu.

"Bím ag canadh agus ag cóiriú amhráin ó cheantar Oirialla agus Chúige Ulaidh, ach chomh maith leis sin bím ag síor-chumadóireacht, ag cruthú agus athchruthú amhrán as an nua. Sílim go bhfuil sé iontach tábhacht d'ealaíontóirí a bheith ag cumadh ceoil chomh maith le bheith ag tarraingt as an traidisiún. Is comhartha é go bhfuil beocht sa teanga agus muinín againn sa Ghaeilge mar theanga bheo fosta," a deir Ní Uallacháin.

Corn peile buaite ag Gaelscoil Cheatharlach

BHUAIGH Gaelscoil Cheatharlach comórtas de chuid Ghlór na nGael le déanaí. Ghlac foirne ó cheithre scoil páirt sa chomórtas Gaelscoil Cheatharlach, Beann na gCaorach, Baile Haicéad agus Gaelscoil Átha Í. Tá an comórtas ar fáil do dhaltaí i rang a cúig nó níos óige agus imríodh é ar pháirc Chumann Éire Óg.

D'imir na foirne ar fad in aghaidh a chéile ach fuair Gaelscoil Cheatharlach an ceann is fearr ar na foirne eile den dara bliain as a chéile.

Foireann bhuacach Ghaelscoil Cheatharlach, le captaen na foirne, Andrew Mac Eochaidh, chun tosaigh le Sciath Ghlór na nGael.

'Óró is hup Gaeil Óga'. Roinnt de lucht tacaíochta Na Gaeil Óga ag Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Níl áit níos fearr ná an Daingean – chun Béarla a fhoghlaim

Breandán Mac Gearailt

TÁ bean ón tSlóivéin tar éis Scoil Teanga a sheoladh sa Daingean. Is i dTábhairne na Cúirte ar an Meall a deineadh an gaisce.

Bhí Consal na Slóivéine, an tUasal Jasma Gersak, i láthair.

Dar le Bianca Popovich ná fuil áit níos fearr ná an Daingean le scoil mar seo a lonnú ina bhfoghlaimeodh daoine ón tSlóivéin, agus tíortha mar í, Béarla.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Dún Chaoin - 'New Hampshire na hÉireann'?

TÁ an reifreann thart agus bua rábach ag 'Tá.' Cinnte bhí na feirmeoirí go díocrach ag seasamh le 'Tá' ar eagla i gcás scata acu, go gceilfí an seic sa phost ortha. Leasmháthair a thógfadh ortha é, is dócha.

Ach bhí pócaí i nDáilcheantar Chiarraí Theas gur thug an 'Níl' an lá leis, i gCill Airne, both i nGaelscoil Fhaithleann, both i Scairteach an Ghlinne agus i nDún Chaoin.

Dúirt cara dhom gur sort 'New Hampshire na hÉireann' é Dún Chaoin, mar gur gnáthaí leo a bheith bunoscionn le scata.

Measaim nár éirigh le haon reifreann Eorpach i nDún Chaoin go dtí seo. Ochtó vóta a caitheadh, nó 54% agus bhí 34 ag 'Tá' agus '46' ag 'Níl'.

Taobh eile don scéal, ná féadfadh gur ag muintir Dhún Chaoin a bhíonn an ceart coitianta!

Féile na Gréine sa Choireán

Katie McGreal

TÁ Féile na Gréine: Féile Ealaíne Grianstad ar ais i mbliana sa Choireán, Ciarraí i ndiaidh briseadh bliana. Beidh sé ar siúl ón Déardaoin, 21 Meitheamh go dtí an Satharn, 23 Meitheamh.

Déanfar ceiliúradh ar na healaíona Gaelacha as Éirinn agus Albain le linn na féile.

Déanfar ceiliúradh ar Ghalláin Íochtar Cua ar an Déardaoin le 'Ceol na nGallán: Music at the Megaliths' ag 3.30in. Tá na galláin sin, 4000 bliain d'aois agus le ceiliúradh a dhéanamh orthu, beidh neart ceoil agus damhsa cruthaitheacha le feiceáil agus le cloisteáil ann. Beidh Alan MacDonald ag seinm ar na píoba, in éineacht leis an gcláirseoir agus t-amhránaí, Marina Cassidy.

Beidh 'Clann Lir: Amharclann Páistí' ar siúl ar an Aoine ag 10rn agus arís ag 11rn leis an gcomhlacht amharclainne oideachasúil, Branar. Inseofar an seanscéal draíochta, 'Clann Lir' le puipéid, íomhánna fuinniúla agus ceol aoibhinn nuachumtha. Is é Marc Mac Lochlainn stiúrthóir an tseó agus tá costas €8 ar chlann iomlán.

Beidh seisiún ceoil, filíochta agus amhrán i dteangacha na hAlban ina dhiaidh sin. Cloisimid filíocht ó Liz Lochhead agus Aonghas MacNeacail agus beidh ceol agus amhráin ann ó Alan MacDonald agus Gerda Stevenson.

Cuirfear an scannán 'Braveheart' ar an scáileán maidin Dé Sathairn agus sa tráthnóna, beidh filíocht dátheangach le cloisteáil ó cheann de na ceantair is bisiúla filíochta sa tír.

Beidh neart ceardlanna ar siúl le linn na féile, gach lá ó 10rn go dtí 1in. Déanfaidh James Harpur ceardlann ar scríobh na filíochta agus ar thuiscint na filíochta agus cuirfidh Helen Richmond ceardlann ar phéinteáil tírdhreacha ar siúl. Beidh ceardlann ar Gaeilge na hAlban ann le Beathag Mhoireasdan agus cuirfidh an potaire, Louis Mulcahy, ceardlann ar photaireacht ar siúl agus déanfaidh Michael Herrmann siúlóid ghrianghrafadóireachta ar Shlí Uíbh Ráthaigh.

Beidh neart eile ar siúl in Tech Amergin agus tá tuilleadh eolais fúthu ar fáil ar www.feilenagreine.com nó 066 9478956.

An cláirseoir, Marina Cassidy agus an damhsóir, Catherine Young ag Galláin Íochtar Cua i gCiarraí ag seoladh Fhéile na Gréine. PIC: VALERIE O'SULLIVAN

Ollscoil Bhaile an Fheirtéaraigh

TÁ lúcháir ar bhaill Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne mar go bhfuil, ar deireadh thiar, thall cead pleanála fachta acu le láthair d'Ollscolaíocht i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na Gaillimhe, a lonnú i mBaile an Fheirtéaraigh.

Chomh maith leis sin, tá soláthar i gceist d'oifigí nua don gComharchumann, láthair sosa agus caitheamh aimsire do sheanóirí agus láthair d'óige an cheantair.

Trí bliana ó shin, chinn an comharchumann i gcomhar le Ollscoil na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta iarratas a dhéanamh ar chead pleanála don togra seo ar láthair laistiar do Bhaile an Fheirtéaraigh ach mo léan, tar éis mórán allais, diúltaíodh dá n-iarratas. Is cinnte go raibh scata daoine diomúch.

Aontaíodh ansan ar dul go láthair eile agus tar éis fanacht faiteach tá an cead tugtha. Diúltaíodh dá n-iarratas muileann gaoithe a bheith ar an láthair.

"Gan dabht táimíd an-sásta go bhfuil an cead pleanála fachta agus beam, le cúnamh Dé, ag treabhadh linn chomh dícheallach agus is féidir.

Táimíd an-bhuíoch d'Ollscoil na Gaillimhe agus d'Údarás na Gaeltachta as a dtacaíocht dearfach ó thus." arsa Gearóid ó Brosnacháin, bainisteoir an Chomharchumainn.

"Sea, tá an breac seo ar an bport agus is fada an fanacht é," arsa cathaoirleach an Chomharchumainn, Tomás Mac Gearailt, ach is mór an t-ardú meanman dúinn é, mar anois beam ag treabhadh linn i gcomhpháirtíocht lenár gcairde.

Bhí súil in airde le tamall ag pobal an cheantair leis seo agus comhartha dearfach é in ainneoin na géarchéime airgeadais atá ann fé láthair. Ní fiú a bheith ag féachaint siar ach do dhóchas a bheith agat as na hacmhainní, do phobal agus do pháirtithe," arsa Tomás.

Tionól na Mumhan 2012 do Chontae an Chláir

Katie McGreal

BEIDH Tionól na Mumhan 2012 ar siúl an deireadh seachtaine seo ón Aoine, 8 Meitheamh go dtí an Domhnach, 10 Meitheamh in Óstán Oakwood i mBaile Shionainne, Co. an Chláir.

Cuirfear tús leis na himeachtaí tráthnóna Dé Aoine le léacht ón Athair Micheál de Liostún as Luimneach ar Fhilí Gaeilge an Chláir agus a n-oidhreacht sa chontae. Bhí an tAthair lonnaithe i gCreatlach ar feadh tréimhse. Beidh tráth na gceist ar siúl ina dhiaidh sin ag 9in.

Tabharfaidh Tomás Chambers ó Bhaile Shionainne léacht le pictiúir ar Stair Shóisialta Shionainne maidin Dé Sathairn. Ina dhiaidh sin, beidh turas stairiúil go dtí sean-mhainistir Proinsiasach Chuinche ar siúl chomh maith le caint ar na hiarsmaí suimiúla.

Tabharfar cuairt ar uaigh Chonor Mac Clúin, ball de Chonradh na Gaeilge a maraíodh ar Dhomhnach na Fola 1920 i mBaile Átha Cliath. Bhí sé in éineacht leis an Dr. Mac Giolla Iasachta ar ghnó den Chonradh in Óstán Vaughan ag an am. Tabharfaidh staraí aitheanta léacht le linn an turais agus leagfaidh Michael Clune bláthfhleasc ar uaigh a Uncail, Conor. Cuirfidh Domhnall Ó Loingsigh ceardlann logainmneacha ar siúl ag 7.45in le leabhrán saothair ag an gCraobh áitiúil, Club Shionainne. Cuirfidh Cumann Lúthchleas Wolfe Tones Sionainne seisiún ceoil ar siúl le ceoltóirí agus amhránaithe áitiúla ó 9in san óstán.

Beidh ceardlann scríbhneoirí ar siúl le linn na deiridh seachtaine. Tá tuilleadh eolais faoi sin ar fáil ar 087 2901154.

Is ea seo an chéad uair a mbeidh Tionól na Mumhan ar siúl i gCo. an Chláir. Dáil na Mumhan atá i gceannas ar Chonradh na Gaeilge sa chúige agus iadsan atá ag eagrú an deireadh seachtaine.

Níl costas ag baint le haon imeacht agus tá rátaí speisialta ar fáil san Óstán má luann tú an Tionól. Tá tuilleadh eolais faoin Tionól ar fáil ar www.dailnamumhan.ie nó ar 061 364946.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Ciarraí bocht!

DÉARFAR leat gur Creideamh í an chaid i gCiarraí. Óiche Déardaoin, bhíos i gcuideachta lucht caide/peile ar an mBuailtín. Is neamhthrócaireach a bhí cuid acu. "Is gearr go mbeam ag tabhairt aghaidh ar na Corcaíg'," arsa buachaill ó Pharóiste an Fheirtéaraigh, "agus is dócha go mbeidh sé go te againn".

"Te," arsa fear eile ón bparóiste a mheas go raibh crampaí nó geasa éigin ar chuid de na himreoirí an lá a bhíodar ag imirt in aghaidh Thiobraid Árann. Chuir na Tiobradaigh scata iarracht ar fóraoil nuair ba cheart dóibh scór a aimsiú. Bhí na Ciarraig' 'lofa' mheas sé. "Bhí m'fhéidir," arsa cailín a leanann peil na bhfear agus na mban. "Is minic nuair a thosnaíonn siad go sodamach mar siúd, go ndeineann siad slad ar ball," ar sí.

"Cuimhnigh go raibh Marc Ó Sé ar iarraidh, rud a d'fhág na lánchúil lag, Cinnte is mór an chailliúint é Tomás Ó Súilleabhain agus Darragh Ó Sé ach tá an mianach ceart sna hógánaigh atá ag teacht ar bord," ar sí. "Ná bac an chaint sin," arsa gaol di , "mar mura dtagann 'claochlú amach is amach ar an bhfoireann seo ní rachainn trasna an bóthair ag féachaint ortha arís."

Dar le Dónal Ó Laighin ó Chiarraí Thuaidh, a bhí sa cheantar ag cur snasa ar a chuid Gaolainne, gur minic nuair a thosaíonn Ciarraí go leachta is ea is fearr a chruthaíonn siad in aghaidh Chorcaigh mar go músclaíonn sé meon buile éigin nach féidir a chloí. Shín Corcaíoch óg a scrogall anonn i dtreo lucht na háiféise agus na tairngreachta agus dúirt, "abair le foireann Chiarraí scíth a ligint i mbliana mar ní hiad a bheidh ag glacadh Sam i mbliana agus ná bíodh aon chuimhne acu air".

"Tá na Gardaí amuigh," arsa duine éigin. Caitheadh siar d'aon slog mór amháin a raibh sna gloiní agus amach an doras tosaigh agus iata. Ní raibh aon Gharda ann. Isteach leo arís. "Déanfaidh Ciarrai amadáin dóibh arís," arsa fear nár aithníos ach a bhí lán de theallaireacht. "Bhí an ceart ag Brolly ar an Teilifís go raibh córas seanchaite ag scrios fhoireann Chiarraí agus go raibh a chuid airgid ar Chorcaigh." Bhí tost beag.

"Cogar, cad a mheasann sibh fén dtranglam fé Sheáinín Mac Eoin ón gChabháin agus na deacrachtaí atá aige imirt le Cill Dara in ainneoin gur sa réigiún san atá a chuid oibre," arsa fear ón mBuailtín. "Ní thuigim é seo in aon chor agus seans gur orm féin atá an locht," ar sé.

"Nár Chorcaíoch ab ea Danno Ó Caoimh, a bhuaigh seacht mbonn sinsir caide na hÉireann le Ciarraí agus cad fé Fahy agus Larry Tomkins ó Chill Dara a dhein gaisce le Corcaigh agus Seosaimh Mac Gearailt, ó Chathair Bó Sine, captaein fhoireann bhuacach Bhaile Áth Cliath sa bhliain 1942? D'imir na Duibhnigh, Dan Ó Caomhánaigh agus Feirtéarach na gCluainte don nGaillimh agus Ciarraí, Frank Stockwell do Lú agus Gaillimh agus John Nallen Mhaigh Eo do thrí chontae," arsa Seán Ó Sé ó pharóiste Múrach.

"Tá siad amuigh anois," arsa fear eile agus seo leo an doras iata amach. Nuair a chuir an Garda a cheann isteach bhí scaipeadh na mion éan ar lucht na baoth-thuairimíochta, de geit. "Ní fada uatha an baile, a Gharda," arsa an cailín a bhí ag freastal sa tábhairne. Bhog an Garda leis.

Aon rás déag ag Féile Ráiseanna Bhéal Bán

BEIDH aon rás déag ag Féile Ráiseanna Bhéal Bán' ar an nDomhnach seo chugainn an 10ú. Tosnóidh na Ráiseanna ar a haon a chlog. Beidh lagtrá ann timpeall ar a leathuair tar éis a trí, rud a fhágann trá ghlan thirim ag capaill ó thus go deireadh. Dar le Séamus Ó Laoithe, Cathaoirleach Choiste na Ráiseanna go mbeidh scata Éireann capall ann arís i mbliana agus ná fuil sárú na hócáide le fáil má bhíonn an lá go breá. "Beidh ár nDearbí féin againn," arsa Séamus, "agus tá corn agus €900 ag dul leis. Measann sé go bhfuil an méid chéanna airgid sa phota ag an gcoiste i mbliana agus a bhí anuraidh.

"Cé go raibh dhá lá againn anuraidh, mar gur oir an taoide don deireadh seachtaine fada, is lá amháin atá againn i mbliana. Is mór an chuid aon rás déag agus glac leis go mbeidh go leor leor geallghlacadóir ann agus beidh caoi ag daoine airgead bog a dhéanamh".

NEMETON TV

Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse

ar fáil i nGaeltacht na Rinne agus Port Láirge 2012

i gcomhpháirtíocht le Nemeton Léiritheoirí Teilifíse, Údarás na Gaeltachta agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Is cúrsa lánaimseartha bliana é seo dóibh siúd atá ag iarraidh scileanna teilifíse agus digiteacha a fhoglaim.

Tá an Ard Dioplóma bunaithe ar obair phraicticiúil agus tugann an cúrsa deis duit saineolas a bhaint amach ar na scileanna riachtanacha ins na meáin chumarsáide agus na meáin margaíochta digiteacha m. sh; fís, fuaim, stiúrú agus eagarthóireacht (Final Cut Pro) & srl.

Riachtanaisí Iontrála:
- Cáilíocht leibhéal 7 nó níos airde.
- Gaeilge ag leibhéal tuisceana agus comhrá.

- Glacfar le hiarratais ó dhaoine gan na cáilíochtaí thuasluaite, ach go bhfuil taithí oibre acu sa tionscal agus an cumas cuí Gaeilge. Déanfar measúnú ar iarratais mar seo ó chás go cás. Gach eolas ar an gcúrsa agus foirmeacha iarratais ar fáil ó: Nemeton TV, An Rinn, Co. Phortláirge

Teil: 058-46499 **R-phost: blaithin@nemeton.ie**
Suíomh gréasáin: www.wit.ie www.nemeton.ie

Údarás na Gaeltachta

Nótaí Uíbh Ráthaigh

Folúntas CSP – tá post mar chúntóir naíolainne ar fáil anois in Ionad na Dromoda; post 19 ½ uair sa tseachtain agus an chéad chonradh ag dul ar aghaidh go dtí 31 Nollaig 12. Iarratais agus CV le bheith istigh roimh 5 pm ar an Luan 11 Meitheamh 12 in Oifig an Chomhchoiste, Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí. Eolas ó 066 9474888, ccnfteo@indigo.ie nó ag www.uibhrathach.ie.

Suirbhé Gaeilge 2012. Ba mhór againn do chuid tuairimí a fháil ar an nGaeilge agus ar sheirbhísí sa cheantar. Tá an obair seo ar siúl mar chuid de phróiséas pleanála teanga atá ar siúl ag an bhfo-choiste Gaeilge sa Chomhchoiste. Tá sé suas dúinne mar phobal tabhairt faoi chaomhnú na Gaeilge sa cheantar, más é sin mian an phobail....níl éinne eile chun é sin a dhéanamh dúinn! Tá an suirbhé ar fáil sna hIonaid Pobail éagsúla agus is féidir leat é a dhéanamh ar-líne comh maith ar www.uibhrathach.ie. Coimeádfar do eolas faoi rún. Beidh an suirbhé seo oscailte ón 01.06.12 - 18.06.12. Go raibh míle maith agat!

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Muineachán

Clubtheach CLG le tógáil ar thalamh fhear UVF

TÁ céad bliain de Chúnaint Ulaidh dá chomóradh i mbliana - agus Cumann Lúthchleas Gael ag tógáil clubthí nua ar thalamh dhuine de cheannairí Aontachtach na linne sin.

Chuir Cumann Lúthchleas Gael an Choirrín i gContae Mhuineachán isteach ar chead pleanála ar diméin Hilton Park, lámh le sráidbhaile Achadh na hAbhla. Tá sin in iardheisceart an chontae.

Is le muintir Madden diméin Hilton Park. Ba leis an gCoirnéal Jack Madden é 100 bliain ó shin. Bhí an Coirnéal Madden ina cheannaire ar an UVF i gCo Muineachán, agus ina chomhalta de Chomhairle Aontachtach Uladh.

Tá staraithe ar aon intinn go raibh eagar iontach maith ar an UVF i gCo Muineachán. Bhí dhá cathlán ann. B'sheo dream a bhí réidh chun troda in éadán na bagartha náisiúnaigh. Ní ceap magaidh a bhí iontu, mar a bhí ina gcomrádaithe i roinnt contaetha eile.

Tá muintir Madden sa diméin ar fad. Aithnítear gur dhlúthchuid den phobal iad. Ní fios an bharúil a bheadh ag a sinsear ar iad bheith ag cur talún ar fáil do Chumann Lúthchleas Gael.

Mar Aontachtaí Éireannach, seans gur mó an meas a bheadh aige ar na fógraí don óstán atá anois sa teach mór. *AMC*

Dún na nGall

90 bliana ó maraíodh seisear i bPaiteagó

BHÍ sé 90 bliain agus an Luain ó maraíodh seisear sa troid ag Paiteagó i nDún na Gall, ar an teorann le Fear Manach. Rinne Arm na Breataine agus an RUC (Constáblacht Ríoga Uladh) ionsaí ar an tsráidbhaile.

Maraíodh ceathrar Poblachtach: Paddy Flood ón mbaile: William 'Roe' Kearney agus Bernard McCanny ón Droim Chaoin, agus William Deasley ón Droim Mhór. Bhí cáil ar Deasley mar aimsitheoir: ba dheartháir 'Roe' Kearney leis an bhfile Felix Kearney. Maraíodh saighdiúir agus Constábla speisialta chomh maith.

Bhí fórsaí na Breataine in éadán an dá fhórsa ó dheas, idir lucht an tSaorstáit agus an mhuintir a bhí in éadán an Chonartha.

Ag deireadh mhí na Bealtaine 1922, ghabh an dream a bhí in éadán an Chonartha 'Triantán Bhéal Leice'.

B'sheo sciar talún in iarthuaisceart Fhear Manach. Ba chuid den Tuaisceart é nach raibh, ag an am, aon cheangal droichid aige leis an chuid eile den stát ó thuaidh. Thug saighdiúirí de chuid an tSaorstáit cosaint don IRA.

Rinne na céadta saighdiúir Sasanach ionsaí ar an IRA le gunnaí móra agus b'éigan don IRA cúlú. D'fhan arm Shasana i bPaiteagó agus i gcuid eile de Dhún na nGall go dtí 1924. *AMC*

Tír Eoghain

Cartlann Alice Milligan bronnta ar leabharlann na hÓmaí

BHRONN an t-údar Catherine Morris cartlann s'aici ar shaol agus saothar Alice Milligan ar Leabharlann na hÓmaí Dé Céadaoin, 30 Bealtaine.

Ba thoradh taighde 15 bliain a bhí sa scór bosca ina raibh achan saghas

Alice Milligan

ábhair ar an fhile, drámadóir, scríbhneoir próis agus gníomhaí polaitiúil.

Rinne Morris an bronnadh agus í ag seoladh leabhar s'aici 'Alice Milligan and the Irish Cultural Revival'.

Dúirt Helen Osborne ó Leabharlanna Thuaisceart Éireann go raibh an-áthas orthu an cartlann a bheith acu.

"Tá súil againn go dtiocfaidh duine ar bith go bhfuil suim acu in Alice Milligan, agus go n-amharcfaidh siad ar an gcartlann," ar sise.

"Ba dhuine iontach tábhachtach í (Milligan). Ceileadh scéal s'aici mar gur bean í. Tá scéalta eile nár insíodh. Bheadh sé go hiontach, agus an cartlann seo ann, dá spreag-

faí daoine le taighde a dhéanamh ar na hábhair eile seo."

Mhair Alice Milligan ó 1866 go 1953. Rugadh ar an Ómaigh í. Ba Modhaigh a muintir, iad ina nAontachtaigh agus sáite i gcultúr na hÉireann. Chuaigh sí féin leis an Phoblachtachas, ach bhí riamh mór lena muintir. Bhí aithne aici ar achan duine tábhachtach sa ghluaiseacht náisiúnach lena linn. Ba iad Four Courts Press a d'fhoilsigh leabhar Catherine Morris. *AMC*

Fál Carrach

Páirc Uile-aimsire á iarraidh ar na Croisbhealaí

Anton Mac Cába

CHUIR Pobal Eascarrach iarratas isteach chuig Comhairle Contae Dhún na nGall ar chead pleanála fá choinne páirc uile-aimsire.

Beidh sin ar eastát Bhéal an Átha ar an bhFál Carrach. Beidh áiseanna eile leis an pháirc.

Beidh sé ar an aon pháirc uile-aimsire idir Gaoth Dobhair agus Ráth Mealtain.

Thosaigh Pobal Eascarrach mar Chumann Tionóntaí ar eastát Bhéal an Átha. Tá thart ar 120 teach san eastát, é ar an eastát is mó sa cheantar agus tréan Gaeilge ann. Nuair a thosaigh an Cumann ar fhorbairtí, leithéidí ionad achmhainní, b'éigean comhlacht a bhunú.

Dúirt Nora Sweeny, rúnaí Phobal Eascarrach, gur áis mhaith don bhaile i gcoitinne, agus don cheantar, a bheadh sa pháirc.

"Tá leaids agam féin agus téann siad go Gaoth Dobhair má bhíonn siad ag iarraidh cluiche a imirt ar pháirc uile-aimsire," ar sise.

"Beidh sé ina áis ag Dún Fionnachaidh agus Gort an Choirce chomh maith."

Ní fios ag an mbomaite an clár ama a bheidh leis an forbairt, mar nár socraíodh cúrsaí maoinithe go fóill.

Fál Carrach

Béal Feirste

Scairt ar Oibrithe Deonacha ón Droichead

TÁ An Droichead, ionad cultúrtha i ndeisceart Bhéal Feirste, ag earcú oibrithe deonacha le cuidiú leis an bhfoireann imeachtaí chlár ealaíne na bliana a reáchtáil.

Beidh na hoibrithe deonacha ag obair ag Féile an Droichead ag deireadh mhí Lúnasa agus ag na himeachtaí éagsúla le linn na bliana.

"Ní amháin go mbeidh siad ag tabhairt lámh chuidithe ag na gigeanna agus ag na himeachtaí, ach tá sé tábhachtach dúinne go beidh siad amuigh ansin i measc an phobail, go mbeidh siad mar ionadaithe ar An Droichead chomh maith," a deir Jim Mc Auley, Oifigeach Forbartha, An Droichead.

Beidh cúrsa traenála á reáchtáil ag NI Volunteers sula dtosaíonn daoine ag obair sa Droichead. "De ghnáth bíonn bunús maith d'oibrithe deonacha ag obair linn agus cuireann siad go mór leis an obair a bhíonn ar siúl againn. Bheadh sé iontach dá mbeadh Gaeilge acu, ach ní chuirfidh an teanga isteach ar dhaoine atá díograiseach," a deir Jim Mc Auley.

Beidh Feile an Droichead ar siúl idir an 23-26 Lúnasa. "Tá ag éirí go hiontach leis an bhféile le trí bliana anuas agus tagann scaifte mór i gcónaí chuig na ceolchoirmeacha. I mbliana beidh Breandán Ó Beaglaíoch agus Caoimhín Ó Raghallaigh ag seinm, beidh Iarla Ó Lionáird ag canadh oíche eile, bíonn i gcónaí ceoltóirí aitheanta i saol an cheoil traidisiúnta páirteach san fhéile," a deir sé.

Beidh clár iomlán d'imeachtaí ar siúl i rith na féile, idir ceolchoirmeacha agus siúlóidí, imeachtaí spraíúla don teaghlach agus imeachtaí trasphobail. Is I ndeisceart na cathrach a bheas formhór na nimeachtaí ag tarlú. "Beidh poc fada againn i bPáirc Ormeau, i gcomhpháirtíocht le East Belfast Mission, grúpa forbartha pobail atá gníomhach i measc an phobail Protastúnaigh in oirthear na chathrach. Beidh siúlóidí ann, agus imeachtaí spraíúla ceoil agus damhsa i lár na cathrach," a deir Mc Auley.

Tugann an fhéile blaiseadh beag den obair fhiúntach a bhíonns ar siúl ag an Droichead, dar le Jim Mc Auley. "Is bealach maith é chun daoine a tharraingt isteach sna ranganna agus imeachtaí a bhíonn á reáchtáil againn le linn na bliana," a deir sé.

Le tuilleamh eolais fháil faoi imeachtaí sa Droichead buail isteach ar an suíomh http://www.androichead.com/

Maidir leis an obair dheonach, téigh i dteagmháil le Claire Kieran ar: +44 2890 288818 nó seol ríomhphost chuig: claire@androichead.com. *MNT*

Cruinniú de Bhord Údarás na Gaeltachta

Katie McGreal

BHÍ cruinniú de bhord Údarás na Gaeltachta i nGaoth Dobhair ar an Aoine seo caite.

Le linn an chruinnithe, cheadaigh Bord an Údaráis maoiniú de €350,000 d'Ealaín na Gaeltachta Teoranta le cur ar chumas an chomhlachta leanúint leis an gclár oibre i bhforbairt na nealaíon sa Ghaeltacht i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon don bhliain amach romhainn.

Cheadaigh siad caiteachas caipital de €145,000 le hathchóiriú riachtanach a dhéanamh ar an Marglann (An Mart), foirgneamh de chuid an Údaráis i nGleann Cholm Cille, lena chur in oiriúint do ghníomhaíochtaí ealaíon, cultúrtha agus spóirt agus bheartaigh siad go bhfaigheadh Muintearas Teoranta maoiniú de €150,000 chun cabhrú leis an gcomhlacht sin a gclár oideachais agus oiliúna a reáchtáil.

Ceadaíodh líon tograí nua ar fud na gceantar Gaeltachta ina mbeidh 54 post breise nua á gcur ar fáil nuair a bheidh na forbairtí beartaithe curtha i gcrích.

Labhair Aire Stáit na Gaeltachta, Dinny McGinley, le baill an Bhoird freisin. Labhair sé faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, an Bille Gaeltachta atá á ullmhú faoi láthair, struchtúr agus ceist thoghcháin an Bhoird, ról agus feidhmeanna Údarás na Gaeltachta

An Dún

Traidisiúin liteartha na nGael á cheiliúradh

IS i gCaisleán Uidhilín, faoi bhun na mBeanna Boirche ba cheart duit a bheith an deireadh seachtaine seo más in Oidhreacht Ghaeilge an Dúin a chuireann tú do shuim.

Beidh Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Néill ar siúl ar feadh dhá lá, ón Aoine 8 Meitheamh go dtí an Sathairn an 9ú lá.

Tá an Scoil Samhraidh seo ainmnithe in ómós don scríbhneoir Gaeilge, Séamus Ó Néill, a rugadh i gClárchoill, gar do Chaisleán Uidhilín sa bhliain 1910.

Fuair sé bás in 1986.

I measc na leabhar a scríobh sé bhí 'Máire Nic Artáin' agus 'Tonn Tuile'.

Osclófar an Scoil go hoifigiúil ag 2:30 Dé hAoine i nDún Éigse, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Caisleán Uidhilín.

Beidh ceolchoirm ann oíche Dé hAoine leis an gceoltóir Conallach, Doiminic Mac Giolla Bhríde, agus ceoltóirí eile ag dul d'amhrán as an albam is deireanaí ó Dhoiminic, 'Smúidghealach'.

I measc na leachtaí a bheas ann beidh 'Oidhreacht Liteartha Chontae an Dúin go dtí 1800' leis an Dr. Nioclas Mac Cathmhaoil, 'An Ghaeilge in Iarthar Bhéal Feirste go luath san fhichiú haois' le hAodán Mac Póilin agus 'Saol Shéamuis Uí Néill agus a chuid saothair' le Desmond McCabe.

Tráthnóna Dé Sathairn, beidh Ceardlanna ar chúrsaí scríbhneoireachta de chineálacha éagsúla ar siúl.

Críochnóidh cúrsaí na scoile le Béile na Scoile in 'Hillyard House', Caisleán Uidhilín, oíche Dé Sathairn.

Is féidir níos mó eolais a fháil ar http://www.gloruachtartire.com/. CD

Rachel Ní Fhearraigh, Cailín Gaelach Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012 i gcuideachta a cairde, Sharon Nic Pháidín, Lisa Nic Pháidín, Róisín Ní Shearcaigh, Majella Nic Pháidín agus Máire Ionnaidis. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

BEATHA

Tá an samhradh linn!

Bhí aimsir mhaith againn le tamall anuas agus b'fhiú a bheith amuigh faoin ngrian, ach cad atá ann le déanamh? – amharcann **Katie McGreal** ar roinnt imeachtaí a bheas ar siúl le linn an tsamhraidh seo

Tá an samhradh linn! Tá deireadh seachtaine fada mhí an Meithimh thart agus tá éad ar pháistí bunscoile toisc go bhfuil daltaí meánscoile ar saoire. Tá neart rudaí éagsúla ar siúl le linn an tsamhraidh, idir féilte, ranganna agus cúrsaí. Seo blaisín beag de na himeachtaí sin.



Daoine ag baint suilt as an ngrian le linn na haimsire deasa i bhFaiche Stiabhna i mBaile Átha Cliath le déanaí.
PIC: PHOTOCALL IRELAND

Féile na Scríbhneoirí, Baile Átha Cliath

Thosaigh Féile na Scríbhneoirí i mBaile Átha Cliath ar an Luan seo caite agus beidh sé ar siúl go dtí an Domhnach, 10 Iúil.

Beidh dá imeacht dátheangach ar siúl le linn na féile.

Inniu, beidh an seó speisialta ilmheánach, 'Baile Oíche: An Tionscadal' ar siúl. Déanann an seó seo ceiliúradh ar thírdhreacha na hardchathrach istoíche. Cloisfear saothar nua le ceathrar filí á choimisiúnú agus iad ag freagairt d'íomhánna ó Jim Berkeley agus Mark Granier le linn na hoíche.

Cloisimid ó Ailbhe Ní Ghearbhuaigh, Colm Keegan, Peter Sirr agus Gabriel Rosenstock. Tosóidh an oíche ag 8.30in san Workman's Club agus beidh costas €8/10 air.

Beidh ócáid fhilíochta, próis agus amhránaíochta ar siúl i Séipéal Úinitéireach Bhaile Átha Cliath tráthnóna Dé Sathairn ag 6in. Canfaidh Pádraigín Ní Uallacháin amhráin óna halbam, 'Songs of the Scribe' agus beidh an fidléir agus an t-amhránaí Dónal O'Connor, mar aon le Macdara Ó hUallacháin-Graham, fidléir, amhránaí agus seinnteoir an trumpa béil in éineacht léi. Cloisimid ó na filí Éilís Ní Anluain, Darach Ó Scolaí, Kevin Power agus Leontia Flynn agus iad ag léamh saothar a chum siad go speisialta i mBéarla agus i nGaeilge.

Tá tuilleadh eolais faoin bhféile ar fáil ar www.dublinwritersfestival.com.

Cúrsa Gaeilge i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh

Eagraíonn Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh neart imeachtaí agus cúrsaí Gaeilge sa cheantar le linn an tsamhraidh chun an Ghaeilge a chur chun cinn i slite taitneamhacha agus spreagúla.

Viktor Hefferman, trí bliana d'aois ag súgradh ar Dhumhach Thrá i mBaile Átha Cliath le déanaí.
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTO PHOTOCALL

Páistí ón gcampa samhraidh i mBaile an Sceilg anuraidh, lena gcuid teastais i ndiaidh seachtaine de spórt agus spraoi trí Ghaeilge, in éineacht le foireann an Chomhchoiste.

Páistí

Beidh seacht gcampa samhradh do pháistí ó 4 bliana d'aois go 12 bhliain d'aois ar siúl i mí Iúil agus Lúnasa. Campaí seachtainí atá iontu a thosóidh ag 10rn gach lá agus a chríochnóidh ag 2/3in ag braith ar aois na bpáistí. Beidh siad ar siúl i mBaile an Sceilg, an an bhFhaill Mhór, i nDoire Fhionnáin, sa Dromad agus i bPort Mhic Aodha.

Déanfar drámaíocht, amhránaíocht, ealaíon, spórt, cluichí spraoi, cócaireacht agus neart eile trí Ghaeilge. Beidh costas €50 ar dhuine amháin, €90 ar bheirt ón gclann chéanna agus €120 ar thriúr ón gclann chéanna.

Caithfidh Gaeilge a bheith ag gach páiste a bheidh ag freastal ar na campaí seo.

Daoine Fásta

Eagrófar 4 dheireadh seachtaine do dhaoine fásta freisin, dá dheireadh seachtaine siúlóide agus dá dheireadh seachtaine eachtraíochta. Tá na dátaí fós le socrú.

Dreapfar Corrán Tuathail, an cnoc is mó in Éirinn, le linn an dá dheireadh seachtaine agus rachfar amach go dtí Sceilg Mhichíl freisin.

Le linn na deiridh seachtaine eachtraíochta beidh ranganna Gaeilge ar siúl agus gheobhaidh na rannpháirtithe an deis triail a bhaint as neart spóirt uisce agus eachaíochta.

Rachfar ar neart siúlóidí timpeall Bhaile an Sceilg agus Dhairbhre le linn na deireadh seachtaine siúlóide freisin. Beidh ceol, damhsa agus craic ar fáil le linn an dá dheireadh seachtaine chomh maith. Tá neart lóistín ar fáil sa cheantar, is féidir teach a fháil ar cíos nó fanacht in óstallán nó in ionad Leaba agus Bricfeasta.

Teaghlaigh

Cuirfear tús le cúrsaí Gaeilge don teaghlach ar fad i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh an samhradh seo. Is deis í seo do thuismitheoirí a theacht go dtí an Ghaeltacht chun an Ghaeilge a fhoghlaim, in éineacht lena bpáistí. Cuirfear dá chúrsa seachtaine ar siúl i mbliana, ón 14 Iúil go dtí 20 Iúil agus ón 28 Iúil go dtí 3 Lúnasa.

Cuirfear ranganna ar siúl sa mhaidin do na tuismitheoirí agus déanfaidh na páistí neart imeachtaí éagsúla trí Ghaeilge. Tiocfaidh gach duine le chéile níos déanaí sa mhaidin agus déanfar imeachtaí le chéile trí Ghaeilge ionas gur féidir leo an Ghaeilge a d'fhoghlaim siad a chleachtadh. Déanfar ealaín, cluichí spóirt, marcaíocht ar chapall, rincí, ceol agus neart eile.

Beidh costais éagsúla ar fáil, ag braith ar lóistín agus uimhreacha.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.irishlanguageholidays.com.

Daltaí Scoile

Beidh cúrsa Gaeilge sa Ghaeilge labhartha do scoláirí atá ag tosú an dara nó an tríú bhliain sa mheánscoil i Meán Fhómhair 2012 ar siúl ón 18 Meitheamh ar feadh coicíse.

Tá foirm iarratais do na campaí páistí agus tuilleadh eolais faoi gach rud eile ar fáil ó 066 9474888 nó ccnfteo@indigo.ie.

Campa Samhraidh Thír na nÓg

Tá Campa Samhraidh á eagrú ag Naíonra Thír na nÓg i mBré, Co. Chill Mhantáin, do pháistí ó 3 bliana go dtí 5 bliain d'aois sa naíonra.

Beidh gach campa ar siúl ó Luan go Déardaoin, gach seachtain i mí Iúil agus i mí Lúnasa, ag tosú ar an 9 Iúil. Tosóidh an lá ag 9rn agus críochnóidh sé ag 12.30in. Beidh téama difriúil ann gach seachtain agus déanfar neart imeachtaí éagsúla, ar nós ealaín, cluichí, ceol, spórt agus neart eile.

Beidh costas €20 ar lá amháin nó €70 ar sheachtain iomlán. Is féidir íoc as 3 seachtainí as a chéile freisin, ar chostas €200 nó sé seachtainí as a chéile ar chostas €380.

Beidh na campaí as Gaeilge go hiomlán, ach ní gá go mbeadh Gaeilge ag an bpáiste.

Tá tuilleadh eolais agus foirm iarratais ar fáil ó Naomi ar naionratirnanog@hotmail.com nó 086 0618323.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Ceoltóirí á lorg!

Tá Adare Productions ag lorg ceoltóirí le páirt a ghlacadh sa tsraith nua, '*Instrumental*'.

Tá siad ag iarraidh deis a thabhairt do thriúr éigean nach raibh an t-am acu uirlis a fhoghlaim go dtí seo nó atá i ndiaidh uirlise a thosú le déanaí. Beidh an deis acu seinm le ceolfhoireann ceolchoirme RTÉ ag deireadh na sraithe agus déanfaidh siad aonréad leo freisin.

Caithfidh paisean agus suim mhór sa cheol a bheith ag na hiarrthóirí. Ní gá go mbeadh aon traenáil phroifisiúnta faighte acu cheana. Gheobhaidh siad neart traenála agus cabhrach le linn an chláir agus an taifead ach beidh orthu an-chuid cleachtaidh a dhéanamh sa bhaile le linn a gcuid ama saor freisin.

Caithfear a bheith os cionn 18 mbliain d'aois le cur isteach ar an gclár agus beidh neart tascanna agus dúshláin éagsúla á ndéanamh le linn an ama traenála chun a scileanna a fhorbairt.

Caithfear a bheith saor i gcomhair taifeadta ar feadh trí nó ceithre lá gach mí ó mhí Mheithimh go dtí mí na Samhna. Is féidir le daoine a bhfuil suim acu i ngach cineál ceoil iarratas a dhéanamh .

Le cur isteach ar an deis, caithfear foirm iarratais a líonadh agus é a sheoladh go dtí music@adareproductions.ie roimh an Domhnach, 10 Meitheamh.

Is féidir físeán a sheoladh chucu freisin, ach ní chaithfidh tú sin a dhéanamh. Déanfaidh lucht Adare Productions gearrliosta as na hiarratais agus beidh ar na daoine sin éisteacht de chineál éigin a dhéanamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 01 284 3877.

'Hardy Bucks: The Movie'

Thosaigh taifeadadh ar an bpríomhscannán 'Hardy Bucks: The Movie' i mBéal Átha na Muice i Maigh Eo inné. Tá 4 lá taifeadta le déanamh acu ansin sula rachaidh siad go dtí áiteanna éagsúla san Eoraip ar feadh 3 seachtainí. Cuirfear deireadh leis an taifead i mBéal Átha na Muice ag deireadh mí Mheithimh.

Ní ligtear mórán amach faoin scéal, ach tuigtear go mbeadh na carachtair chéanna ann agus atá sa tsraith, 'The Hardy Bucks', agus leanfar trasna na hEorpa iad.

Beidh chuid den fhoireann chéanna acu don scannán agus atá ar an tsraith. Stiúróidh agus léiríodh Mike Cockayne an scannán agus oibríodh sé ar an script le scríbhneoirí na sraithe, Chris Tordoff, Martin Maloney agus Gerry Greaney.

Beidh príomhaisteoirí na sraithe, Owen Colgan, Peter Cassidy, Martin Maloney agus Chris Tordoff, páirteach sa scannán freisin, in éineacht leis an aisteoir Polannach, Daniel Olbrychski.

Fuaireadar maoiniú ó Bhord Scannán na hÉireann an mhí seo caite.

Taobh amuigh den Staidiam Aviva.
PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE

Scannán nua le taifead sa Staidiam Aviva

Thosaigh taifead ar an ngearrscannán nua 'It's a Wonderful Death' sa Staidiam Aviva ar an Satharn, 26 Bealtaine le linn an chluiche peile idir Éire agus an Bhoisnia.

Is ea Eoin Quinn ó Fair City an príomhaisteoir agus tá Matthew Kelly, Craig Leinster, Lisa Neville agus Carol O'Reilly mar chuid eile den fhoireann aisteoireacht.

Is scannán é faoi Michael, fear a bhfuil an galar dubh air agus a bhfuil ag smaoineamh faoi lámh a chur ina bhás féin ach athraíonn gach rud nuair a chloiseann sé go bhfuil deireadh ag teacht don domhan.

Is iad Pat Connolly agus Paul O'Rourke scríbhneoirí an scannáin.

Is iar-scríbhneoir é Connolly don tsraith do pháistí, 'Dinosapien' agus tá O'Rourke ar an bhfoireann ag scríobh an dráma do raidió RTÉ, 'The Pursuit of Happiness'. Déanfaidh an comhlacht léiriúcháin, Big Salad Productions an léiriú air an scannán.

Féach ar:

TG4: Imeacht na nIarlaí
Fiosróidh an clár faisnéise seo an fáth ar d'fhulaing ceannairí na hÉireann sa 17ú haois nuair a d'imigh siad as Éirinn go dtí tíortha le linn Imeacht na nIarlaí. Dé Domhnaigh @ 2.35in.

RTÉ a do: Grey's Anatomy
Sa chlár deireanach den tsraith, caithfidh na dochtúirí iad féin a choinneáil beo i ndiaidh na timpiste. Déanann Bailey agus Ben cinneadh mar gheall ar a gcaidreamh agus eagraíonn Richard dinnéar speisialta do na dochtúirí. Dé Máirt @ 10.10in.

RTÉ a haon: Would you believe?
Breathnóidh an clár speisialta seo ar gach rud a bheidh ag tarlú le linn Chomhdháil Idirnáisiúnta Chorp Chríost 2012 a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath ón 10 Meitheamh go dtí an 17 Meitheamh. Dé Domhnaigh @ 10.30in.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Iris Aniar
Tosóidh an láithreoir, Eibhlín Ní Chonghaile, a chamchuairt ar fud Ghaeltacht Chonamara i gCill Chiarán ar an gclár seo. Labhróidh sí le muintir na háite agus le coistí áitiúla faoi imeachtaí atá ag teacht aníos sa cheantar. Dé Máirt @ 9.08rn.

BBC Raidió Uladh: Blás
Cuirfidh Lynette Fay tús leis an deireadh seachtaine le ceol tíre. Pléifear traidisiún agus stair an cheoil le linn chlár na seachtaine seo. Dé hAoine @ 7in.

RTÉ Raidió a haon: Off the Shelf
Tá Andy O'Mahony ar ais chun leabhair nuafhoilsithe a phlé ar an gclár seo. Beidh Deirdre Mac Mathúna, Diarmaid Ferriter agus Ciarán Brady ar an bpainéal chun 'The Right Kind of History: Teaching the Past in Twentieth-Century England' le David Cannadine, Jenny Keating agus Nicola Sheldon a phlé. Dé Sathairn @ 7.30in.

Eibhlín Ní Chonghaile

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

NUACHT Litríochta

Fírinne agus samhlaíocht sníofa le chéile

Léirmheas le Meadhbh Ní Eadhra

'Beirt Bhan Mhisniúla'
Pádraig Ó Siadhail
Cló Iar-Chonnacht
282 lch, €12



Seoladh an t-úrscéal seo le Pádraig Ó Siadhail siar i mí Dheireadh Fómhair 2011 agus thart ar an am céanna, bhí deis agam an t-údar féin a chur faoi agallamh maidir lena leabhar nua. Anois, cúpla mí níos déanaí, agus an leabhar léite agus athléite agam, caithfidh mé a rá go bhfuil sé spéisiúil smaoineamh siar ar an méid a dúirt an t-údar féin faoin leabhar, agus é sin a chur i gcomparáid le mo thuiscint agus mo thuairimí féin ar an úrscéal céanna.

Ceann de na gnéithe is fearr liom faoin leabhar seo ná an ghluaiseacht leanúnach atá ann ó áit amháin go háit eile, ó am amháin go ham eile, ó bhean go fear, ó dhuine go duine agus ar ais arís. Súgraíonn Ó Siadhail leis seo agus cuireann sé go mór le hinsint an scéil. Athraíonn suíomh an scéil ó Thalamh an Éisc go Nua-Eabhrac go Londain go Baile Átha Cliath agus mar sin de, sna blianta idir 1913 agus 1928. Bíonn rud éigin ag tarlú agus ag athrú i gcónaí, agus coinnítear an patrún sin tríd an leabhar ar fad.

Aithneoidh an-chuid daoine teideal an leabhair, Beirt Bhan Mhisniúla, ó ghearrscéal le Pádraig Ó Conaire. Go deimhin, scéal triúir atá sa leabhar seo, agus tá an Conaireach féin mar dhuine de na príomhcharachtair, mar aon le Caitlín Ní Aodha agus Mary Morrison, beirt de na mná a bhí i mbeatha an Chonairigh. Tarraingítear ar théamaí móra i scríbhinní Uí Chonaire sa leabhar seo, go háirithe an grá agus an feall. Blaisimid de shaol na nÉireannach agus na Gaeilge sna blianta roimh 1916 i Londain, áit ar chuir Caitlín Ní Aodha, Ceanadach, aithne ar an gConaireach, go ndearnadh leannáin díobh agus gur chreid Caitlín go bpósfaidís, is é sin go dtí gur nocht an fhírinne shearbh gurbh fhealltóir é an Conaireach a raibh ceangal na gcúig chaol air.

Tá go leor siombalachais le feiceáil sa leabhar seo, agus feicimid an Ghaeilge ag snaidhmeadh daoine le chéile a bhí in éadan a chéile sa chogadh cathartha, nó, ar ndóigh, ag déanamh a mhalairt uaireanta freisin. Bhraith mé go raibh an-chur amach ag Ó Siadhail ar ré na hathbheochana agus gur thuig sé an cultúr a bhain leis an tréimhse seo. Neartaíonn sé sin an leabhar go mór. Ag staid amháin, ní féidir le Mary Morrison, an laoch óg, ar bhealach, teagmháil a dhéanamh leis an tseanlaoch, Caitlín, mar nach bhfuil guthán ag Caitlín. Tugann sé sin fírinne agus réadúlacht don scéal, agus os rud é go bhfuil muid ag tarraingt ar chéad bliain ó tharla go leor de na rudaí sa scéal, éacht atá ann gur éirigh le Ó Siadhail léargas chomh inchreidte sin a thabhairt ar an saol ag an am,

Cé gur i gcomhlacht Woolworths i Nua-Eabhrac a thosaíonn an scéal, téimid ar thuras go dtí go leor áiteanna éagsúla agus casaimid le go leor daoine ar an mbealach. Tá cúlra spéisiúil ag an leabhar agus sílim go bhfuil sé iontach uaillmhianach agus dúshlánach mar thionscnamh scríbhneoireachta. Tá meas tuillte ag an údar as tabhairt faoi leabhar mar seo. Tá sé deacair míniú a thabhairt ar cén seánra ina bhfuil an leabhar. Ní ficsean stairiúil atá ann, ach rud éigin níos samhaltaí ná sin. Deir an t-údar, ag cúl an leabhair, gur saothar ficsin atá ann, le bunús stairiúil leis. Déanann Ó Siadhail iarracht go leor de na bearnaí i scéal bheatha an Chonairigh a líonadh, agus deir sé féin nach féidir aon rud a rá go cinnte faoin gcairdeas a bhí idir Ó Conaire agus Caitlín Ní Aodha. Deis a bhí ann do Ó Siadhail dul i mbun cumadóireachta, mar sin, agus a shamhlaíocht a úsáid chun a insint féin a thabhairt ar shaol an Chonairigh. Tá meascán, mar sin, den saol stairiúil agus den saol samhailteach sa leabhar seo, agus an dá rud fite fuaite lena chéile. Cá stopann an fhírinne agus cá dtosaíonn an cumadóireacht? Ní thig linn a rá go cinnte, agus mar léitheoir, thaitin sé sin go mór liom. Tar éis tamaill, stop mé ag smaoineamh ar na fíricí agus faoin méid a bhí ar eolas agam cheana féin faoi scéal an Chonairigh, agus lig mé don údar mé a thabhairt ar thuras dá chuid féin. D'fhéadfá an leabhar a léamh gan aon réamheolas a bheith agat ar an gConaireach ná ar a shaothair, agus sin rud iontach maith, sílim féin.

Níl aon amhras ach go bhfuil saol na Gaeilge le feiceáil sa leabhar seo. Tá a gcroíthe istigh sa Ghaeilge ag na daoine sa scéal seo agus tá sé seo soiléir, go háirithe agus iad thar lear. Tá scéalta grá agus tírghrá ceangailte le chéile.

Tá macallaí de shaothair Uí Chonaire le braith sa chaoi a n-insítear an scéal chomh maith. Faighimid peirspictíocht an deoraí nó an inimircigh agus tá an deoraíocht féin mar théama sa scéal.

Baineann sé seo leis na hÉireannaigh a chuir fúthu i dTalamh an Éisc agus i Londain, agus is topaic ábhartha é seo faoi láthair in Éirinn, leis an oiread sin daoine ag fágáil na tíre ag lorg oibre.

Níl aon amhras ach go bhfuil saol na Gaeilge le feiceáil sa leabhar seo. Tá a gcroíthe istigh sa Ghaeilge ag na daoine sa scéal seo agus tá sé seo soiléir, go háirithe agus iad thar lear. Tá scéalta grá agus tírghrá ceangailte le chéile.

Bhraith mé go raibh tús áite ag na mná sa leabhar seo agus go raibh siad lárnach sa scéal. Is mná polaitiúla, fealsúnachta, morálta agus daonna iad Caitlín agus Mary agus tá siad thar a bheith láidir mar charachtair. Déantar iomlánú orthu mar phearsana sa scéal agus is tríothu a fhorbraítear an leabhar. É sin ráite, tá an bealach a shamhlaíonn Ó Siadhail an Conaireach spéisiúil, go háirithe nuair a thagann sé go dtí na coimhlintí ina shaol. Léirítear Pádraig Ó Conaire mar phearsa ealaíona, agus i dtreo dheireadh an scéil téann sé ar an drabhlás, rud a léiríonn an-chuid faoina charachtar. Maidir le Max, an pearsa bleachtaireachta, bhí sé suimiúil carachtar den chineál sin a bheith sa scéal.

Foilsithe ag Cló-Iar Chonnacht, tá cuma snasta ar an leabhar seo agus is léir ó chlúdach an leabhair go bhfuil bunús stairiúil ag baint leis. Is fiú go mór é a cheannach ar €12 agus beidh tú gafa leis an scéal a luaithe is a thosaíonn tú á léamh. Éiríonn le Ó Siadhail nuálacht agus súil eile a thabhairt ar thréimhse stairiúil ar leith agus ar shaol an laoch liteartha, Ó Conaire.

Is féidir teacht ar an agallamh úd le Pádraig Ó Siadhail in eagrán 6 Deireadh Fómhair 2011 de Gaelscéal (www.gaelsceal.ie)

NUACHT Litríochta

Cathracha i gCóngar is i gCéin

Eoghan Ó Néill
Coiscéim
€10

Léirmheas le Marcus Mac Dhonnagáin



SA lá atá inniu ann, tá an domhan an ag éirí níos lú mar gheall ar an luas a bhfuil teicneolaíocht á forbairt agus ar an laghdú atá ag teacht ar chostais taistil.

Dá bharr sin, tá fás mór tagtha ar an spéis atá daoine a chur i dtíortha thar lear agus i gcultúir eachtrannacha.

Ar an teilifís, bíonn iriseoirí agus craoltóirí ag taisteal na cruinne, ag tabhairt an domhain mhóir isteach sa seomra suite chugainn.

In 2007, foilsíodh 'Cathracha', leabhar a scríobh an t-iriseoir Eoghan Ó Néill ina ndearna sé cur síos ar sheacht gcinn déag de chineálacha éagsúla cathair. Sa leabhar is deireanaí uaidh, 'Cathracha i gCóngar is i gCéin', roghnaigh Ó Néill ocht gcinn déag de chathracha eile.

Is léir go bhfuil go leor taighde déanta ag Ó Néill faoi gach uile chathair ar thug sé cuairt orthu. Tá an leabhar lán le fíricí, dátaí agus mionscéalta. Chomh maith leis sin, déanann an t-údar cur síos ar a thaithí pearsanta i ngach cathair ar leith agus cuireann sé seo go mór leis an chaoi a mbíonn muid in ann atmaisféar gach ceann acu a shamhlú. Éiríonn leis a thaispeáint dúinn go bhfuil tuiscint leathan aige ar chúlra agus ar shaol comhaimseartha na gcathracha atá á bplé aige.

Ach tá fadhb leis an méid eolais atá ar fáil i ngach caibidil chomh maith. Tá beagnach gach cuntas ar leith timpeall is 9-10 leathanach ar fhad, agus de bharr an taighde chúlra ar fad, is minic nach mbíonn mórán spáis fágtha chun cur síos mion a dhéanamh ar gach gné de cathair áirithe.

Uaireanta bíonn an iomarca scéalta stairiúla i gceist agus an iomarca dátaí luaite, rud a fhágann an blas ar an leabhar nach í an chuairt phearsanta an fhoinse is tábhachtaí den chuntas ach an léitheoireacht a rinne an t-údar i ndiaidh dó a theacht abhaile.

Sa chéad chaibidil, déanann Ó Néill cur síos ar Chathair Peadair sa Rúis. Cheap mé go raibh an cur síos ar stair na cathrach ag bogadh beagáinín sciobtha agus go raibh an t-údar ag léimt ó aois amháin go haois eile an iomarca san insint.

De bharr nach measann Ó Néill an cur síos faoi stair na cathrach lena thaithí féin go rómhaith in áiteacha, ní fhaigheann muid pictiúr nó tuiscint láidir de phearsantacht na háite scaití.

Ach sa chuid is fearr den leabhar cruthaíonn Ó Néill pictiúr soiléir, taitneamhach den saol agus den stair a bhaineann leis an gcathair atá i gceist aige. Nuair a dhéanann sé cur síos ar La Paz sa Bholaiv mar shampla, faigheann muid pictiúr láidir den dainséar a bhaineann le taisteal ar 'Bóthar an Bháis'.

Is leabhar taitneamhach é 'Cathracha i gCóngar is i gCéin' agus seachas locht nó dhó, oibríonn struchtúr an leabhair agus stíl Uí Néill go maith le chéile.

Dord an dúchais

Dosaen de Scothamhráin Chonamara
Jean-Yves Bériou
Coiscéim 2008
€15

Léirmheas le Méabh Ní Thuathaláin

BAILIÚCHÁN de dhosaen amhrán ar an sean-nós is ea Dord an Dúchais. Is é seo an tríú leabhar agus dlúthdhiosca i sraith a dhíríonn ar amhránaíocht shean-nóis Chonamara. Cluintear Sarah Ghriallais agus Josie Sheáin Jeaic sa chéad dá dhiosca, beirt amhránaithe mór le rá a raibh baint acu leis na comórtais agus féiltí i rith aimsir na hathbheochana.

Is iarracht é an bailiúchán seo chun díriú ar ghlórtha níos óige, amhránaithe nach bhfuil chomh haitheanta sin ach a bhíonn le cloisteáil sa cheantar -'cruthúnas go bhfuil fréamhacha doimhne sa phobal... i bhfad ó micreafóin agus ó stáitsí.'

Tugtar léargas ar chantain ársa an iarthair sa réamhrá agus ar na téamaí a luaitear go coitianta sna hamhráin. Is spéisiúil an léamh é don té nach bhfuil chomh heolach sin ar an sean-nós.

Tá cuid de na hamhránaithe is fearr dá nglúin le cloisteáil ar an dhlúthdhiosca. Tá cúig amhrán air le Nan Tom Teaimín de Búrca as Carna, ceithre amhrán le Mícheál Mhuirne Ó Tuathail as Leitir Calaidh agus trí chinn d'amhráin le Máiréad Nic Dhonncha as Béal an Daingean ó dhúchas.

Tugtar bláisín eolais faoi na hamhránaithe agus faoi na hamhráin uilig, rud a thaitin go mór liom féin. Tá idir amhráin bhríomhara agus amhráin mhalla sa bhailiúchán seo, amhráin áille atá le cloisteáil go coitianta agus neamhchoitianta sa cheantar. I measc na n-amhrán sin tá 'Tailiúr a' Mhagaidh' , 'Sail óg Rua', 'Púcán Mhicil Pháidín' agus 'Amhrán Mhaínse'. Shuigh mé síos agus thug mé cluas éisteachta don dlúthdhiosca ó thús deireadh. Thug na hamhráin siar mé chuig am fadó. Cé nach bhfuil mórán cur amach ar amhránaíocht an tsean-nóis, mhothaigh mé go raibh nasc de shaghas agam leis na hamhráin. Ceol a lonnaíonn ar na cluasa. Bhí mé iomlán gafa ag na glórtha agus ag an scéal a bhí á chanadh acu. Scéalta faoi ghrá, imirce, bás agus an cheantar áitiúil den chuid is mó, a thugann léargas ar an am atá caite agus ar an saol a bhí ag muintir Chonamara fadó. Cuirtear gach eolas sa leabhar ar fáil i gceithre theanga: an Ghaeilge, an Fhraincis, Béarla agus Spáinnis. Tá an leagan amach ciotach ar bhealach leis na haistriúcháin ar fad ach bheadh sé thar a bheith úsáideach d'fhoglaimeoirí agus iad ag iarraidh na hamhráin a thuigbheál.

Is iontach an rud é gur bailíodh na hamhráin seo ó cheantar Chonamara agus go bhfuil taifead déanta de na hamhránaithe áitiúla. B'fhiú go mór a mhacasamhail a dhéanamh sna ceantair Ghaeltachta eile ina bhfuil an sean-nós beo, ionas go mbeadh taifead déanta de na glórtha agus na amhráin sin freisin.

'Ceachtanna ón gCatalóin: Teanga i ngleic le nualiobrálachas'

Coiscéim
€6

Léirmheas le Colm Ó Broin

TÁ an t-údar Tomás Mac Síomóin lonnaithe sa Chatalóin ó 1997 agus saineolas aige ar na dúshláin atá ann do theanga dhúchais an cheantair.

Is éard atá sa leabhar seo ná leagan de chaint a thug sé ag siompóisiam dar teideal "Teangacha Mionlaigh na hEorpa: Inniu agus Amárach" a d'eagraigh an Chuallacht in Ollscoil Chorcaí roinnt blianta ó shin.

Ón teideal, shílfeá go ndíríonn sé ar cheachtanna atá ann do lucht na Gaeilge ó chás na Catalóinise, ach is beag tagartha atá ann do theanga dhúchais na tíre seo. Cur síos ar staid na teanga Laidinigh atá ann agus is faoin léitheoir atá sé ceachtanna a bhaint as.

Ó thaobh líon agus stádas na teanga de, níl aon chomparáid idir an Chatalóinis agus an Ghaeilge. Cé go ndéantar cur síos ar an gCatalóinis mar mhionteanga, tá 11 milliún duine ann a labhraíonn í agus iad lonnaithe sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil agus in Andóra. Ní sa Chatalóin amháin a labhraítear í i Stát na Spáinne, óir faightear í in Valencia agus ar na hOileáin Bhailéaracha. Is í teanga rialtas agus chóras oideachais na Catalóine í chomh maith.

Ina ainneoin seo, táthar ann atá ag tuar bhás na teanga seo. Tá sí faoi fhíorbhrú ag an Spáinnis. Is í an Spáinnis máthairtheanga 44% de mhuintir na Catalóine (52% de Bharcelona) agus tá sí ag nach mór gach cainteoir dúchais Catalóinise.

Mar a tharlaíonn in Éirinn, géilleann daoine le Catalóinis nuair a bhíonn cainteoirí Spáinnise thart, fiú cainteoirí Spáinnise a bhfuil Catalóinis acu. Macasamhail na Gaeilge freisin, tá bearna ollmhór idir líon na gcainteoirí Catalóinise agus líon na ndaoine a léann nuachtáin, irisí, srl., i gCatalóinis.

Murab ionann agus Éire, níl meath ag teacht ar an gCatalóinis toisc go bhfuil cainteoirí dúchais ag tréigeann



na teanga, ach toisc go bhfuil daoine ó cheantracha eile sa Spáinn bogtha ann ó thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch. Téama eile atá sa leabhar ná go bhfuil an teanga faoi bhagairt ag an Nualiobrálachas.

N'fheadar cé chomh slán is atá an teoiric seo, áfach, óir níl an nualiobrálachas ag déanamh mórán bagairte ar theangacha le níos lú cainteoirí ná an Chatalóinis, ar nós na Danmhairgise, na Fionlainnise agus na Seicise. Ní haon bhagairt í an inimirceacht do na teangacha seo ach an oiread. An rud atá acu nach bhfuil ag an gCatalóinis ná tír neamhspleách chun tacaíocht chuí a thabhairt dóibh. B'fhéidir gur ceacht é sin do lucht na Catalóinise.

Crosfhocal 06.06.2012



NODA

TRASNA

3 Ráiteas, rud a deir duine (6)
6 Léimeann sé seo as tine.. nó bíonn sé ag damhsa ann (6)
7 Teideal duine, giorraithe (3)
9 An líon 'misteár; a bhíonn i ngach leagan de Choróin Mhuire (4)
10 Tóg páirt i gcluiche (5)
11 Caith siar deoch (2)
12 An chéad lá den tseachtain (5)
13 Iasc dearg a thiocfadh duine a chur ar strae i ndíospóireacht b'fhéidir (6)
17 Iontach, ollmhór (3)
19 Cluiche -----, cluiche le peil (5)
21 Crainn ag fás le chéile (5)
22 Sreang tiubh, láidir (5)
24 Sona, ar do shuaimhneas (5)
25 Ann (2)
27 Ceangail coinceap nó fíric isteach le do chomhrá (6)
28 Úrscéal, rud atá foilsithe (7)

SÍOS

1 Cosúil le bean (6)
2 Tréimhse sé seachtainí de throscadh agus staonadh roimh an gCáisc (7)
3 Ina a luí __ , anuas -- (2)
4 Uirlis mhór lena mbristear adhmaid don tine (3)
5 Ainmhí oibre cosúil le capall (4)
8 Talamh bog, fliuch (5)
10 Ball crua ar deireadh do mhéara nó mhéara cos (5)
11 Caint phoiblí os comhair grúpa daoine (5)
14 Anonn agus -----; ag dul agus ag imeacht (5)
15 Áit ina ndéantar arán (5)
16 Gnó agus rudaí le déanamh scríofa síos (6)
17 Drong, tionól mór daoine (4)
18 Uirlis le mbailíonn tú féar gearrtha nó duileoga le chéile sa ghairdín (4)
20 Rudaí a chur in ord (5)
23 Binn a bhíonn sé agus é ina thost (4)
25 Uisce ag titim go mall (3)
26 Níos mó ná bó amháin (2)

Crosfhocal
30.05.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Mícheál Ó hAodha
Trá Lí, Co Chiarraí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 11.06.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

'Faigh colainn fhoirfe duit féin don samhradh seo!'

IS iomaí iris atá bailithe agam sa mbaile. Ceannaím go minic iad. Ar nós go leor cailíní eile, is maith liom a bheith ag léamh faoi fhaisean, na táirgí áilleachta is deireanaí agus ar ndóigh an chúlchaint faoi dhaoine cáiliúla. Is maith linn (gnáthdhaoine) a bheith ag caitheamh súil ar an saol galánta atá ag aisteoirí agus amhránaithe agus mainicíní móra le rá.

Cé leis a bhfuil siad ag siúl amach? Cén dearthóir faisin is fearr leo? Cén áit ar maith leo a dhul ar saoire, agus rudaí beaga eile seafóideacha mar sin.

Agus ar ndóigh ar chlúdach gach iris le beagnach amuigh ansin bíonn líne amháin a bhaineann le 'diets'! 'Faigh colainn fhoirfe duit féin don samhradh seo!'

Anois tá sé sin togha do mo leithéidse. Tá mo dhóthain smachta agus tuisceana agam ar na rudaí a bhím ag léamh agus bím cúramach faoi cé mhéad agus cé air a thabharfaidh mé aird, ach an féidir an rud céanna a rá faoi chailíní óga na linne seo?

Tá a fhios againn ar fad an tábhacht a bhaineann le réimeas cothrom bia a ithe chun a bheith sláintiúil agus teastaíonn beagán aclaíochta a dhéanamh freisin, gan dabht.

Ach tá go leor de chailíní óga na laethanta seo an-ghoilliúnach agus mar gheall go bhfeiceann siad réalta móra an tsaoil ag breathnú foirfe an t-am uilig, cuireann siad níos mó struis orthu féin chun a bheith cosúil leo.

'Look Great Naked' - ach an bhfuil teachtaireachtaí mar seo sláintiúil?

Bhí cailín eile ann a bhí ag ól caife, arís i mo thuairim-se bhí sí i bhfad ró-óg le bheith á ól sa gcéad áit, ach bhí sí á ól trí shop ar fhaitíos go gcuireadh sé smál ar a cuid fiacla. Is í mamaí a mhuin an chleas sin di!

An dtuigeann siad go bhfuil na réalta móra seo i bhfad níos sine na iad agus go bhfuil daoine ann a chuidíonn leo saol sláintiúil a chaitheamh?

Chonaic mé clár teilifís le deireanaí faoi dhéagóirí atá ina gcónaí i Londain. Déagóirí nach bhfuil ach idir dhá bhliain déag agus ceithre bliana déag d'aois agus cuireadh iontas orm faoin gcineál saoil a bhfuil siadsan ag maireachtáil ann.

Bhí cailín amháin a cheap go raibh in iomarca meáchain uirthi (ní raibh) agus bhí sí ar 'diet' aisteach nach raibh sí ach ag ithe glasraí agus ag ól uisce ar feadh coicíse, go mbeadh sí in ann an bicíní a cheannaigh sí, a bhí róbheag di, a chaitheamh!

Agus is cosúil go raibh mamaí breá sásta leis an gcinneadh sin.

Bhí cailín eile ann a bhí ag ól caife, arís i mo thuairim-se bhí sí i bhfad ró-óg le bheith á ól sa gcéad áit, ach bhí sí á ól trí shop ar fhaitíos go gcuireadh sé smál ar a cuid fiacla. Is í mamaí a mhuin an chleas sin di!

Cuireann sé brón orm cailíní áille óga a fheiceáil agus iad ag iarraidh a bheith níos sine ná mar atá siad. Bain sult as an óige fad atá sí agat.

Ní mhaireann sí i bhfad.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas Agat ar do Chearta: Coimeád Leanaí agus Forlíonadh Cíosa

Ceist : Tá mé scartha ó mo chéile. Tagann ár mbeirt leanbh chugam agus fanann siad oíche amháin liom sa tseachtain. Tá Forlíonadh Cíosa á fháil agam agus táim dífhostaithe faoi láthair. Ba mhaith liom árasán níos mó a fháil ar cíos chun cóiríocht a chur ar fáil dóibh ionas gur féidir leo fanacht liom ar feadh níos faide amach anseo. An féidir liom cáiliú d'íocaíocht níos airde Forlíonadh Cíosa?

Freagra : Déileálann an Roinn Coimirce Sóisialaí le riachtanais chóiríochta leanaí nach gcónaíonn go lánaimseartha lena dtuismitheoirí ar bhonn cás ar chás. Ba cheart duit seiceáil cén socruithe atá le hionadaí áitiúil do Roinne (ar ar tugadh an tOifigeach Leasa Pobail nó an CWO).

Nuair a dhéanann tú iarratas ar Fhorlíonadh Cíosa, ní mór go mbeidh an Roinn sásta go n-oireann an t-árasán nó an teach go réasúnta do do chuid riachtanais chónaithe nó eile.

Go ginearálta, má bhíonn comhchoimeád ag tuismitheoirí ar leanbh, ní mór go gcuirfear san áireamh riachtanais na beirte tuismitheoirí chun cóiríocht leordhóthanach a bheith acu d'fhonn aire a thabhairt don leanbh agus measúnú á dhéanamh ar iarratas ar Fhorlíonadh Cíosa. Ciallaíonn comhchoimeád, go ginearálta, go gcaitheann leanaí an méid céanna ama le gach tuismitheoir. Más amhlaidh atá an cás, is gnách go n-iarrfaidh an Roinn ar cháipéisíocht a léiríonn go bhfuil socrú comhchoimeádta i bhfeidhm agus á oibriú sular féidir cinneadh a dhéanamh.

Mura bhfuil comhchoimeád i gceist, ach má tá rochtain agat ar do leanaí ar feadh méid áirithe ama gach seachtain, déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí scrúdú ar do chás agus aird ar chúinsí uile an cháis. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an cinneadh go bhfuil riachtanas tithíochta agat ach go bhfuil cóiríocht leordhóthanach á cur ar fáil do do leanaí lena bpríomhchúramóir. Ba cheart duit i gcónaí do chás a phlé le hionadaí na Roinne, áfach.

Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a dhéanfar i do chás, is féidir an cinneadh a achomharc leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh. Tá breis faisnéise ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir an tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' lé chéile a chuireann seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis ar fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

GAILF

Dúshlán Corn Curtis a Bhuachan Ar Ais

Leona Maguire, Éire
[PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Gráinne McElwain

CUIRFEAR tús le Comórtas Chorn Curtis i Nairn na hAlban ar an Aoine seo. Tabharfaidh na himreoirí amaitéaracha is fearr i ngalf na mban as an Bhreatain agus Éire aghaidh ar fhoireann as na Stáit Aontaithe. Reáchtáiltear an comórtas seo gach dara bliain ach is iad na Meiriceánaigh is láidre le blianta beaga, ag buachaint an choirn seacht n-uaire ó 1996 anall. B'shin an uair dheireanach ar éirigh le foireann Shasana agus na hÉireann an corn a bhuachaint. Ina measc siúd a bheas ag imirt beidh, Leona Maguire, an t-imreoir Éireannach ón Chabhán chomh maith le Amy Boulden ón Bhreatain Bheag, Pamela Prestwell as Alba, Kelly Tidy ó Shasana agus Charley Hull as Sasana atá 16 bliana d'aois.

Bunaíodh an comórtas seo in 1932 agus b'iad na deirfiúracha Curtis: Harriot agus Margaret, imreoirí gailf as na Stáit Aontaithe a bhronn an corn ar an gcomórtas.

RUGBAÍ

Dianscrúdú in aghaidh na nAll Blacks

Gráinne McElwain

AG féachaint go fuarchúiseach ar na staitisticí, níl an chuma ar an scéal gur féidir le foireann rugbaí na hÉireann an ceann is fearr a fháil ar na All Blacks thall sa Nua-Shéalainn sa trí chluiche eatarthu sna seachtainí amach romhainn. As an 24 uair a chas an dá fhoireann seo ar a chéile, fuair Nua-Shéalainn an lámh in uachtar 23 uair agus chríochnaigh an chluiche eile ar chomhscór. Scrúdú dian mar sin do bhuíon Kidney? Bí cinnte gurb ea.

Rud amháin a dhéanann an jab seo níos deacra do na hÉireannaigh ná an méid gortaithe atá ag cur as don fhoireann. Níor éirigh le Paul O'Connell fáil réidh le gortú glúine in am don eitilt agus ní raibh Stephen Ferris, Luke Fitzgerald ná Tommy Bowe ar an eitleán go dtí an leathsféar theas ach an oiread mar gheall ar ghortaithe. Tá imní mór faoin frapa Mike Ross agus gan Paul O'Connell sa phaca, bheifeá buartha don chlibirt agus iad ag tabhairt aghaidh ar sheaimpíní an domhain.

Ceapadh Steve Hansen mar chóitseálaí ar Nua-Shéalainn tar éis Chorn Rugbaí an Domhain agus beidh sé ag triail neart imreoirí nua sna cluichí seo. Seo an chéad uair ag an Nua-Shéalainn a bheith ag imirt ó bhuaigh siad Corn an Domhain agus mar sin is é seo an t-am is fearr chun bualadh leo. Ach mar atá feicthe againn cheana, tá láidreacht agus neart san fhoireann iomráiteach seo le himreoirí óga ag iarraidh greim a fháil ar an ngeansaí dubh. Beidh an chéad chluiche ar siúl maidin Dé Sathairn in Auckland ag 7.35i.n., am áitiúil.

Jamie Heaslip, Éire [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

FORMULA 1

Agóidí chun cur isteach ar Grand Prix Cheanada?

Gráinne McElwain

BEIDH rás a seacht i gComórtas Formula 1 i Montreal an deireadh seachtaine seo agus tá pleananna á réiteach le hagóidí a reáchtáil a chuirfeas isteach ar an Grand Prix. Faoi láthair tá easaontas idir mic léinn sa cheantar agus an rialtas faoi na táillí ar chúrsaí oideachais. Cheana féin, tá an lá oscailte ar an Déardaoin ina raibh lucht tacaíochta Formula 1 chun a theacht go dtí an cúrsa le bualadh leis na tiománaithe agus síniúcháin a fháil curtha ar ceal mar gheall ar an imní atá faoi chúrsaí slándála. Tá Céad Aire Quebec, Jean Charest, ag impí ar na mic léinn gan dochar a dhéanamh d'íomhá na cathrach agus é ag cur in iúl dóibh an tábhacht a bhaineann leis an rás seo, ó thaobh na heacnamaíochta agus jabanna de do mhuintir na háite.

Den chéad uair i stair an chomórtais, tá seisear tiománaithe difriúla tar éis na chéad sé rás a bhuachan, le Mark Webber ag buachaint an Monaco Grand Prix do Red Bull coicís ó shin den dara huair i dtrí bliana. Faoi láthair, is é Fernando Alonso do Ferrari atá chun tosaigh ar 76 pointe, Sebastian Vettel agus Mark Webber atá taobh thiar dó ar 73 pointe. Bhuaigh Jenson Button Grand Prix Cheanada anuraidh agus tá bua ag teastáil go géar ó Lewis Hamilton agus Button do McLaren-Mercedes chun a chinntiú nach bhfágfar taobh thiar iad san iomaíocht agus iad sa cheathrú háit agus sa seachtú háit san am i láthair. B'fhéidir faoi dheireadh gurb é seo an rás ina bhfeicfimid solas an lae ag teacht idir na hiomaitheoirí.

Réalt F1, Jenson Button 'ag rásaíocht' trí lár Bhaile Átha Cliath Dé Domhnaigh ina charr, Vodafone McLaren-Mercedes. Tháinig na mílte daoine amach ar na sráideanna chun Button, a charr, agus cuid mhaith carranna agus tiománaithe eile a fheiceáil mar chuid den imeacht 'Bavaria City Racing'. [PIC : BAVARIA / MATHIAS KNIEPEISS]

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 6 Meitheamh, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Nílim amaideach go leor chun tuar a dhéanamh ar chluiche Ard Mhacha agus Tír Eoghain

Is iomaí uair, mar ógánach, mar imreoir agus mar leantóir a rinne mé an oilithreacht chuig Staid Mhic Gearailt i gCill Airne nó go dtí Páirc Uí Chaoimh i gCorcaigh, chun freastal ar cheann de mhór-ócáidí na bliana peile.

Sea, nuair a bhuail Corcaigh agus Ciarraí lena chéile bhí an samhradh tagtha.

Théadh na sluaite do dtí na cluichí agus bíodh deireadh scroichte ag fhoireann amháin (Corcaigh an chuid is mó den am).

N'fheadar an bhfuil an ócáid chomh mór fós? Cinnte níl sé ag an am seo bliana nuair is féidir leis an bhfoireann a chailleann a theacht ar ais sa rás arís níos déanaí.

Níl an tábhacht céanna ag baint le teacht le chéile na bhfirne seo go dtí go mbíonn an cluiche i mBaile Átha Cliath níos déanaí sa bhliain.

Nílim ag rá nach mbeidh ceachtar den dá fhoireann ag déanamh a ndícheall an cluiche a bhuachaint ná baol air, ach táim cinnte go leor nach é deireadh an domhan é don fhoireann a chailleann.

Ní dóigh liom go raibh Jack O'Connor róshásta leis an taispéantas i nDúrlas coicís ó shin.

Mar sin féin, d'fhoghlaim sé rudaí éagsúla ón gcluiche ach cad é mar chailliúint é Bryan Sheehan, a bheith gortaithe.

Chonaiceamar Corcaigh ag tabhairt chraobh na sraithe leo tamall ó shin agus é sin déanta gan Daniel Goulding ná Ciarán Sheehan a bheith ag imirt.

Cloisim go bhfuil cúrsaí go maith sa champa agus bunaithe ar an bhfianaise atá os ár gcomhair go dtí seo i mbliana ba cheart go mbeadh an bua ag an bhfoireann baile cois Laoi.

Ar an taobh eile, i gcúige Mumhan, beidh Luimneach agus an Clár ag tabhairt faoina chéile an Satharn beag seo.

Rinne Luimneach an-dul chun cinn le blianta beaga anuas agus bhí craobh na Mumhan tuillte acu cúpla bliain ó shin ach ní dóigh liom go bhfuil an caighdeán céanna sroichte acu le bliain nó dhó.

Tá gortú ag cur isteach ar fhear lár páirce Jim O'Donovan agus ar ndóigh is cailliúint ollmhór é an laoch eile lár páirce, John Galvin, fear go bhfuil gortú croisiach ag cur isteach air.

Tá sé suimiúil go bhfuil comhairleoir Mhóin an Lín, Micheal McDermott, mar bhainisteoir ar fhreasúra an Sathairn.

Ní bheidh mórán eatarthu. Bhíodar sa roinn chéanna sa tsraith Allianz agus bhuaigh an Clár an cluiche sin le farasbarr cúilín amháin. Tá Luimneach ag imirt sa bhaile agus b'fhéidir go dtabharfaidh sé sin buntáiste éigin dóibh.

Lúcháir agus drochmhisneach : Emlyn Mulligan, ar dheis, agus Wayne McKeon, Laitroim, ag ceiliúradh agus Peter Sherry, ar chlé, agus Seamus Hannon ó fhoireann Londain curtha in éadóchas tar éis gur shéid an réiteoir an fheadóg dheireanach i gcluiche ceathrú ceannais Chonnacht sa pheil. Bhain Liatroim 0-12 le 1-8. [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Iomaíocht ghéar : Tomás Corrigan, Fear Manach, faoi bhrú ag Daniel McCartan, An Dún. Bhain an Dún Cluiche Ceathrú Ceannais Uladh 2-10 le 1-8
[PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

Ó thuaidh, beidh péire de ríthe na peile le tamall ag féachaint ar a chéile nuair a rachaidh Tír Eoghan agus Ard Mhaca chun páirce i cluiche ceathrú ceannais agus nílim amaideach go leor chun tuar a dhéanamh ar an gceann sin.

Lean cluichí iomána Laighean ar aghaidh an deireadh seachtaine seo caite agus chríochnaíodar go léir mar a cheapamar.

Cad é mar léasadh a thug Baile Átha Cliath do Laois bocht sa Tulach Mhór.

Táim ag rá le bliain anois go bhfuil Baile Átha Cliath chomh maith le haon fhoireann sa tír, Cill Chainnigh san áireamh, má bhíonn fáil ag Anthony Daly ar na himreoirí is fearr sa chontae.

Bhí siad faoi an-bhrú sna cluichí sraithe mar go raibh an méid sin imreoirí gortaithe.

Is cosúil anois go bhfuil an chuid is mó de na himreoirí sin ar ais ag imirt agus bhí a rian sin ar thaispeántas na deireadh seachtain.

Táim ag súil go mór leis an gcéad chluiche eile a bheidh acu agus iad ag dul suas in aghaidh na gCat.

Sa chluiche eile ar an Satharn bhí cúrsaí i bhfad níos cothroime idir Loch Garman agus Uíbh Fhailí. Cé gur thosaigh na Carmanaigh amach go láidir, níor chuireadar a dhóthain pointí ar chlár na scór agus le ceathrú uair fágtha bhíodar naoi gcúilín chun deiridh.

Ach ní raibh deireadh leo mar chríochnaíodar mar a thosaíodar agus laghdaigh siad an bearna go dtí dhá chúilín ag an deireadh.

Bhí an lámh in uachtar ag Gaillimh ar an Iarmhí sa cluiche eile ach ghéill siad an iomad scór, rud a chuirfidh fearg ar Anthony Cunningham.

Deineadh cluichí cáilithe na hiomána a shocrú i bPáirc an Chrócaigh ar an Domhnach agus buíochas le Dia ach bhfuil Luimneach ar an taobh céanna le Loch Garman mar ceapaim go mbeadh sé deacair go leor iad a bhualadh.

Beidh ar Laois a theacht chugainn agus leis an gcluiche sin tosnóidh an craobhchomórtas i gceart mar ní bheidh aon líontán sábhála ann a thuilleadh.

Tá an séasúr críochnaithe ag an bhfoireann a chaillfidh.

Beidh an Iarmhí agus Loch Garman ag imirt a chéile an lá céanna. D'fhéadfadh an ceann seo bheith an-suimiúil mar tá an Iarmhí ag taispeáint go bhfuil mianach iontu i ndiaidh dóibh Aontraim a bhualadh agus 4-12 a scóráil i gcoinne na Gaillimhe an Domhnach seo caite.

Ag aithris ar na laochra

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le **Brian Sheehan**, Ciarraí

IS minic a deirtear go spreagann laoch, laochra eile.

Má caitear súil ar pháirceanna Chathair Saidhbhín i gCo. Chiarraí, sna ochtóidí bheadh Jack O'Shea ann ag déanamh cleachtaidh ar a chuid ciceanna.

San am sin bhí Muiris Mac Gearailt taobh thiar den chúl ag cur na liathróid ar ais chuige nuair a rachadh sé ar fóraoil nó thar an trasnán.

Sna nóchaidí ba é Mac Gearailt a ghlac ról O'Shea agus é ag cleachtadh agus ba é Bryan Sheehan a bhí ag cur na liathróide ar ais chuige siúd.

"Muiris Mac Gearailt a chur an suim ionam i saorchiceanna a thógáil. D'fhéach mé air ag fás aníos agus fé mar a chiceáil sé an liathróid. Rinne mé iarracht aithris a dhéanamh air sa gairdín sa bhaile agus rinne mé dul chun cinn mar sin," a dúirt Sheehan an tseachtain seo caite.

Bhuaigh Jack O'Shea seacht gcraobh na hÉireann.

Bhuaigh Maurice Fitz dhá craobh le linn a réimis agus cheana féin tá ceithre craobh na hÉireann buaite ag Sheehan. Agus é ag labhairt an tseachtain seo caite, dúirt Sheehan go raibh an t-ádh air, gortuithe a sheachaint agus go raibh sé ag iarraidh léiriú nár de thaisme a bhí na taispeántais a thug sé isteach anuraidh. Ach bíonn an saol crua.

Bhuail Sheehan le dochtúir go gairid ina dhiaidh sin agus deirtear nach mbeidh sé ar fáil go ceann sé seachtainí de thoradh gortú glúine a bhí aige ach a tháinig chun cinn ag deireadh chluiche ceathrú ceannais na Mumhan i gcoinne Thiobraid Árann. Beidh sé in easnamh ón gcluiche leathcheannais i gcoinne Corcaigh an deireadh seachtaine seo, ach tá a fhios aige go mbeidh ar Chiarraí feabhsú ar an mbua a bhí acu i nDurlas.

"Má imrímid mar a d'imir muid i gcoinne Thiobraid Árann, gheobhaidh Corcaigh an bua orainn gan stró. Cluiche teann a bheidh ann. Is é is mó de chluiche gearr a imríonn tú, is é is mó a bhaintear astu.

"Níor thug muid taispeántais maith ag tús na craoibhe le tamall, ach bhíomar sé seachtainí gan aon chluiche."

Bryan Sheehan, Ciarraí [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Ní raibh Ciarraí go maith i gcoinne Thiobraid Árann sa chéad babhta, ach bíonn gach tosach lag sa chraobhchomórtas. Cé go bhfuil Sheehan in easnamh ó lár páirce, is féidir le Seamus Scanlon a theacht isteach chun áit Sheehan a thógáil, taobh le Anthony Maher, ach creideann Sheehan gurb iad na rudaí bunúsacha a bhí in easnamh ó thaispeántas Chiarraí i gcoinne Thiobraid Árann.

"Ó thaobh seilbh na liathróide a choimeád agus cinntí a dhéanamh ní raibh muid maith go leor, ach táimid san áit is maith linn a bheith faoi láthair. Bhíomar ag traenáil go fíorchrua, bhí easpa aclaíocht imeartha againn ach tá súil againn go mbeidh sé sin go breá don tseachtain seo."

Cé go mbeidh Sheehan ag suí sna seastáin, beidh Marc Ó Sé agus Kieran Donaghy in iomaíocht chun áit tosaigh a fháil, agus léiríonn sé sin an dul chun cinn atá déanta ag Jack Ó Conchúir i dtaobh foireann a thógáil i mbliana.

"Déanann an iomaíochas san fhoireann muid a bhrú ar aghaidh. Mura n-éiríonn leat le linn traenála beidh imreoirí eile ag féachaint thar do ghualainn agus beidh siad in ann d'áit a thógáil láithreach.

"Táimid tar éis imreoirí maithe a aimsiú le linn na sraithe i mbliana. Tá na himreoirí óga iontach; Peter Crowley, Brian Maguire, Paddy Curtin sa chúinne. Mura bhfuil imreoir ag dul go maith is féidir linn imreoir a thabhairt isteach ón mbinse chun imirt ag an caighdeáin céanna."

Beidh Jack Ó Conchúir ag tnúth le filleadh Sheehan. Má chailleann Ciarraí sa leathchraobh beidh an cúldoras ann chun deis a thabhairt dóibh leanúnachas a bhaint amach sa craobh, ach dar le Sheehan tá an iomarca ama idir cluichí sa chraobh.

"Tá an méid ama is gá duit fanacht do cluiche le linn an chraobhchomórtais áiféiseach. Is tamaill fada é sé seachtainí tar éis na sraithe, chun fanacht ar chluiche. Bíonn 12 sheisiún traenála ann do gach cluiche a imríonn tú sa chraobhchomórtas. Tá sé sin áiféiseach.

"Bhainfeadh muid tairbhe níos fearr as struchtúr ina mbeadh muid ag imirt gach trí seachtainí ar a laghad.

D'fhéadfadh muid athshlánú, traenáil crua a dhéanamh ar feadh seachtaine agus tógáil a dhéanamh air sin sa tríú seachtain roimh an gcluiche.

"Táimid ag tosú amach i mí Eanáir agus ag dul ar aghaidh go dtí mí Meán Fómhair. Tá sé fíor fíor fhada. Dá mba rud é go ndéanfaí an craobhchomórtas a giorrú agus imirt níos leanúnaí a bheith ann, bheadh cúrsaí níos fearr. Chuideodh sé le himreoirí atá ag iarraidh dul thar sáile agus chuideodh sé le himreoirí gan iad féin a scriosadh agus iad ag traenáil de shíor."

Faoi láthair, áfach, caithfidh Sheehan am a ghlacadh chun a theacht chuige féin arís.

Níl na himreoirí óige chun tionchar láithreach a bheith acu ar an bhfoireann i mbliana. Tá foireann á tógáil ag Ó Conchúir, agus cé go mbíonn ionchais i gcónaí ann i gCiarraí, Corn Mhic Uidhir a bhuachan, gan Sheehan, beidh sé fíor deacair orthu.

Beidh an lá le Corcaigh, agus beidh ar Chiarraí a mbealach a dhéanamh trí éiginnteacht an chúldorais.

Comórtas Peile na Gaeltachta 2012 bainte ag Gaoth Dobhair, faoi dhó!

Katie McGreal

D'EAGRAIGH Cumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair Comórtas Peile na Gaeltachta 2012 an deireadh seachtaine seo caite agus d'éirigh go hiontach leo ar an bpáirc agus as an bpáirc.

Bhí an bua ag foireann sinsir na bhfear as Gaoth Dobhair sa chluiche ceannais in aghaidh Chill tSéine ó Mhaigh Eo. Sa chluiche leathcheannais, bhí an bua acu ar fhoireann an Daingin ó Chiarraí.

Sa chatagóir sóisear na bhfear, bhí an bua ag foireann Naomh Mhuire ó Thír Chonaill.. Bhuaigh siad an cluiche ceannais i gcoinne an Tearmainn ó Thír Chonaill.

Bhuaigh foireann na mban ó Gaoth Dobhair sa chatagóir sóisir. D'éirigh leo i gcoinne 'Na Gaeil Óga' sa chluiche cheannais.

"Bhí mé an-sásta leis na mná," a dúirt Ciarán Ó Feinneadha, bainisteoir 'Na Gaeil Óga'. "Seo a gcéad bhliain ag imirt."

Bhuaigh foireann an Tearmainn ó Thír Chonaill sa chatagóir sinsir de mhná.

Bhí 19 gcluiche peile ar siúl le linn an deireadh seachtaine ar fad.

"Bhí na mílte daoine anseo," a deir Tomaí Ó Conghaile, eagarthóir na hirise Nós a bhí i láthair ag an deireadh seachtain, "Bhí an Cabaret ar an Satharn iontach maith!"

Bhuaigh Rachel Ní Fhearraigh an comórtas 'Cailín Gaelach 2012'. Rinne sí ionadaíocht do CLG Ghaoth Dobhair.

Cogadh Fíochmhar idir na Comharsana

Labhraíonn **Gráinne McElwain** le **Charlie Vernon**, Ard Mhacha

"BRISEANN an dúchas trí shúile an chait," a deirtear agus bí cinnte go bhfeicfear neart paisin agus drámaíochta sa dearbaí áitiúil ag na Morgan Athletic Grounds in Ard Mhacha nuair a chasfaidh na comharsana béal dorais, Tír Eoghain agus Ard Mhacha, ar a chéile i gcluiche ceathrú ceannais Peile Uladh.

Is iad Tír Eoghain agus Ard Mhacha na cairde is fearr agus in amanna na namhaid is measa atá ag a chéile agus ní bheidh easpa ocrais le feiceáil ar cheachtar den dá fhoireann Dé Domhnaigh.

"D'imir muid leo agus in éadán a chéile agus muid ag dul ag an scoil, comórtais clubanna, coláiste agus contae faoi aois aníos agus mar gheall air sin tá sé féaráilte a rá go bhfuil an-aithne ag na foirne ar a chéile," a deir Charlie Vernon, duine de na phríomhimreoirí Ard Mhacha.

"Bíonn Tír Eoghain an-chomporach ar an liathróid agus ábalta scóir a aimsiú ar a dtoil. Is maith lena gcuid cosantóirí dul chun tosaigh ar an ionsaí agus scór a fháil agus bíonn sé doiligh dul i ngleic leo," a deir sé.

Chaill Ard Mhacha an stádas a bhí acu i roinn a haon sa tsraith i mbliana cé gur thosaigh an séasúr go maith dóibh.

Chríochnaigh siad ar chomhscór in aghaidh Chorcaigh agus bhí an bua acu in aghaidh Chiarraí ach chuaigh rudaí in olcas ina dhiaidh sin le cailliúintí in aghaidh Mhaigh Eo, ceacht peile ó Bhaile Átha Cliath i bPáirc an Chrócaigh agus níor éirigh leo ach cluiche amháin sna trí bhabhta deireanach a bhaint agus b'shin in aghaidh an Dúin.

"Tá sé deacair a rá cad a chuaigh mícheart dúinn. Thosaigh muid go maith agus bhí muid ag bogadh go maith ag tús na sraithe ach chaill muid cluichí tábhachtachta i lár na sraithe.

Ní raibh painéal iomlán againn leis na leaids ó Chrois Mhic Lionnáin imithe agus d'imigh na himreoirí faoi-21 do roinnt cluichí chomh maith mar gheall ar fheachtas Uladh faoi-21 agus bhí roinnt gortuithe ag cur as dúinn fosta.

Ní chuidíonn sé sin le foireann agus i gcontae cosúil le hArd Mhacha tá gach uile imreoir de dhíth."



Charlie Vernon, Ard Mhacha. [PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

"In aghaidh Bhaile Átha Cliath ní raibh muid riamh cóngarach dóibh ach in aghaidh Laoise, bhí ceithre seans ar chúl againn nár thóg muid agus mar an gcéanna in aghaidh Dhún na nGall. Bhí go leor deiseanna againn ar chúil ach níor thapaigh muid iad. Caithfidh muid feabhsú air sin"

Chas Ard Mhacha agus Tír Eoghain ar a chéile sna babhtaí cáilithe anuraidh agus chaill Ard Mhacha 0-13 le 2-13. "D'imir muid thar barr sa chéad leath ach i dtreo dheireadh an chéad leatha rinne muid cúpla meancóg agus d'aimsigh Tír Eoghain 1-3.

Chuaigh muid isteach sa seomra feistis diomúch gur ghéill muid na scóir sin, go háirithe mar gurbh é Joe Mc Mahon sa líne lánchúl a fuair an cúl. Sin rud amháin a chaithfidh muid a bheith cúramach faoi ar an Domhnach mar is breá leis na cosantóirí dul ar an ionsaí."

"Sa traenáil tá muid tar éis béime a chur ar ár gcluiche féin agus tá muid i bhfad níos aclaí ná mar a bhí. Tá na leaids ó Chrois Mhic Lionnáin ar ais anois agus tá i bhfad níos mó iomaíochta fá choinne áit ar an fhoireann dá bharr.

Ó thaobh na traenála de, tá muid ag cleachtadh go leor imreoirí a chur taobh thiar den liathróid mar sin é an nós atá ag Tír Eoghain sna cluichí."

Mar sin, an mbeidh Ard Mhacha ag déanamh aithrise ar phlean Dhún na nGall anuraidh agus ag imirt cluiche cosanta cosúil leo? "Ní bheidh, ach má fhaigheann siad cúpla cúl tapaidh sa chluiche, b'fhéidir go gcaithfidh muid é sin a dhéanamh," a deir Charlie agus é ag gáire.

Ní bheidh Stevie McDonnell ná Paul Hearty leo i mbliana mar gur éirigh siad as le déanaí agus tuigeann Charlie gur buille mór iad siúd a bheith ar lár. Faoi láthair tá imní faoi ghlúin Charlie ach tá sé muiníneach go mbeidh sé ag imirt.

"Ní bheidh mórán idir na foirne agus déarfainn go mbeidh cluiche oscailte ann le go leor scóir. Tá súil agam go mbeidh siad uilig ag teacht ó Ard Mhacha".